ISSN 2009-3055

€1.65 (£1.50)
Uimh. 5

Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

www.gaelsceal.ie ● 30.01.2013

Údar gearáin nó caint na gaoithe móire?

L. 22

Tionchar na himirce - is ar éigean gur féidir le club sacair Gaeltachta foireann a chur ar an pháirc

L. 3

Gaelscéal ar Scoil

ISTIGH AN tSEACHTAIN SEO . . .

L. 28-35

Guth na Gaeltachta curtha ina thost

Tuairisc Eisiach le Colm Ó Broin

TUIGTEAR do Ghaelscéal go bhfuil imní i measc eagraíochtaí pobail i nGaeltacht Dhún na nGall labhairt amach in éadan polasaithe an rialtais.

De réir eolais atá faighte ag an nuachtán seo, tá drogall ar dhaoine atá fostaithe ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, nó atá ag obair le heagraíochtaí a fhaigheann maoiniú uathu, cáineadh poiblí a dhéanamh ar an Roinn.

Baineann cuid mhaith den imní seo leis an méid atá tarlaithe don ghníomhaí de chuid Ghuth na Gaeltachta, Dónall Ó Cnáimhsí.

Rinne cáineadh ar an Roinn i mí Iúil seo caite nuair a nochtaíodh go raibh litir seolta acu chuig an ngarraíodóir a oibríonn i bPáirc Náisiúnta Ghleann Bheatha.

Is iad an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta fostóirí an Uasail Uí Chnáimhsí agus mhaígh an litir, a scríobhadh i mBéarla, go raibh ráitis phoiblí a rinne sé faoin mBille Gaeltachta ag sárú Cód Caighdeáin agus Iompraíochta na Státseirbhíse.

Cháin Guth na Gaeltachta an litir go láidir i leith 'cinsireacht' a dhéanamh ar an ngníomhaí ach tuigtear do Ghaelscéal go bhfuil drogall ar an eagraíocht é féin ráiteas poiblí a dhéanamh in éadan pholasaithe na Roinne anois.

Ar lean ar leathanach 2

Comhbhrón ó chroí

Neil Murphy ó Bhaile Átha Cliath ag síniú Leabhar Chomhbhróin don Bhleachtaire Adrian Donohoe, i dTeach an Ardmhéara sa phríomhchathair inné. GRIANGHRAF: WANDERLEY MASSAFELLI / PHOTOCALL IRELAND.

Leathanaigh nua don bhunscoil i nGaelscéal na seachtaine seo!

TÁTHAR ag cur tús an tseachtain seo in eagrán 30 Eanáir de Ghaelscéal le dhá leathanach d'ábhar do bhunscoileanna.

Gach seachtain cuirfear rang samplach ar fáil do mhúinteoirí bunscoile, bunaithe ar théama amháin agus ar rang-ghrúpa ar leith ón gcuraclam, le triail i scoileanna.

Cuirfear áiseanna agus naisc theicneolaíochta agus thraidisiúnta ar fáil le gach ceacht freisin, ar mhaithe le múineadh na Gaeilge mar ghnáth-theanga bheo chumarsáide, ag úsáid an chur chuige cumarsáideach (úsáid nádúrtha na Gaeilge). Ní hé sin amháin, ach déanfar plé ar aidhmeanna, spriocanna agus ar fhís an churaclaim bhunscoile le cabhrú le múinteoirí, sa seomra ranga, sa scoil agus sa timpeallacht i gcoitinne, ó am go chéile.

Deir an Dr Daithí Ó Murchú atá ag cruthú an ábhair, "seo daoibh, an tseachtain seo, rang samplach, do naíonáin go háirithe, bunaithe ar an téama, Éadaí. Ba bhreá linn, i nGaelscéal, aiseolas a fháil uaibh agus moltaí chomh maith, ar mhaithe le múineadh na Gaeilge sa bhunscoil. Ní soiscéal a bheidh á chur ar fáil agam daoibh gach seachtain, ach ceacht suimiúil atá molta ag daltaí dom le cur ós bhur gcomhair."

Glac síntiús do scoilbhliain 2012/2013 agus bí sa mála mór chun IPAD a bhuachan. Tá síntiúis ar fáil do scoileanna ar phraghas speisialta.

Chun síntiús a ghlacadh is féidir foirm shíntiúis a íoslódáil ag www.gaelsceal.ie

nó is féidir teagmháil a dhéanamh linn ag bunscoil@gaelsceal.ie nó ag 091-897766.

Maura Thornton ciontach as dúnorgain

Ciontaíodh Maura Thornton as Conamara i ndúnorgain a hiarpháirtí, pionós le gearradh i mí Márta.

Méabh Ní Thuathaláin

FUARTHAS Maura Thornton (31), as Conamara, ciontach i ndúnorgain Kevin Joyce (59), de bharr gur sháigh sí agus gur mharaigh sí é in arasán ar Bhóthar na Trá Uachtair i nGaillimh ar an 31 Iúil, 2011.

Tháinig an giúiré de thriúr ban agus naonúr fear ar an fhíorasc, tar éis trí huaire agus ocht nóiméad ar an Luan, go raibh an bhean neamhchiontach i ndúnmharú ach ciontach i ndúnorgain Joyce, i dtriail a mhair sé lá sa bPríomh-Chúirt Choiriúil i nGaillimh.

D'admhaigh Maura Thornton gur ionsaigh sí Kevin Joyce i gcuthach feirge mar gheall gur tháinig Joyce chomh fada leis an arasán ina raibh sí an oíche Dhomhnaigh úd, tar éis dó an lá uilig a chaitheamh ag glaoch uirthi ar an bhfón.

Bhuail an bheirt le chéile mar mhic léinn aibí in Ollscoil na Gaillimhe agus dúirt Maura go raibh caidreamh collaí acu a mhair timpeall trí seachtainí ach ansin go ndearna Joyce stalcaireacht uirthi nuair a chur sí deireadh leis an gcaidreamh.

D'inis Maura don ghiúiré gur chaith sí an lá úd ag ól fuisce agus gur cheannaigh sí an dara buidéal fuisce i ndiaidh an chéad cheann a ól go luath sa lá.

Ar lean ar leathanach 4

NUACHT NÁISIÚNTA

Guth na Gaeltachta curtha ina thost

Ar lean ó leathanach a haon

Tuigtear do Ghaelscéal chomh maith gur thángthas ar shocrú idir an Uasal Ó Cnáimhsí agus an Roinn roimh an Nollaig.

Ní leanfaidh an Roinn ar aghaidh le gníomhuithe smachta ina éadan más obair i measc an phobail a bhíonn ar bun aige le Guth na Gaeltachta.

Níl an Roinn sásta go mbeadh sé ag déanamh cáineadh poiblí ar pholasaithe na Roinne, áfach.

Bunaíodh Guth na Gaeltachta in 2009 tar éis do thuairisc an 'Bhoird Snip Nua' moltaí a dhéanamh go gcuirfí deireadh le cuid mhór tacaíochtaí don Ghaeltacht.

Tá stocaireacht ar bun aige ó shin i leith, i gcomhar le Conradh na Gaeilge go minic. Is é an Lá Eolais do bhaill an Oireachtais in Óstán Buswells i mí na Samhna seo caite an t-imeacht deireanach a d'eagraigh an dá eagraíocht le chéile.

Labhair Guth na Gaeltachta le Gaelscéal i mí Dheireadh Fómhair seo caite maidir leis an moill ar bhí ar cheapadh Bhord Údarás na Gaeltachta.

Is é an 20ú lá d'Iúil anuraidh an uair dheireanach a chuir an eagraíocht ráiteas scríofa ar an suíomh idirlín www.guthnag.com.

Léirigh an ráiteas a dtacaíocht do chinneadh an fhreasúra an Dáil a fhágáil mar agóid faoin méid ama díospóireachta a tugadh don Bhille Gaeltachta.

Ní raibh aon ráiteas curtha ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta chuig Gaelscéal agus an nuachtán ag dul i gcló.

Laoch peile Bhaile Átha Cliath, Kevin Heffernan, a cuireadh i gCill Fhionntain inné.

GRIANGHRAF: RAY MCMANUS / SPORTSFILE.

Agóidí i gcoinne a bheith ag íoc na Sealbhóirí Bannaí ag leanúint ar aghaidh Cois Laoi

Concubhar Ó Liatháin

THUG pobal beag tuaithe príomhbhóthar i dtuaisceart Chorcaí orthu féin don cheadú uair an Domhnach beag seo le hagóid a dhéanamh i gcoinne chinneadh an Rialtais gach cent d'fiacha lofa an Bhainc Angla-Éireannaigh a íoc leis na sealbhóirí banna.

Bhí údar ceiliúrtha eile ag lucht an bhóthair - mar go raibh RTÉ ann den chéad uair chun tuairisciú a dhéanamh ar an agóid aonarach ar leith seo.

De réir Cath Queally, urlabhraí de chuid an lucht agóide, tá sé de rún ag lucht na hagóide a n-achainí a thabhairt chomh fada leis an mBruiséil gan rómhoill.

"Teastaíonn uainn ár dteachtaireacht a thabhairt go croí an Aontais Eorpaigh agus tá na socruithe á ndéanamh chuige seo anois.

"Tá sé i gceist againn dul ann le linn mhí an Mhárta."

Thug an ghrúpa aghaidh ar Frankfurt anuraidh agus cé go bhfuair siad éisteacht mhaith ó ghnáthGhearmánaigh, cuireadh ó dhoras Bhanc Ceannais na hEorpa a gceannaire, Diarmaid Flynn, fiú go raibh sé creidiúnaithe mar iriseoir chun freastal ar phreasócáid san fhoirgneamh.

"B'é sin an chéad uair do ghnáthGhearmánaigh an fhirinne a chloisint," dúirt an Cath Queally.

"Chreid siad go raibh muintir na tíre tar éis dul thar fóir agus go raibh drogall orainn íoc as sin agus chuir sé alltacht orthu nuair a thuig siad go raibh pobal na hÉireann ag íoc fiacha na mbanc."

Dar le Diarmaid Ó Cadhla ón gComhdháil Phobail, a fhreastal ar an agóid ag an deireadh seachtaine, is beag brí atá le sprioc an Aire Airgeadais, Michael Noonan, síneadh a chur leis an tréimhse chun na fiacha a íoc.

"Creidimid gur cluiche atá ar bun idir an ECB agus an Rialtas agus, níos giorra den am, nuair a bheidh an €3.1bn le híoc ar an 31 Márta, go mbeidh fógra éigean a thabharfaidh faoiseamh beag don Rialtas," dúirt an tUasal Ó Cadhla. "Ligfidh sé seo don Rialtas a rá go bhféadfadh an scéal a bheith níos measa."

"Anuas air sin, ní chreidimid gur cheart cent eile a dhíol leis na sealbhóirí bannaí agus, go deimhin, ba cheart an méid atá íoctha acu go dtí seo a aisíoc le muintir na hÉireann," a dúirt sé.

Scéala Báis

Éamon de Buitléar: 1930-2013



Eamonn de Buitléar, nach maireann

AR maidin Dé Luain seo caite a d'imigh an craoltóir, an scríbhneoir agus an t-iarsheanadóir, Éamon de Buitléar ar shlí na fírinne. Trí bliain agus ceithre scór d'aois a bhí sé, agus fuair sé bás sa bhaile i nDeilgne i gContae Chill Mhantáin.

Rugadh Éamon i mbeairic sa Rinn Mhór i gContae na Gaillimhe in 1930, agus is ann a tógadh é go dtí go raibh sé trí bliana d'aois, nuair a d'aistrigh a theaghlach go Cill Mhantáin. Bhí go leor clú agus cáil ar De Buitléar toisc a chlár teilifíse, 'Amuigh Faoin Spéir,' a craoladh ar RTÉ na blianta siar, ach thosaigh sé ag obair sna meáin nuair a d'iarr Fachtna Ó hAnnracháin ó Raidió Éireann air chun clár faisnéise a chur le chéile don stáisiún. Is as sin a tháinig an tsraith raidió do pháistí, 'Lúidín Mac Lú' chun solais, sular tugadh athbheochan dó i bhfoirm teilifíse.

Níorbh iad na meáin amháin a raibh Éamon páirteach leo, áfach, agus suim mhór aige sa cheol traidisiúnta chomh maith. Dlúthchara le Seán Ó Riada a bhí ann, agus ba bhall de Cheoltóirí Chualainn é sula ndeachaigh sé ar aghaidh le Ceoltóirí Laighean a bhunú. In 1987 d'iarr Charles Haughey ar Éamon le bheith ina sheanadóir, cé nach raibh aon taithí ag an mBuitléarach ar an bpolaitíocht roimhe sin. Cé gur ghlac sé le hiarratas an Taoisigh Haughey ar deireadh, ba chuimhin leis vótáil in aghaidh an Rialtais sa Seanad má bhí vóta an fhreasúra "ciallmhar" agus ar son na timpeallachta. Bhí sé ina bhall den Phríomh-Bhord Iascaigh agus den Chomhairle Oidhreachta chomh maith.

Bhí guth Éamoin le cloisteáil ar aerthonnta na tíre le déanaí, nuair a cuireadh faoi agallamh é don gclár 'Arts Tonight' ar RTÉ Raidió 1, agus é ag caint faoin mbailiúchán fuaime a bhí sé a thabhairt d'Ollscoil na hÉireann i nGaillimh. "Nuair a chinn sé ar a chartlann shaibhir ilmheáin dátheangach a bhronnadh ar an Ollscoil," arsa uachtarán na hOllscoile, an Dr. Jim Browne, "chinntigh sé lena linn sin go mbeadh a shaothar saoil... i dtaisce go sábháilte agus ar fáil feasta don náisiún agus don lucht léinn. Tá bród orainn gur leag sé an cúram sin orainn."

"Beidh cuimhní maithe ag muintir na hÉireann ar an mBuitléarach," arsa an tUachtarán Michael D. Higgins, "mar fhear cumarsáide; dá phearsantacht breá agus dá chuid fuinnimh agus eolais, a bhí ina inspioráid dúinn uilig." Maireann a bhean chéile Lailli, a chlann Cian, Éanna, Róisín agus Doireann agus a gharpháistí.

Gaelscéal

Le cabhair ó: Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

Oifig an Spidéil: 00353-91-897766

Ciarán Dunbar, *Eagarthóir*, ciaran.dunbar@gaelsceal.ie

Colm Ó Broin, *Iriseoir*, colm.obroin@gaelsceal.ie

Méabh Ní Thuathaláin, *Iriseoir*, meabh.nithuathalain@gaelsceal.ie

Caroline Ní Chualáin, *Oideachais*, scoil@gaelsceal.ie

Gráinne McElwain, *Spóirt*, grainne.mcelwain@gaelsceal.ie

Patricia Ní Chonghaile, *Comhordaitheoir Táirgíochta*, patricia.nichonghaile@gaelsceal.ie

Tionchar na himirce - is ar éigean gur féidir le club sacair Gaeltachta foireann a chur ar an pháirc

Tuairisc speisialta le Danny Brown i dTír Chonaill

Scuád Cheiltigh Ghaoth Dobhair a bhain Sraith agus Corn Dhún na nGall sa bhliain 2011. Tá naonúr as an scuad seo thar sáile anois agus deacrachtaí ag an chlub foireann sinsir a chur ar an pháirc.

IS iomaí óráid ag polaiteoirí na tíre seo agus is iomaí alt scríofa ag iriseoirí faoin imirce agus faoi na himpleachtaí atá ag an imirce ar phobail, ach níl sampla níos fearr ann, dar liom, ná foireann sacair i nGaoth Dobhair.

Tá stair iontach ag Ceiltigh Ghaoth Dobhair ó bunaíodh an cumann sa cheantar ag deireadh na 19ú haoise. Leoga, sa tréimhse idir 1912 agus 1918, níor chaill siad ach cluiche amháin.

San 30í, 40í agus 50í, bhí am crua ag an fhoireann de thairbhe gur bunaíodh Cumann Lúthchleas Gael sa pharóiste, ach tháinig siad ar ais.

D'éirigh go maith leo sna 70í agus , ansin, le tamall anuas, bhí siad ar an fhoireann ab fhearr i Sraith Dhún na nGall.

Bhain siad an tSraith in 2011 agus bhain siad Corn Brian McCormack trí bliana i ndiaidh a chéile, idir 2010 agus 2012.

I ndiaidh dóibh an corn a bhaint anuraidh, bhunaigh siad Acadamh Óige ag páirc s'acu ar an Screabán agus, mar gheall air sin, bhronn an FAI gradam Chlub na Míosa orthu. Beidh toscaireacht ón FAI i láthair ag an Screabán anocht (Dé Céadaoin) leis an ngradam sin a thabhairt do na Ceiltigh.

Tá plean cúig bliana déanta amach ag coiste na gCeilteach le forbairt a dhéanamh ar imreoirí óga agus tá nasc déanta acu le foireann Valencia sa Spáinn.

Dar leat go bhfuil ag éirí go geal leo.

Anuraidh, dá mbeadh duine ar bith le geall a chur ar Cheiltigh Ghaoth Dobhair a bheith san iomaíocht don tSraith nó don Chorn arís i mbliana, ní bhfaigheadh sé corrlach maith ar an gheall sin.

Ach anois, is ar éigean gur féidir le Ceiltigh Ghaoth Dobhair foireann sinsir a chur amach ar an pháirc agus tá baol ann go gcaillfidh siad a n-áit sa Chéad Roinn den tSraith.

Ó bhain siad an Corn anuraidh tá naonúr den scuad láidir a bhí acu imithe ag obair thar sáile, go Ceanada, go Dubai, go Meiriceá, go hAlbain agus go dtí an Astráil.

Mar shampla den dochar a rinne sé sin don fhoireann, chaill siad cluiche an tseachtain seo a chuaigh thart in éadan Chill Mhic Réanáin leis an scór 4-0. Ní tharlódh sé sin anuraidh.

Dúirt Aodh Mac Pháidín, urlabhraí don chlub, go raibh deacrachtaí móra rompu agus go raibh sé deacair a fheiceáil cá háit a bhfaigheadh siad imreoirí ar an chaighdeán céanna leis na himreoirí a d'fhág an tír le gairid.

Dúirt Liam "Willie Beag" Mac Giolla Bhríde gur cailleadh go leor jabanna sa cheantar agus go bhfuil sé sin ag cur le cúrsaí imirce sa pharóiste.

"Bhí an t-am ann agus bhí go leor monarchana ar obair ar an Screabán anseo ach tá an chuid is mó acu druidte anois. Bhíodh iascaireacht agus móin ag na daoine fosta ach tá deireadh a bheag nó a mhór leis sin fosta. Caidé eile atá ag fir óga sa pharóiste seo ach imeacht ar lorg oibre?," a dúirt Liam, atá ina thraenálaí san Acadamh Óige agus ina imreoir ar an fhoireann sinsir, cé go bhfuil sé gortaithe faoi láthair.

Níl rudaí chomh dona ag CLG Ghaoth Dobhair, ach tuigtear go bhfuil fadhbanna ag club an Chlocháin Léith foireann a chur chun páirce in amanna.

Ar ndóigh, ní i gcúrsaí spóirt amháin a bhíonn impleachtaí ag an imirce i measc an phobail. Ar fud na tíre, tá cuid mhaith den ghlún óg ag imeacht thar sáile ar lorg oibre, ag fágáil pobail bheaga tuaithe bánaithe.

Déanann sé seo dochar mór do shaol an phobail agus, i measc na gciorruithe agus na gcánacha úra atá á dtabhairt isteach ag an rialtas, tá an saol ag athrú do chuid mhaith daoine.

Tá sin fíor fosta i gceantar beag Gaeltachta mar Ghaoth Dobhair, atá ag brath ar dhaoine óga fanacht sa cheantar agus a gcuid páistí a thógáil le Gaeilge.

De réir Liam Mhic Giolla Bhríde, níl dabht ar bith ann go mbeidh tionchar mór ar imirce na bhfear óg as an cheantar ar shláine na Gaeilge i nGaoth Dobhair.

"Tá Gaeilge ag formhór na n-imreoirí a d'fhág i mbliana," a dúirt sé le Gaelscéal, "agus bheifeá ag súil go dtógfadh siad a gcuid páistí le Gaeilge dá mbeadh an rogha acu fanacht sa Ghaeltacht ach tá an chuma ar an scéal anois gur baineadh an rogha sin díobh."

De réir Éamoinn Mhic Niallais, gníomhaí pobail agus teanga i nGaoth Dobhair, tá an scéal seo nasctha leis na ciorruithe uilig atá déanta ag an rialtas le blianta beaga anuas, go háirithe na ciorruithe atá déanta ar Údarás na Gaeltachta.

Dúirt sé go raibh sé tábhachtach don Údarás poist a chruthú agus go gcuirfí an maoiniú ar fáil dóibh leis sin a bhaint amach.

Bhí ábhar bhuartha amháin air fosta, faoi chúrsaí imirce, agus sin go bhfuil teaghlaigh óga, chomh maith le daoine óga single, ag fágáil na Gaeltachta anois le dul a obair thar sáile.

Dúirt Éamonn go raibh sin le feiceáil le bliain anuas agus go raibh imní air gurb é seo an buille is mó a tharla don Ghaeltacht go dtí seo.

Stair Ghael Linn le foilsiú - 60 bliain théis a bhunaithe

Máirtín Ó Catháin

FOILSEOFAR stair na heagraíochta Gael Linn níos deireannaí i mbliana. Seasca bliain go ham seo - in 1953 - a bunaíodh Gael Linn agus tá an leabhar á réiteach in ómós d'ócáid cheiliúrtha na heagraíochta.

Is í an t-iriseoir Mairéad Ní Chinnéide atá i mbun an tsaothair seo ar iarratas ó Ghael Linn féin.

Thagair Antoine Ó Coileáin, Príomhfheidhmeannach Ghael Linn, don leabhar staire seo agus don cheiliúradh a dhéanfar ar na trí scóir blianta atá caite nuair a labhair sé ag ócáid i gCarna i gConamara san oíche Dé Sathairn.

Bhí an tUasal Ó Coileáin i gCarna ag seoladh dlúthdhiosca d'amhráin Johnny Mháirtín Larry agus do cheol an bhoscadóra, Máirtín Ó Cualáin, nach maireann. Cuireadh na hamhráin agus an ceol seo ar fhadcheirnín i dtosach in 1986; shocraigh Gael Linn go gcuirfí amach anois é ar an gcóras nua-aoiseach.

Tá clú i bhfad agus i ngearr ar Johnny Mháirtín Larry as Leitir Ard mar fhonadóir sean-nóis agus bhuaigh sé Corn Uí Riada ag an Oireachtas i lár na 1980í.

Ba bhoscadóir den scoth é Máirtín Ó Cualáin as Carna agus bhain sé le teaghlach a raibh cáil an cheoil orthu. Bhásaigh Máirtín go hóg in 2002. Máirtín Tom Sheáinín a sheol an dlúthdhiosca san oíche Dé Sathairn.

Labhair Antoine Ó Coileáin faoin gceangal a bhí ag Gael Linn le ceantar Iorras Aintheach ó bunaíodh an eagraíocht trí scóir bliain ó shin.

Thagair sé do scéimeanna bád, scéimeanna coiníní, an ceangal - conspóideach scaití - a bhí ag Gael Linn leis na cuanta sa gceantar (chríochnaigh sin in 2007), foilsiú ceirníní agus teipeanna ceoil agus go leor eile.

Dúirt an Coileánach go raibh píosa suntasach den leabhar dírithe ar an obair a rinne Gael Linn i gCarna agus i gCill Chiaráin agus go bhféadfaí leabhar as féin a bhunú ar an ábhar sin.

Thagair sé don saibhreas ceoil, amhráin agus cultúir sa gceantar agus dúirt go mba mhaith an taca é sin freisin d'obair Ghael Linn.

Folúntais

Foras na Gaeilge

Is mian le Foras na Gaeilge na ceapacháin seo a leanas a dhéanamh. Beidh na poist lonnaithe sa Cheannáras i mBaile Átha Cliath.

Oifigeach Cléireachais (Tag: OC/0113/)
Le saoire mháithreachais a chlúdach

Oifigeach Seirbhísí (Tag: OS/0113/)

Brúigh Folúntais ar shuíomh gréasáin Fhoras na Gaeilge www.gaeilge.ie le gach eolas faoi na poist seo a fháil.

Tá Foras na Gaeilge tiomanta don chomhionannas deise. Is de réir fiúntais amháin a mheasfar gach iarratas. Proficiency in the Irish language, both written and verbal, is an essential requirement for the above posts.

FOIRM IARRATAIS & DEASCÁN EOLAIS
T: (003531) (01) 639 8434 R: poist@forasnagaeilge.ie
Nó is féidir scríobh chuig an seoladh thíosluaite agus an uimhir thagartha chuí a lua.

SPRIOCDHÁTA: Ní mór cóip chrua shínithe d'fhoirmeacha iarratais a bheith faighte ag an seoladh thíosluaite roimh 1.00 p.m. Dé hAoine, 22 Feabhra, 2012.

Poist, Foras na Gaeilge,
7 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

Maura Thornton ciontach as dúnorgain

Ar lean ó leathanach a haon

Mhaigh Maura nach raibh sí ag iarraidh Joyce a mharú ach go raibh sí ag iarraidh 'a chorp a bhualadh' agus an ruaig a chur air chun fanacht amach uaithi.

Dúirt sí go raibh sí ag iarraidh 'buillí' a thabhairt dó agus nár thuig sí go raibh an scian ag dul isteach ina chorp mar gheall ar an gcóta agus ar an gculaith a bhí air.

Chuala an giúiré fianaise ó bheirt bleachtairí a dúirt gur thit Maura as a chéile roinnt uaireanta agus gur léirigh sí 'fíorbhrón' ag amanna éagsúla faoin méid a tharla.

Thug Breege Ridge Thornton fianaise ar an gcéad lá den triail faoin gcúlra a bhain le Maura Thornton. B'iníon í Maura le Pádraig Thornton (nach maireann), mac le Máirtín Thornton (nach maireann) an dornálaí iomráiteach as an Spidéal.

Maura Thornton (31) ag Teach Cúirte na Gaillimhe. GRIANGHRAIF: HANY MARZOUK.

Chaith Maura sé bliana mar pháiste ina cónaí i dteach soghluaiste ar an Spidéal sula bhfuair a hathair bás go tobann i dtimpiste bóthair.

Bhog siad ón Spidéal go Carna nuair a phós a máthair, Breege, Gerard Ridge, as Carna, Conamara.

Dúradh leis an ngiúiré gur chaith Gerard Ridge go dona le Maura agus lena beirt deartháireacha agus gur bualadh go minic iad le maide.

D'inis Breege Thornton gur chaith Maura tamaill san aonad síciatrach i mBéal Átha na Sluaighe i ndiaidh di a theacht ar a deartháir, Pádraig, tar éis dó lámh a chur ina bhás féin in 2006.

Maireann iníon amháin leis an Meiriceánach Kevin Joyce, a iarbhean chéile agus a dheirfiúr in Ohio, sna Stáit Aontaithe.

Rinne an breitheamh, Barry White, Maura Thornton a athchuir ar bhannaí go dtí an 11 Marta nuair a rachaidh sí os comhair na Príomh-Chúirte Coiriúla i mBaile Átha Claith tráth a ndaorfar pianbhreith uirthi.

Is olc an ghaoth nach séideann maith do dhuine éigin

Tá an PUP ag baint úsáide as conspóid an bhrataigh chun tús nua a chur le gníomhaíocht an pháirtí agus chun dul i dtreo nua, a scríobhann **Anton Mac Cába**

Ceannaire an PUP, Billy Hutchinson

TÁ na círéibeacha faoi cheist bhrat na Breataine ó Thuaidh ag tabhairt seans don Pháirtí Aontachtach Forásach (PUP) fás arís.

Beidh sé seo ar bhonn difriúil ná mar a bhí ag tús an PUP ag deireadh na 90í. D'fhógair an PUP gur páirtí den eite chlé a bhí ann ag an am sin.

Iarchimí ón UVF a bhunaigh an páirtí agus sheas siad do chomhoibriú trasphobail.

Bhí siad ar an chéad páirtí ó Thuaidh a dúirt gur cheart go mbeadh ginmhilleadh dleathach.

Mheall siad dornán de ghníomhaithe polaitiúla, fiú dornán Caitliceach.

Rinne siad dul chun cinn áirithe, ansin thit siad siar go mór agus chaill an PUP a dhá suíochán sa Tionól.

Anois níl mar ionadaithe tofa acu ach beirt comhairleoir ar Chomhairle Cathrach Bhéal Feirste.

Níor thug ach mionlach san UVF tacaíocht don pháirtí agus bhí go leoir den tacaíocht sin doicheallach. Tá na daoine sin in éadán an pháirtí anois.

Ag an tús, ghríosaigh an UVF go leor den trioblóid faoi na bratacha. Cúis súntasach leis sin ná go bhfuil Foireann Fiosrúcháin Stairiúil na bpóilíní ag fiosrú an UVF. Bhí an UVF ag tabhairt le fios do na póilíní go dtiocfadh leo raic a thógáil.

Gné eile atá tábhachtach don PUP gur léirigh an chonspóid go bhfuil pobal Protastúnach ansin atá scoite amach ón bpróiséas polaitiúil, an Guth Traidisiúnta Aontachtach, Jim Allister ina measc.

Ní dhéanann an DUP nó Páirtí Aontachtach Uladh freastal orthu sin. Ní chaitheann cuid mhór den phobal sin vóta.

Tá siad in éadán cuid mhór rudaí. D'ionsaigh dream acu carr Peter Robinson in oirthear Bhéal Feirste ar an Satharn. Seachas bratach na Breataine, ní fios cad dó a thugann siad tacaíocht.

Beart eile a thug deis don PUP ná gur dhúirt Jackie McDonald, ceannaire an UDA, gur cheart stop a chur le hagóidí.

Thug sin deis don PUP seasamh níos daingne a ghlacadh, agus lucht na n-agóidí a earcú. Tá siadsan ag brú an PUP i dtreo níos seictí.

Ar ndóigh, nuair a bhí Billy Hutchinson, ceannaire an PUP, ar Chomhairle Cathrach Bhéal Feirste, vótáil sé don moladh céanna a chothaigh an chonspóid nuair a ritheadh é.

Ar shuíomh idirlín an PUP, deir Hutchinson gur athraigh sé a sheasamh mar go bhfuil athrú ar Shinn Féin.

"Tá siad ag iarraidh an Breatanachas se'againne a ídiú," ar seisean.

Chaith sé an vóta sin sular thug Sinn Féin tacaíocht do na póilíní, agus gur chroith Martin McGuinness lámh leis an Bhanríon Eilís.

Plean na Gaeltachta báite i bpolasaí fuarlaigh

Máirtín Ó Catháin

FUARLAIGH, uisce agus taoillí arda ba mhó a tharraing caint nuair a rinneadh plé ar leasuithe ar Phlean na Gaeltachta 2009 go 2014 i gComhairle Contae na Gaillimhe ar an Luan na seachtaine seo.

Caithfear leasuithe a dhéanamh ar an bPlean sa gcaoi agus go gcuirfear na ceantair fuarlaigh nua san áirimh agus go laghdófar an méid spáis atá ar fáil do thithíocht.

Le sráidbhaile na Ceathrún Rua agus an Spidéil is mo a bhaineann an laghdú ar an spás tógála.

Oifig na nOibreacha Poiblí a leag amach na léarscáileanna a taispeáineann na ceantracha atá i mbaol de bharr fuarlaigh agus beidh baint mhór acu le ceadúnais phleanála as seo amach.

Zónáil mar cheantar fuarlaigh atá déanta taobh thoir den Spidéal - soir ón áit ina bhfuil na hAonaid Cheardaíochta ba mhó a tharraing caint i bPlean na Gaeltachta.

Rinneadh plé fhada ar aighneacht a chuir Breandán Ó Flatharta isteach faoin bpíosa talún seo agus é ag iarraidh go gcuirfí an branda fuarlaigh ar ceal. Rinne an Comhairleoir Seosamh Ó Laoi an cás gur cosaint ón bhfarraige é an príomhbhóthar ag dul soir ón Spidéal.

"Má ardaíonn na taoillí de bharr athrú aeráide caithfear an bóthar a ardú" a deir sé. "Mura ndéanfar sin, beidh an Spidéal féin ar charraig".

Bhí sé i gceist aige go mbeadh cosaint ann i gcónaí ón fharraige agus go raibh bealach amach faoi thóchair aríst ag an uisce dá dtarlódh sé go ngabhfadh tada ó thuaidh den bhóthar.

Thárla fuarlaigh mhóra san áit seo nuair a tháinig drochthráthnóna in 1995, ach mhínigh an Comhairleoir Ó Laoi go raibh go leor obair chosanta déanta ó shin. Sa deireadh, glacadh leis go gcuirfí zónáil thógála ar an talamh. Ach ní shin le rá gur féidir cead pleanála a fháil ann. Tá brandaí fuarlaigh in áiteacha eile cois cósta i nGaeltacht Chonamara freisin agus diúltaíodh cead pleanála ar an gcúis sin i Ros Muc le gairid.

Dúirt bainisteoir pleanála na Comhairle Contae, Caoimhín Ó Ceallaigh, go bhfanfaidh an branda fuarlaigh beag beann ar chibé zónáil a dhéanfaí ar thalamh.

Tá na leasuithe ar Phlean na Gaeltachta le cur amach ar taispeáint go poiblí anois arís.

BAI
ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN | BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND

AIGHNEACHTAÍ Á LORG

ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003 – DRÉACHTSCÉIM Á hULLMHÚ AG ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN

Tá sé i gceist ag Údarás Craolacháin na hÉireann scéim a dhréachtadh de réir *Alt 11* d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Is é bun-chuspóir an Achta a chinntiú go mbeidh fáil níos mó ar sheirbhísí poiblí trí Ghaeilge agus go mbeidh siad ar chaighdeán níos airde.

Tá aighneachtaí maidir le hullmhú na dréacht-scéime nua á lorg anois ag Údarás Craolacháin na hÉireann ó aon pháirtithe leasmhara. Ba chóir nach rachadh na haighneachtaí sin thar 4,000 focal (ca 8 leathanach). Is ceart aighneachtaí, a chuirfear ar fáil ar shuíomh gréasáin an Údaráis, a chur ar aghaidh go leictreonach chuig: **teanga@bai.ie** roimh **an Aoine, 01 Márta, 2013.**

Ina ionad sin, is féidir iad a chur leis an bpost chuig –
Údarás Craolacháin na hÉireann
2-5 Plás Warrington
B. Á. C. 2

Tá faisnéis i ndáil le ról/seirbhísí an Údaráis ar fáil ar **www.bai.ie**. Tá tuilleadh eolais i ndáil leis an Acht ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Ghaeltachta ag **www.ahg.gov.ie**

CLUAS SA CHEANNÁRAS

Le Colm Ó Broin

Tacaíocht an rialtais ag laghdú

BHÍ drochscéal ann don dá pháirtí sa chomhrialtas nuair a foilsíodh dhá pobalbhreith ag an deireadh seachtaine.

De réir na suirbhéanna a rinne Behaviour & Attitudes agus Red C, vótáilfeadh 26-28% den phobal ar son Fine Gael agus 11% ar son an Lucht Oibre.

Má tá na pobalbhreitheanna cruinn bheadh deacracht acu go leor Teachtaí Dála a thoghadh chun rialtas a bhunú dá mbeadh olltoghchán ann faoi láthair.

Tá na polasaithe déine ag cur as do thacaíocht an Lucht Oibre go mór agus tá roinnt dochair á dhéanamh d'Fhine Gael chomh maith. Mura bhfaigheann siad margadh ó Bhanc Ceannais na hEorpa maidir le fiacha lofa na mbancanna is cinnte go laghdóidh an tacaíocht atá ag an dá pháirtí níos mó fós.

Ní féidir a chur as an áireamh chomh maith nach bhfuil imirt tionchar ag an gcáineadh atá grúpaí ar son an bheatha a déanamh ar Fhine Gael faoi láthair. Tá sciar den phobal thar a bheith tógtha faoin gceist seo. Mar shampla, de réir ceiste eile a chuir Behaviour & Attitudes, tá 10% den phobal den tuairim nár cheart go mbeadh cead ag bean ginmhilleadh a fháil fiú chun a saol a shábháil.

Aire na Leanaí Frances Fitzgerald agus an tAire Oideachais Ruairi Quinn ag seoladh 'Plean Gníomhachta ar Bhulaíocht' inné. Tá tacaíocht Fhine Gael agus an Lucht Oibre ag titim de réir na bpobalbhreitheanna is déanaí.

GRIANGHRAF: SAM BOAL/PHOTOCALL IRELAND.

Chaillfeadh go leor Teachtaí Dála de chuid an dá pháirtí dá mbeadh toghchán ann anois. Níl ceann beartaithe go dtí 2016 ach tá trí cháinaisnéis déine le theacht idir seo agus sin.

Is é an seasamh oifigiúil atá ag na cúlbhinseoirí leochaileacha ná go bhfuil siad ag cur leas na tíre os roimh leas an pháirtí nó a leas polaitiúil pearsanta féin, fiú.

Tá siad ag súil go mór gur 'chas an geilleagar an coirnéal' le tamall de mhíonna anuas agus go mbeidh sé ag fás go láidir roimh an gcéad olltoghchán eile, a bheas ar siúl in 2016 má éiríonn leis an rialtas fanacht le chéile don téarma ar fad.

Mura dtarlaíonn sé sin, is beag seans atá ann go ndéanfaidh siad aithris ar an ráth a bhí orthu in 2011. É sin ráite, d'fhéadfadh Fine Gael agus an Lucht Oibre tacaíocht a lorg ó Theachtaí Dála neamhspleácha mura mbeadh 84 Teachta acu.

D'ardaigh tacaíocht Fhianna Fáil agus Shinn Féin sna pobalbhreitheanna agus gheobhadh siad 21-24% agus 19% den vóta faoi seach dá mbeadh toghchán anois. Bheadh deis acu comhrialtas dá gcuid féin a chur le chéile bunaithe ar na figiúirí sin, nó le cabhair ó na neamhspleáigh.

Dá dtarlódh sin, bheadh páirtí den eite dheis i gcumhacht le páirtí den eite chlé atá níos lú ná é. Seachas ainmneacha na bpáirtithe sa chomhrialtas, áfach, an athródh mórán polasaithe dá mbeadh comhrialtas idir FF agus SF in ionad FG agus an Lucht Oibre?

Tuilleadh fianaise faoi neart na Gaeilge san Eoraip

TÁ tuilleadh fianaise curtha ar fáil ag Parlaimint na hEorpa a léiríonn nach bhfuil an Ghaeilge in áit na leathphingine san institiúid.

De réir taifead oifigiúil na Parlaiminte, labhraíodh níos mó Gaeilge ná teangacha eile sa seomra le sé bliana anuas, ach amháin in 2009.

Léiríonn na figiúirí go raibh an Ghaeilge chun cinn ar Mháltais, Eastóinis agus Laitvis le linn blianta éagsúla ó bhí 2007 ann, 2012 san áireamh.

Bhí sí rúinnín beag taobh thiar den Liotuáinis anuraidh, teanga a bhfuil níos mó ná trí mhilliún cainteoirí á húsáid.

Ní raibh Bulgáiris, teanga le beagnach deich milliún cainteoir, ach uair agus 20 nóiméad chun cinn ar an nGaeilge.

"Dea-scéala atá ann don teanga," arsa Pat 'The Cope' Gallagher, duine de na feisirí Eorpacha a labhraíonn Gaeilge sa Pharlaimint.

"B'fhéidir nach labhraíonn muid an Ghaeilge minic go leor, ach anois ag tús na hathbhliana ba cheart dúinn iarracht a dhéanamh níos mó Gaeilge a labhairt."

"Aon uair a labhraím Gaeilge ceapaim go bhfuil níos mó suime ag na feisirí ann as siocair go mbíonn orthu na cluaisíní a chur orthu chun é a thuigbheáil."

"B'fhéidir go bhfuil labhairt na dteangacha beaga íseal go leor sa Pharlaimint ach is teanga oifigiúil de chuid na hEorpa í an Ghaeilge agus tá sé de cheart againn ár dteanga dhúchais a labhairt mar atá ag feisirí ó Mhálta nó ón Eastóin nó tír ar bith eile."

Deir Gallagher go bhfuil sprioc ag na feisirí Éireannacha dul chun tosaigh ar an Liotuáinis sa Pharlaimint.

Tuilleadh fianaise atá ann chomh maith nach bhfuil bunús ar bith leis na gearáin a chloistear in Éirinn faoi stádas na Gaeilge san Aontas Eorpach.

Teangacha Labhartha Pharlaimint na hEorpa 2007-2012

Teanga	2007*	Teanga	2008	Teanga	2009	Teanga	2010	Teanga	2011	Teanga	2012
Béarla	11:46:19	Béarla	122:58:04	Béarla	119:31:31	Béarla	136:08:49	Béarla	159:04:47	Béarla	129:28:31
Gearmáinis	7:50:12	Gearmáinis	85:09:23	Gearmáinis	55:48:26	Gearmáinis	60:18:56	Gearmáinis	60:27:05	Gearmáin	76:30:37
Fraincis	6:33:00	Fraincis	79:29:46	Fraincis	42:01:57	Fraincis	51:27:12	Iodáilis	48:16:43	Fraincis	38:14:27
Spáinnis	3:42:45	Polainnis	36:12:44	Polainnis	31:35:49	Spáinnis	42:47:54	Polainnis	45:11:08	Iodáilis	36:49:03
Iodáilis	2:52:39	Spáinnis	33:47:30	Iodáilis	27:49:07	Polainnis	41:42:57	Fraincis	44:46:06	Spáinnis	22:07:06
Portaingéilis	2:52:15	Iodáilis	31:27:32	Spáinnis	23:02:39	Iodáilis	41:25:31	Spáinnis	24:55:46	Polainnis	21:34:24
Polainnis	2:51:36	Gréigis	21:33:12	Gréigis	17:01:42	Gréigis	27:12:51	Gréigis	20:48:32	Gréigis	20:44:37
Gréigis	2:20:38	Ollannais	16:54:27	Seicis	15:45:11	Ollannais	15:47:55	Ungáiris	18:08:34	Rómáinis	14:38:08
Ollannais	1:23:34	Slóvéinis	16:05:11	Sualainnis	13:54:19	Rómáinis	14:04:52	Rómáinis	15:11:11	Portaingé	11:31:48
Seicis	0:42:02	Portaingéilis	14:13:59	Ollannais	12:13:55	Portaingéilis	12:40:50	Portaingéilis	14:47:53	Ollannais	10:57:17
Rómáinis	0:41:00	Seicis	11:03:34	Portaingéilis	10:23:59	Ungáiris	12:01:28	Ollannais	14:14:54	Ungáiris	10:19:50
Ungáiris	0:40:43	Sualainnis	8:49:14	Rómáinis	9:44:00	Seicis	9:17:18	Slóvaicis	11:06:24	Slóvaicis	7:13:20
Liotuáinis	0:34:37	Rómáinis	8:36:23	Ungáiris	8:44:05	Slóvaicis	7:17:53	Seicis	9:23:28	Seicis	7:04:54
Sualainnis	0:33:42	Ungáiris	8:25:58	Slóvaicis	3:23:57	Sualainnis	5:36:55	Fionlainnis	6:21:50	Fionlainn	5:42:22
Fionlainnis	0:26:37	Slóvaicis	7:24:15	Fionlainnis	3:19:08	Fionlainnis	5:08:33	Sualainnis	6:19:04	Danmhair	5:32:06
Bulgárais	0:25:59	Fionlainnis	4:18:18	Bulgárais	3:01:06	Danmhairgis	3:23:32	Bulgárais	3:52:59	Sualainnis	4:47:18
Slóvaicis	0:22:11	Bulgárais	3:42:43	Liotuáinis	2:16:12	Liotuáinis	3:17:23	Danmhairgis	3:46:00	Bulgárais	2:27:18
Danmhairgis	0:17:13	Danmhairgis	3:37:00	Slóvéinis	2:12:43	Bulgárais	3:00:27	Liotuáinis	2:55:39	Slóvéinis	2:21:56
Slóvéinis	0:10:16	Liotuáinis	3:12:16	Danmhairgis	2:03:43	Slóvéinis	2:07:08	Slóvéinis	2:05:26	Liotuáinis	1:38:19
Eastóinis	0:05:46	Eastóinis	2:00:12	Laitvís	1:55:51	Gaeilge	1:32:02	Laitvís	1:33:56	Gaeilge	1:17:17
Laitvís	0:04:34	Gaeilge	1:44:50	Eastóinis	1:10:15	Máltais	1:22:28	Gaeilge	1:18:47	Laitvís	0:58:56
Gaeilge	0:03:53	Laitvís	1:23:38	Máltais	1:03:59	Laitvís	1:11:33	Máltais	1:04:28	Máltais	0:37:12
Máltais	0:02:13	Máltais	0:57:48	Gaeilge	0:42:09	Eastóinis	0:45:02	Eastóinis	0:29:35	Eastóinis	0:24:14

*Samhain & Nollaig 2007 amháin.

OÉ Gaillimh
NUI Galway

Iarrtar iarratais ar na poist seo a leanas:

Léachtóir Téarma Socraithe le Raideolaíocht – Post Páirtaimseartha (0.3 FTE)

Léachtóir Téarma Socraithe le Paiteolaíocht

Spriocdháta: Déardaoin, 21 Feabhra 2013

Sonraí/nós imeachta Iarratais:

Chun eolas breise a fháil agus chun iarratas a dhéanamh ar an bpost thuas téigh chuig www.nuigalway.ie/about-us/jobs/

Is fostóir comhionannas deiseanna í Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

www.nuigalway.ie

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 30 Eanáir, 2013

Údar gearáin nó caint

Tá an borradh faoin méid feirmeacha gaoithe in Éirinn ag méadú líon na ndaoine atá ag stocaireacht in aghaidh na hearnála, grúpa i gConamara ina measc. An bhfuil údar gearán ag na grúpaí seo nó an é gur gaoth mhór atá ina gcuid cainte? D'fhiosraigh **Colm Ó Broin** an scéal.

SÍNÍODH meabhrán tuisceana idir rialtas na hÉireann agus rialtas na Breataine ar an Aoine seo caite chun togra ollmhór fuinnimh gaoithe a bhunú i gceartlár na tíre.

Faoin bplean, tógfar 700 tuirbín gaoithe i Móin Alúine agus déanfar onnmhairiú ar leictreachas ó na tuirbíní seo chuig an Bhreatain.

Mhaígh Cumann Fuinneamh Gaoithe na hÉireann go ndéanfar infheistíocht ar luach €18 billiún má chuirtear an togra i gcrích agus go bhféadfaí suas le 30,000 post a chruthú.

Tá an-dul chun cinn déanta ag an earnáil ghaoithe in Éirinn le tamall anuas agus, de réir na bhfigiúirí is déanaí ó Eirgrid, soláthraíonn sé 17% den leictreachas a úsáidtear in Éirinn.

Gintear níos lú leictreachais ó fhoinsí inathnuaite sa Bhreatain agus tá brú ar an rialtas i Londain cur leis an méid 'fuinnimh ghlais' atá in úsáid sa tír.

Seo ceann de na fáthanna go bhfuil fonn orthu fuinneamh gaoithe a allmhairiú ó Éirinn. Cúis eile, áfach, ná an stocaireacht in éadan tuirbíní gaoithe atá ar bun ag Feisirí Parlaiminte de chuid na dTóraithe agus roinnt daoine i gceantracha tuaithe sa Bhreatain.

Tá borradh faoin bhfeachtasaíocht in éadan tuirbíní in Éirinn chomh maith. Eagraíodh agóidí agus cruinnithe poiblí in áiteanna éagsúla timpeall na tíre in aghaidh feirmeacha gaoithe, idir Aontroim, Dún na nGall, Ros Comáin, Loch Garman, Conamara agus eile. Deir feachtas náisiúnta, an Campaign for Responsible Engagement with Wind Energy (Crewe), go bhfuil grúpaí pobail ó 13 chontae ar leith ag obair leo.

Ceann acu ná Conamara in Aghaidh Feirmeacha Gaoithe (CAFG). Tá siad buartha faoi phlean atá ag Gaoth an Iarthair (Enerco Energy Ltd) feirm ghaoithe a thógáil i nDoire an Fhéich agus Leitir Mucú taobh ó thuaidh de Chasla.

Beidh 13 thuirbín, gach ceann acu 135 meadar ar airde, san fheirm ,gaoithe má thógtar í. Deir duine de na baill, Mary-Ann Ní Chadhain, go mbeidh an fheirm i bhfoisceacht 650 méadar dá teach cónaithe féin.

Tá tacaíocht do na hagóidithe léirithe ag polaiteoirí éagsúla.

"Go minic, bíonn drogall ar dhaoine, go háirithe polaiteoirí, cur i gcoinne forbairtí sa 'bhfuinneamh glas' seo, ach tá níos mó daoine ná riamh ag ceistiú cé chomh maith don phobal agus don dúlra atá na forbairtí seo," arsa an Seanadóir Trevor Ó Clochartaigh ó Shinn Féin.



Tá gearán déanta ag Conamara in Aghaidh Feirmeacha Gaoithe faoi phlean chun 20 tuirbín gaoithe a thógáil ar na Sceirde thart ar 5KM ó Charna.

"Tá amhras maidir leis an torann a bheadh ó na muilte, an chaochaíl (flicker) a bhíonn uathu, chomh gar is a bheadh siad do thithe , gan trácht ar an bhforbairt féin ó thaobh tógála agus an strus a bhíonn ag baint le tograí den chineál seo a throid," ar seisean.

Chuir an Seanadóir de chuid an Lucht Oibre ó Ros Comáin, John Kelly, rún os comhar an tSeanaid go gcuirfí cosc ar thógáil tuirbíní móra níos gaire ná 2km d'aon teach cónaithe. Níor ghlac an Rialtas leis an moladh. Ábhar faoisimh a bhí ann don earnáil ghaoithe in Éirinn, óir laghdódh cosc mar sin go mór an méid talaimh a bheadh ar fáil d'fheirmeacha gaoithe, mar a léiríonn taighde a rinne an Institiúid Náisiúnta um Anailís Réigiúnach agus Spásúil in Ollscoil na hÉireann Maigh Nuad.

Cé gurb é Conamara ceann de na háiteanna is fearr sa tír d'fhuinneamh na gaoithe, tá i bhfad níos lú feirmeacha ann i gcomparáid le Dún na nGall nó Ciarraí. Tiocfaidh athrú air sin má thógtar na feirmeacha ar fad atá beartaithe don cheantar, áfach.

Maíonn CAFG nach bhfuil siad in éadan fuinneamh na gaoithe ach léiríonn faisnéis atá curtha ar an suíomh conamarinaghaidhfeirmeachagaoithe.com, faisnéis atá thar a bheith cáinteach faoin earnáil,

Dar leo, scriosfaidh an fheirm an radharc atá ag daoine ar an mórthír agus cuirfidh sé isteach ar an oilithreach a dhéanann iascairí chuig Oileán Mhic Dara uair sa bhliain.

go bhfuil sé deacair glacadh leis an ráiteas sin.

Tá go leor leor údar gearán ag an ngrúpa faoi thuirbíní gaoithe.

Dar leo go scriosfadh an togra "saol na nglúnta atá le theacht."

"Ní thabharfaidh sé buntáiste ach d'fíorbheagán daoine agus beidh an chuid eile den phobal thíos leis le díluacháil tubaisteach ar a gcuid dtithe," dar leis an ghrúpa.

"Tá luacháil déanta ag gníomhairí eastáit ar chuid de thithe an cheantair agus tá sé dearbhaithe go mbeadh titim idir 10% agus 50% ar luach na dtithe agus go mbeadh sé níos deacra na tithe a dhíol."

Dar leo, tá daoine sásta tuirbíní a cheadú ar a gcuid talún toisc go dtabharfadh sé sruth airgid rialtas dóibh thar 20 bliain.

"Mar sin féin, cailleann daoine a gcaighdeán beatha, b'fhéidir a sláinte, agus beagnach cinnte go mbeidh luachanna maoine na bhfeirmeoirí agus na n-úinéirí talún agus gach éinne sa gcomharsanacht íslithe go mór," a deir an ghrúpa.

Luann CAFG suirbhé a rinne an Royal Institution of Chartered Surveyors ar luachanna tí in aice le feirmeacha gaoithe sa Bhreatain a mhaígh gur thit luach thart air 60% acu idir 5% agus 50%.

Ó thaobh cúrsaí sláinte de, tá dhá phríomhúdar gearáin ag CAFG agus grúpaí eile atá ag stocaireacht in éadan tograí dá leithéid.

Ceann amháin acu ná caochaíl, sé sin, go gcaitheann lanna na dtuirbíní scáth ar thithe agus iad ag rothlú. Is ionann an éifeacht a bhíonn ag an caochaíl seo agus stróbsholas agus, dar leis na grúpaí, cuireann sé as do dhaoine go mór.

An dara gearán ná an torann a thagann ó na muilte. Ní hé an torann a chloistear ó na tuirbíní atá i gceist amháin, áfach, mar dar leis na grúpaí cothaíonn siad infreafhuaim atá ar mhinicíocht íseal. Tá raon na hinfreafhuaime níos fairsinge ná an fhuaim a chloiseann an duine agus bíonn drochthionchar aige ar shláinte an duine dar le CAFG.

Bíonn drochthionchar ag feirmeacha gaoithe ar éanacha chomh maith, de réir an CAFG.

"Tá na héanacha a bhíonn ag eitilt roimh thitim na hoíche agus i rith na hoíche i bhfad níos mó i mbaol ná na héanacha a bhíonn ag eitilt thart i rith an lae," arsa siad. "Tá contúirt don sciathán leathair i slí eile. Is annamh a bhuaileann siad in aghaidh na lanna, ach leis an athrú brú thimpeall ar barr na lanna, déanann sé seo dochar do na scamhóga agus maraítear iad an bealach sin. I Meiriceá, maraíonn muilte gaoithe beagnach leathmhilliún éan gach bliain. Measann an American Bird Conservancy go bhféadfadh an uimhir sin a bheith faoi dhó níos mó i gcionn fiche bliain."

Tá amhras caite ag an ngrúpa ar na buntáistí comhshaoil agus eacnamaíochta a luaitear le tuirbíní chomh maith.

"Nuair a deireann forbróir go dtáirgeoidh siad 16 meigeavata agus go gcuirfear cumhacht ar fáil do 'X' méid tithe, tugtar le fios go gcuireann siad an méid sin cumhachta ar fáil chun freastal ar ár riachtanais chumhachta," arsa siad.

"Ní mar sin a bhíonn. Mar gheall nach séideann an ghaoth am t-am uilig, ní féidir le tuirbín gaoithe ach an ceathrú cuid den mhéid atá sé in acmhainn a sholáthar a chur ar fáil ar feadh na bliana."

An locht is mó atá ar fhuinneamh na gaoithe ná an eadrannacht (intermittancy) a bhaineann leis, dar leis na hagóidithe.

"Ar an meán, d'fhéadfadh sé go mbeadh tuirbín gaoithe díomhaoin ar feadh 110 lá gan aon leictreachas a ghiniúint. Ciallaíonn sé sin go gcaithfidh cúltaca cumhachta a bheith i gcónaí ar fáil - agus sin an fáth nach bhfuil aon tír théis a stáisiúin chumhachta thraidisiúnta a dhúnadh síos."

"Ní mór an laghdú a dhéanann feirmeacha gaoithe ar asbhaintí CO2. Is é an fáth atá leis sin ná go gcaithfidh malairt foinsí cumhachta a bheith ar fáil an t-am uilig nuair nach mbíonn an ghaoth ag séideadh."

Cáineann siad an tacaíocht stáit a chuirtear ar fáil don earnáil freisin.

"Tá an leictreachas a ghintear ó thuirbíní gaoithe i bhfad níos costasaí ná an chumhacht a ghintear ó na stáisiúin chumhachta thraidisiúnta nuair a chuirtear na fóirdheontais a fhaigheann na comhlachtaí feirmeacha gaoithe san áireamh. Tá costas leictreachais ardaithe cheana féin agus ardóidh siad tuilleadh, sna deich mbliana romhainn, chun íoc as ár ngealltanais don fhuinneamh inathnuaite."

Ní chruthóidh an togra mórán fostaíochta ach an oiread, de réir an CAFG

"B'fhéidir go mbeadh roinnt beag

na gaoithe móire?

post i gcúrsaí tógála ar fáil chun na bóithre ar an suíomh seo á thógáil ach is obair speisialtóireachta é obair ar an láthair a thógáil agus obair ar na tuirbíní. Conraitheoirí a dhéanfaidh an obair sin. Chomh luath agus a bheidh na tuirbíní thuas, oibreofar na tuirbíní seo ó i bhfad ó bhaile; ní bheidh aon phostanna áitiúla ann."

Maíonn an eagraíocht go mbíonn drochthionchar ag feirmeacha gaoithe ar thurasóireacht chomh maith. Níl siad sásta le feirmeacha gaoithe amach ón gcósta ach an oiread.

Tá cáineadh déanta ag CAFG ar phlean atá ag an gcomhlacht Fuinneamh Sceirde Teoranta le 20 tuirbín a thógáil ar charraigeacha na Sceirde Móire atá lonnaithe thart ar 5km siar ó Charna.

Dar leo, scriosfaidh an fheirm an radharc atá ag daoine ar an mórthír agus cuirfidh sé isteach ar an oilithreach a dhéanann iascairí chuig Oileáin Mhic Dara uair sa bhliain.

Tá neart údar clamhsáin ag CAFG agus gníomhaithe eile atá ag agóidíocht in éadan fheirmeacha gaoithe, ach an bhfuil bunús láidir leo?

Deir Eirgrid, an áisíneacht stáit atá i gceannas ar an ghréasán leictreachas thuaidh agus theas, gur féidir leo an deacracht maidir le headrannacht a shárú.

"Tá córas sofaisticiúil againn chun réamhaisnéis a fháil ar an ngaoth," arsa Michael Kelly, Bainisteoir Cumarsáide Eirgrid.

"Bíonn a fhios againn roimh ré cé mhéad cumhachta a bheas ag teacht ón ngaoth an lá dar gcionn. Má laghdaíonn an méid fuinnimh ón ngaoth is féidir linn breis leictreachas a ghiniúint ó fhoinsí eile."

De réir Eirgrid laghdaíodh luach an gháis a allmhairíodh go hÉireann in 2011 de €300 milliún de bharr an méid fuinnimh inathnuaite a ghineadh sa tír. Tháinig laghdú de 3.2 milliún tonna ar an méid CO2 a astaíodh i rith 2011 chomh maith, dar leis an áisíneacht.

17% an meánchéatadán leictreachais a chuir tuirbíní gaoithe ar fáil in 2011, ach bhí an-éagsúlacht a baint leis an gcéatadán ó lá go lá. Uaireanta bhí níos lú ná 5% ag teacht ón ngaoth agus uaireanta eile bhí os cionn 50%.

"Tá dúshlán ann córas mar seo a rith le leibhéal ard fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite," arsa Kelly. "Ach is ceannaire domhanda í Éire ó thaobh na hoibre seo. "Méadóidh an dúshlán agus muid ag dul i dtreo 40% in 2020 ach tá muinín againn gur féidir linn dul i ngleic leis an dúshlán," ar seisean.

Deir Airgen, comhlacht fuinnimh gaoithe Éireannach atá ag beartú feirmeacha a fhorbairt i Sasana, go ndéileáiltear le ceisteanna faoi fhuaim, caochaíl agus fiadhúlra le linn an phróisis phleanála d'fheirmeacha gaoithe.

"Is é an réimse don chaochaíl ná deich n-oiread thrastomhas an tuirbín, mar sin más lann 60 méadar atá i gceist rachadh an chaochaíl 600 meadar," arsa Ronan O'Meara, Bainisteoir Innealtóireachta le hAirgen.

Feirm Ghaoithe i gCeann an Chairn, Loch Garman. GRIANGHRAF: PHOTOCALL IRELAND.

Is fíorannamh i rith na bliana a tharlaíonn an fhadhb sin, dar leis. Braitheann an chaochaíl ar airde an tí, airde an tuirbín agus airde na gréine.

"Tá samhlacha againn a dhéanfaidh tuar faoin méid uaireanta a tharlóidh sé. Mar shampla, inseoidh siad dúinn go mbeidh sé ann ó 6.30 go 7.15 ar maidin ar Iúil 22 agus go dtarlóidh sé sin ar feadh míosa, mar sin d'fhéadfadh sé tarlú ar feadh 10 nó 20 uair in aghaidh na bliana, ach is cuma toisc go múchtar tuirbíní nua-aimseartha nuair a bhíonn sin sé ag tarlú.

"Má tá sé ag dul i bhfeidhm ar theach tá réiteach bogearra simplí air; múchtar na tuirbíní nuair a bhíonn an caochaíl ann."

Deir O'Meara go raibh fadhb ann ó thaobh torainn de go stairiúil ach go bhfuil tuiscint níos fearr ar an gceist sa lá atá inniu ann.

"Sula dtógfaí feirm ghaoithe, dhéanfadh muidne suirbhéanna agus seiceáil ar an torann atá ann cheana féin agus tá teorainn leis an ardú is ceadmhach duit a dhéanamh ar an torann sin. Ní thabharfadh na húdaráis pleanála cead dúinn é sin a dhéanamh. Leis an méid monatóireachta torainn atá le déanamh againn ní fadhb í i ndáiríre."

Cuirtear fiadhúlra san áireamh sa chóras pleanála chomh maith.

"Go minic, cuirtear moill ar fheirmeacha gaoithe ar feadh bliain nó dhó fad is a bhíonn an tionchar ar éanacha á mheas.

"Bíonn na héaneolaithe ag seasamh sna páirceanna ar feadh uaireanta fada ag breathnú ar líon na n-éanacha a bhíonn ag eitilt tríd agus cuirtear na bealaí eitilte a bhíonn ag éanacha agus ag sciatháin leathar san áireamh agus láthair na dtuirbíní a roghnú."

Tá díospóireacht ann i gcónaí faoin tionchar a bhíonn ag tuirbíní gaoithe ar éanacha. Luann CAFG go maraíonn siad 500,000 éan in aghaidh na bliana sna Stáit Aontaithe Meiriceá, ach measann an Roinn Talamhaíocht sa tír sin go maraíonn foirgnimh, línte cumhachta agus cait 330 milliún éan gach bliain. Maíonn gníomhaithe in aghaidh feirmeacha gaoithe, áfach, go mbíonn tionchar as cuimse ag tuirbíní ar éanachaí móra tearca, ar nós an iolair agus an coirneach.

Ó thaobh praghsanna tithíochta de, deir O'Meara nach síleann sé go bhfuil mórán tionchair ag feirmeacha gaoithe orthu.

"Mar thír, is féidir linn breathnú air sin agus a rá go bhféadfadh praghsanna maoine titim beagáinín ach tá fadhb atá i bhfad níos mó anseo agus sin tá muid ag rith amach as fuinneamh. Tá muid ar fad ag brath ar an Rúis chun gás a sholáthar dúinn. Cá as a dtiocfaidh an fuinneamh? Caithfidh sé a theacht ó fhoinsí inathnuaite.

"Ní dóigh liom go bhfuil tionchar ollmhór acu ar phraghsanna tithíochta. Ní ceantálaí mé, ach go ginearálta is foinse ioncaim iad (feirmeacha gaoithe) do dhaoine faoin tuath. Faigheann tú talamh ar chíos ó fheirmeoirí áitiúla agus bíonn tú ag cur le hinmharthanacht an cheantair."

Braitheann an tionchar a bhíonn ag tuirbíní gaoithe ar radharcanna ar an duine aonair, dar le O'Meara.

"Leis na rudaí eile, ar nós fuaim nó caochaíl, is féidir tuairiscí teicniúla a dhéanamh orthu, ach tá an cheist faoin radharc go hiomlán suibiachtúil.

"Nuair a tharla leictriú na tuaithe crochadh piolóin ar fud na háite, ach cheapaimse féin go bhfuil siad sin i bhfad níos gráinne. Ach toisc gur féidir linn na buntáistí a fheiceáil, níor dearnadh scéal mór as. Ó thaobh na dtuirbíní gaoithe de, níl muid dírithe ar an bhfadhb go bhfuil muid ag rith amach as fuinneamh.

"Ní dóigh liom go bhfuil tionchar ollmhór aige ar thurasóireacht. Bíonn Ráiteas Tionchair Timpeallachta le gach feirm ghaoithe sa lá atá inniu ann agus fanann siad amach ó pháirceanna náisiúnta nó ceantracha atá spéisiúil do thurasóirí. Cibé tionchar a bhíonn aige ar thurasóireacht bíonn cúiteamh ann ó na buntáistí eacnamaíochta a bhaineann leo.

"Is foinse ioncaim suntasach don tír iad na feirmeacha gaoithe agus is comhlachtaí Éireannach den chuid is mó atá á bhforbairt, rud a chuireann le cúinsí fostaíocht sa tír, le húinéirí talún áitiúla agus le rátaí do na Comhairlí Contae le linn tógála."

Luann Airgen suirbhéanna éagsúla a rinneadh ar an gceist sa Bhreatain, ina measc, ceann a d'fhoilsigh Visit Scotland anuraidh a thug le fios nach gcuirfeadh feirmeacha gaoithe as do 80% de thurasóirí ón mBreatain agus iad ag roghnú áite le dul ar cuairt in Albain.

Deir O'Meara go bhfuil ceist ann don earnáil ó thaobh eadrannachta nó inathraitheachta de ach go bhfuil tograí idir lámha le dul i ngleic leis, an príomhcheann ná 'Ollghréasán Eorpach' a bhunú a éascóidh aistriú fuinnimh na gaoithe ar fud na hEorpa.

Mar aon leis sin, athraíonn an an t-éileamh atá ar leictreachas i rith an lae agus i rith na bliana chomh maith ach is féidir leis an gcóras déileáil leis na dúshláin seo dar le Airgen.

De réir mar a mhéadaíonn líon na gcarranna leictreacha beifear in ann leictreachas a stóráil i gceallraí na gcarranna freisin, arsa O'Meara.

Ó thaobh cúltaca de, deir Airgen go bhfuil sé seo ag teastáil i gcomhar gach saghas foinse cumhachta, mar shampla nuair a bhíonn ar stáisiúin leictreachais, ola nó gáis stopadh de bharr fadhbanna teicniúla.

Is "cinneadh ciallmhar straitéiseach" é an cinneadh atá déanta ag tíortha fordheontais a thabhairt don earnáil ghaoithe, dar leis.

"Tá muid ag brath ar an Rúis le haghaidh an gháis a úsáideann muid agus is féidir leo é sin a mhúchadh aon am is mian leo, mar a rinne siad leis an Úcráin tamall de blianta ó shin. Mar sin, ní mór dúinn foinsí fuinnimh dúchasacha inathnuaite a fhorbairt."

Deir daoine atá ar son fhuinneamh na gaoithe go bhfaigheann earnálacha eile, idir ola, gás, móin, agus núicléach, fordheontais chomh maith.

Tá sé mar sprioc ag an rialtas go dtiocfadh 40% den leictreachas sa tír seo ó fhoinsí inathnuaite roimh 2020, agus is ón ngaoth a thiocfaidh an chuid is mó den fhuinneamh sin. Ciallaíonn sé seo go mbeidh méadú mór ag teacht ar líon na bhfeirmeacha gaoithe in Éirinn sna blianta beaga amach romhainn. Ciallaíonn sé chomh maith go bhfuil gach seans ann go dtiocfaidh ardú ar líon na ndaoine agus na ngrúpaí a bheidh in éadan na dtuirbíní seo agus an méid díospóireachta poiblí a dhéanfar ina leith. Bí ag súil mar sin le go leor cainte teasaí faoi chumhacht na gaoithe amach anseo.



Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

Scoil na síceolaíochta
Ard dioplóma sa tsíceolaíocht

Spriocdháta d'iarratais: 1 Márta 2013 ar líne ag https://my.tcd.ie

www.psychology.tcd.ie/postgraduate

NUACHT RÉIGIÚNACH

CONNACHTA NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Seóanna Sathairn ag díriú ar 'Spraoi'

Méabh Ní Thuathaláin

BEIDH 'Spraoi' á léiriú ar an Satharn beag seo, 2 Feabhra, ag Branar téatar do pháiste i gcomhpháirt leis an chompántas amharclainne 'The Gombeens' mar chuid den séasúr léirithe clainne atá á reáchtáil sa Taibhdhearc.

Rinne entertainment.ie 'Spraoi' a lua mar cheann de na deich dtaispeántas amharclainne ab fhearr in 2012 ar na mallaibh, ar mhaithe le cur i láthair Miquel Barcelo agus Jonathan Gunning, beirt aisteoirí ón chompántas *The Gombeens*. Tá ard-mholadh faighte ag an léiriú ó léirmheastóirí an Irish Theatre Magazine agus ó roinnt foilseachán eile chomh maith.

Scéal atá ann faoi bheirt ghasúr a chasann ar a chéile ach atá éagsúil óna chéile. Is maith le duine acu rialacha agus is maith leis an ngasúr eile na rialacha a shárú. Labhraíonn gasúr amháin Catalóinis agus labhraíonn an gasúr eile Gaeilge.

" Ní chuireann teanga isteach ná amach orthu. Ní dhéanann siad iarracht teanga a chéile a thuiscint ach éiríonn leo modh cumarsáide a chothú chun go mbeadh siad in ann a bheith ag spraoi le chéile," a dúirt Marc Mac Lochlainn, stiúrthóir an léirithe agus bunaitheoir Bhranar, téatar do pháiste.

Tá 'Spraoi' dírithe ar pháistí 2+ agus chaith Branar agus *The Gombeens* bliain go leith ag obair air. Rinneadh forbairt ar chleachtais dhrámaíochta de chuid na hIodáil, ina mbíonn páiste mar chuid den phróiseas cleachtaithe, rud a chuaigh i bhfeidhm go mór ar chur i láthair agus scéal an dráma, dar le Marc.

"Chaith muid seal leis na páistí i naíonra 'An Chéad Eitilt', sna Forbacha agus chuir muid radharcanna i láthair lena fháil amach céard a cheap na páistí faoi. Próiseas thar a bheith spéisiúil a bhí ann. D'fhoglaim muid go ndéanann páistí óga aithris ar rudaí nuair a bhaineann siad sult astu. Rud eile thar a bheith suntasach ná gur thóg sé dhá lá nó trí ar na páiste tuiscint a bhaint as an rud a chonaic siad" a dúirt sé.

"Bhí an spás agus an t-am sin teastáil uathu ar mhaithe le machnaimh a dhéanamh agus d'inis na múinteoirí dúinn céard a thug na páistí faoi deara," arsa Marc.

Cé go bhfuil Branar ag obair leis na Gombeens tríd an 'Tionscadal i dtaca le hAcmhainní Amharclainne a roinnt' ar feadh roinnt blianta anuas, is é 'Spraoi' an chéad chomhléiriú atá déanta acu.

Tá Seóanna Sathairn á reáchtáil sa Taibhdhearc ag Branar ó mhí na Samhna 2012, i gcomhpháirtíocht leis An Taibhdhearc, Baboró agus Meitheal na mBeag. Léiríodh Clann Lir agus An Seanfhear Beag go dtí seo. Táthar ag súil go mbeidh compántais áitiúla drámaíochta eile ag léiriú drámaí agus go mbeidh dhá shéasúr á reachtúil le linn na bliana acadúla amach romhainn.

Miquel Barcelo agus Jonathan Gunning, beirt aisteoirí atá páirteach i 'Spraoi', comhléiriú idir Branar agus 'The Gombeens' a bheas ar stáiste sa Taibhdhearc ar an Satharn beag seo ag 11.00r.n. agus 1.00i.n, 2 Feabhra. Tá na ticéid ar fáil ar líne (antaibhdhearc.com) agus ón Taibhdhearc:091 562024 ar chostas €5.00 an duine.

Conamara

Cor an chaomhnaithe ag fáisceadh ar bhóthair –aríst

Máirtín Ó Catháin

TÁ sé ag éirí soiléir anois go mbeidh deacrachtaí ag baint leis an bhforbairt atá le déanamh ar an bpríomhbhóthar idir an Clochán i gConamara agus Gaillimhe de bharr caomhnú talún.

Is é an N. 59 an bóthar atá i gceist - bóthar atá ar stádas Náisiúnta den Dara Grád.

Baineann daoine as go leor pobail ar fud Chonamara leas as an mbóthar seo.

Tosaíodh ar an obair phleanála a bhaineann le forbairt an N.59 idir an Clochán agus Uachtar Ard arú anuraidh.

Tá cuid den obair phleanála sin sroichte píosa maith anois agus ní fada go n-eagrófar Éisteacht Phoiblí faoin bpíosa idir an Teach Dóite agus Uachtar Ard.

Seo é an píosa is measa den N. 59. Ach tá casadh aisteach sa scéal sa méid agus go bhfuil teorainn luais níos ísle le cuir ar an bpíosa seo ach a mbeidh na milliúin caite air!

Tuairim 85 ciliméadar san uair a bheidh ann sa deiridh; 100 ciliméadar (61 míle) san uair an teorainn atá ann anois.

Is cosúil go bhfuil na hinnealtóirí den bharúil go mbeadh obair mhór ag baint le cúrsaí caomhnaithe agus SACanna dá mbainfí roinnt de na castaí agus na coranna as an mbóthar.

Dá réir sin, táthar ag múnlú an bhóthar sa gcaoi is nach féidir an teorainn luais a choinneáil ar 100 ciliméadar san uair - sin é an gnáththeorainn ar bhóithre den tsórt seo.

Tá sé tagtha sa déanamh anois go mbainfear leas as an gcóras iarratais pleanála IROPI le cead forbartha a fháil ar an bpíosa den bhóthar idir an Teach Dóite agus an Clochán.

Is é an bhrí atá leis an gcóras sin ná go bhfuil deis ann le dhul ar aghaidh le forbairt riachtanach bóthar agus infrastruchtúir, beag beann ar SACanna.

Ach caithfear a chruthú go bhfuil an fhorbairt riachtanach agus nach bhfuil aon bhealach eile ann. Ní féidir a dhul i mbannaí go nglacfar le ceachtar den dá rud sin.

Is í an imní atá ann anois go gcaithfear an píosa bóthair as an Teach Dóite don Chlochán a fhorbairt anois freisin sa gcaoi agus go mbeadh an teorainn luais laghdaithe ar.

Más mar sin é, bheadh na milliúin caite ar fheabhsú bóthar an N. 59 - príomhbhóthar Chonamara - agus thabharfaí ísliú stádáis ansin dó. Caomhnú atá ina chonstaic ann.

Cathair na Gaillimhe

Míshásamh faoin bhfeirm éisc is mó sa domhan i nGaillimh

Gráinne Campion

BEIDH díospóireacht phoiblí maidir leis an togra mór feirmeoireachta éisc atá beartaithe ag an Bhord Iascaigh Mhara, amach ó chósta Inis Oírr á reáchtáil ag an gComhaontas Glas in Amharclann Oileáin Altanach, Gaillimh, ag 8i.n., Déardaoin.

Beidh Eamon Ryan (an t-iar-Aire Fuinnimh, Cumarsáide agus Acmhainní Nádúrtha) ina chathaoirleach ar an díospóireacht.

I measc na gcainteoirí atá cinnte ag an bpointe seo, tá Méara Chontae na Gaillimhe, An Comh. Thomas Welby, Diarmuid Mulcahy (Ball den 'Irish Aquaculture Association', Iarchathaoirleach an 'Irish Salmon Growers' Association'),Urlabhraí ó na hiascairí slaite, Seamus Sheridan (Urlabhraí Talmhaíochta, Bia agus Mara an Chomhaontais Ghlais) agus Enda Conneely (Teach an Iascaire, Inis Oírr).

Dar le Seamus Sheridan, "bhaineadh geit as dhaoine nuair a thug siad faoi deara go bhfuil sé ceaptha a bheith gar don chósta. Cheap dhaoine go raibh sé le bheith ar an thaobh eile d'Oileáin Árann agus tá an-imní orthu mar gheall air sin."

Tá an láthair seo ceaptha a bheith 1.7km ón chósta, mar sin de tá sé chun a bheith i bhfad níos faide siar na ná cinn traidisiúnta. Ceaptar go mbeidh sé ar an gceann is mó sa domhan le 456 heicteár a bheidh roinnte idir dhá suíomh éagsúla. Deirtear go mbeidh an lorg carbóin ón fheirm éisc seo níos lú.

Dar le Pádraic Fogarty, an tOifigeach Feachtais d'Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann "níl an ráiteas tionchair timpeallachta a chur an BIM amach inchreidte ó thaobh na dtionchar diúltach atá bainteach leis na pleananna ollmhóra seo. Tá todhchaí na feirme éisc ar an talamh tirim, san áit inár féidir súil géar a choimeád ar na tionchair dhiúltacha seo. Níl siad ag smaoineamh go fadtéarmach, gan trácht ar an acmhainn nádúrtha atá laghdaithe go mór cheana féin."

I dtuairim urlabhraí an Chomhaontais Ghlais "tá buntáistí agus míbhuntáistí ag baint leis, ach níl mórán eolais ag daoine faoin dá thaobh de." Dar leis go bhfuil "córas den chéad scoth acu thall in Alban mar tá na feirmeacha éisc ar an talamh agus ciallaíonn sé sin go bhfuil níos mo smachta acu orthu".

Tá roinnte daoine buartha faoin todhchaí atá i ndán do dhobharshaothrú na tíre; tá imní orthu nach bhfuil dóthain plé á dheanamh faoi na buncheisteanna atá níos leithne.

Tá fáilte roimh chách go dtí an chruinniú seo chun tuairimí a chur chun chinn agus a phlé, an Déardaoin beag seo, an 31ú lá d'Eanáir ag a hocht a chlog in Amharclann Oileán Altanach (Nun's Island Theatre), Gaillimh.

Cois Fharraige

Séasúr Nua Scannán in Indreabhán

TÁ tús á chur anocht, Dé Céadaoin, 30 Eanáir, le séasúr nua scannán in Indreabhán. Idir seo agus deireadh mhí an Mhárta, beidh scoth na nuascannán domhanda á dtaispeáint ar an scáileán mhór gach Céadaoin ag 8.15i.n., i gcompord na hamharclainne i Seanscoil Sailearna.

Scannán nua ón bhFrainc a osclóidh an séasúr anocht, Les Neiges de Kilmanjaro, a bhaineann le scéal ceardchumannaigh a bhíodh ag obair ar na dugaí, go dtí gur leagadh amach é.

I measc na scannán eile atá beartaithe don séasúr seo tá an clár faisnéise a deineadh do TG4, Dúcheist Frank Ryan, a bhéas á thaispeáint ar an gCéadaoin, 6 Márta.

Tá níos mó eolais faoi na scannáin ar fáil ón suíomh idirlín www.clubscannan.ie nó trí glaoch ar Dhonncha ag (086) 4048881.

Otharcharr aeir go maith – ach níl spásanna tuirlingte ag na hospidéil mhóra saineolais leighis

Máirtín Ó Catháin

IS mór an feall nach bhfuil áiteacha tuirlingte ag héileacaptar taobh le hOspidéal Beaumont agus Ospidéal an Mater i mBaile Átha Cliath, a deir an Dr Jerry Cowley as Maigh Eo – go háiríthe agus seirbhís mhaith otharchairr aeir againn anois in iarthar na hÉireann.

Dúirt an Dr Cowley, atá lonnaithe sa Mhála Raithní, gur iontach an deis é an héileacaptar atá ar fáil anois as Béal Átha Luain le daoine a thabhairt chuig an Ospidéal go scafánta.

"Tá an tseirbhís ag obair thar cionn," arsa Cowley "agus tá a thorthaí le feiceáil anseo in iarthar Mhaigh Eo cheana féin."

Ach tá lúb an-mhór ar lár sa gcóras mar nach féidir an héileacaptar a thabhairt díreach chuig na hospidéil mhóra a bhfuil saineolas iontu faoi chúrsaí droma agus inchinne.

"Is ait go deo an rud é nach bhfuil spás tuirlingte le haghaidh héileacaptar le taobh Ospidéal Beaumont – Ospidéal cóir leighis inchinne – agus an Mater atá in ospidéal saineolais ar an droim," a deir Jerry Cowley.

"Chaithfeadh héileacaptar éigeandála tuirlingt ag aerfort Bhaile Átha Cliath agus ansin chaithfí an duine a bheadh go dona a thabhairt thríd an gcathair in othar charr; bheifeá ag baint an mhaith as an tseirbhís."



Dr. Jerry Crowley

Ina dhiaidh sin féin, tá an tseirbhís héileacaptar ag déanamh an-leas san iarthar a deir an Dr Cowley.

Tá spásanna tuirlingt taobh le Ospidéal na hOllscoile i nGaillimh agus le taobh an Ospidéil i gCaisleán an Bharraigh.

Luann an Dr Cowley cás ina cheantar féin le gairid inár tugadh fear a bhí buailte ag taom croí go hOspidéal na hOllscoile i nGaillimh ar an héileacaptar.

"D'oibrigh an tseirbhís thar cionn agus d'fheabhsaigh an fear go maith," a dúirt an Dr Cowley.

Tharraing sé anuas cás eile i gceantar Bhéal an Mhuirthead ina bhfuair bean drochiarraidh ó stróc – tugadh ise go Caisleán an Bharraigh ar an héileacaptar.

"Shiúil sí amach as an Ospidéal théis beagán laethanta," a dúirt an Dr Cowley.

"Is í mo thuairim go mbeadh i bhfad níos mo dochair déanta dá mbeifí ag brath ar otharcharr ag taisteal ar na bóithre in iarthar Mhaigh Eo i gcás mar seo."

Thosaigh an Dr Jerry Cowley feachtas beagnach deich mbliana fichead ó shin ar mhaithe le seirbhís 'otharcharr aeir' in iarthar na hÉireann.

Bunaíodh seirbhís phíolótach i mí an Mheitheamh 2012 agus roinnt eagras Stáit páirteach ann; is í an Roinn Sláinte atá i gceannas ar an tseirbhís.

Tá an héileacaptar feistithe amach ar ardchaighdeán agus daoine oilte ar ardchaighdeán á láimhsiú.

Dúirt urlabhraí sa bhFeidhmeannas Sláinte go ndeachaigh an héileacaptar agus an fhoireann amach ar 133 glaoch idir an 4 Meitheamh 2012 agus an 11 Eanáir 2013.

Dúradh nach bhféadfaí a rá go barainneach fós cén costas atá ar an tseirbhís.

Déanfar breithniú ar an tseirbhís i lár na bliana seo agus níl aon chinneadh tógtha fós faoina bhfuil beartaithe ina dhiaidh

LAIGHIN NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Fearg ar Bhaile Munna faoi 'Marie Claire'

Scott De Buitléir

"Áit a bhí deartha de réir na mianta ab fhearr i rith na Seascaidí, ach gan aon phlean. Níos measa fós – gan aon rialacha - agus, in Éirinn ghlas, gan aon chrann amháin."

Níl ansin ach cuid den chur síos a rinneadh ar Bhaile Munna in eagrán Iodálach den iris iomráiteach Marie Claire.

Fiú dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu sa cheantar, tá seans maith ann go mbeifear in ann aontú le cur síos na hirise, ach is cosúil gur buille pianmhar do phobal an bhaile "il Bronx irlandese" é a léamh in alt a bhí ag tuairisciú ar athfhorbairt an bhaile..

Cé go bhfuil cuid mhór den alt ag moladh an cheantair as an athfhorbairt agus as an athbheochan a rinneadh ann le roinnt blianta anuas, níor mhaith le pobal Bhaile Munna cuid den chur síos a bhí déanta air.

"Tá náire ar chuid mhór dúinn ár seoltaí poist a thabhairt amach," arsa cónaitheoir anaithnid amháin leis an iriseoir Maria Carla Cattaneo, d' ailt dar teideal "Fill ar ais go Baile Munna - Bronx Bhaile Átha Cliath ag iarraidh a bheith ina aisling nua Éireannach."

Rinneadh nasc idir an baile agus an scannán 'Blade Runner' agus Cattaneo ag cur cónaitheoirí an bhaile faoi agallamh, ag déanamh tagairt do thúir an bhaile, iad ina n-inspioráid d'amhrán U2, 'Running to Stand Still.'

Tá ciorclaíocht 155,000 ag an leagan Iodálach den iris cháiliúil seo, a bhíonn ar fáil san Iodáil agus san Eilbhéis go príomha.

"Tá sé fíorphianmhar domsa agus do lucht an bhaile," arsa John Lyons, TD ón Lucht Oibre, "agus déanann a leithéid dochar d'íomhá an cheantair freisin."

Mhínigh an Uasal Lyons go "bhfíoraíonn" sé droch-íomhánna a bheadh ag daoine eile faoin gceantar, cé nach bhfuil an iris ar díol ach i mbeagán siopaí anseo in Éirinn, toisc gur Iodáilis teanga na hirise.

Ní dhearna an Teachta Dála áitiúil aon trácht ar na daoine a cuireadh faoi agallamh, áfach, cé gurb iadsan a rinne an cur síos "pianmhar" ar Bhaile Munna do léitheoirí na hIodáile.

Níl freagra seolta ag Marie Claire go fóill maidir le míshástacht mhuintir Bhaile Munna leis an alt, atá ar fáil ar líne chomh maith le bheith foilsithe san eagrán chlóite den iris.

Tá fáil ar an alt ach "Ritorno a Ballymun" (Fill ar ais go Baile Munna) a chur isteach in Google.

Baile Átha Cliath

Comórtas Sacair 5 an Taobh

BEIDH comórtas sacair cúigear an taobh ar siúl i gCluain Dolcáin mar chuid de Sheachtain na Gaeilge i mbliana.

Seo an dara bliain a chéile a d'eagraigh Áras Chrónáin an comórtas. Beidh sé ar siúl ar na páirceanna Astroturf in Ionad Fóillíochta Chluain Dolcáin Dé Domhnaigh, 3 Márta, ó 12.00-4.00in.

Ghlac ocht bhfoireann páirt sa chomórtas anuraidh. Iardhaltaí de chuid Choláiste Chillian a bhí i bhformhór acu ach ghlac foirne ó Choláistí Ailigh i Leitir Ceanainn agus Ráth Chairn páirt ann chomh maith.

Sroich Ráth Chairn an cluiche ceannais, áit a fuair Coláiste de hÍde ó Thamhlacht an ceann is fearr orthu tar éis am breise.

Is féidir le foirne clárú roimh an 24ú lá d'Fheabhra ach glaoch a chur ar 086 3927090. Ceadaítear beirt ionadaithe ar gach foireann.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 30 Eanáir, 2013

'Tóg Amach Mé' mar chuid d'Éigse na Tríonóide

Colm Ó Broin

BEIDH imeacht suiríochta bunaithe ar an gclár teilifíse 'Take Me Out' ar siúl anocht mar chuid d'Éigse na Tríonóide atá ar siúl faoi láthair.

Tosóidh 'Tóg Amach Mé' san Grand Social ar Shráid na Life Íochtarach ag 8.00i.n. áit a rachaidh fir os comhar slua mná ag lorg coinne.

Craoltar 'Take Me Out' ar stáisiúin éagsúla timpeall na cruinne, TV3 ina measc. Bíonn ar fhear dul i bhfeidhm ar 30 bean le linn an chláir agus má bhíonn níos mó ná bean amháin sásta dul amach leis ag an deireadh bíonn air duine amháin acu a roghnú.

Tá os cionn 100 duine tar éis a rá ar leathanach Facebook na himeachta go mbeidh siad i láthair.

Is é Cumann Gaelach na hOllscoile a eagraíonn an Éigse agus beidh sé ar siúl go dtí an Aoine. Mar aon leis na himeachtaí éagsúla atá ar siúl, tá pancóga agus tae saor in aisce ar fáil i Seomra na Gaeilge gach maidin.

Tá Éigse na Tríonóide á eagrú ag Cumann Gaelach na hollscoile.

Beidh Tráth na gCeist idir mic léinn agus foireann an Choláiste ag 1.30i.n. amárach agus beidh amhránaíocht le cloisteáil ag Urnaí na Nóna i Séipéal an Choláiste ag a 5.15i.n. chomh maith.

Pléifear fadhbanna spioradálta, morálta, intleachtúla an domhain nuair a thiocfaidh An Siopa Leabhar chuig an gColáiste le hócáid liteartha darbh ainm "An Éigse Liteartha" a chur ar bun.

Ar an Aoine, Lá Fhéile Bríde, beidh Aifreann na hÉigse i Séipéal an Choláiste ag a 1.05i.n. Tá Seó Draíochta beartaithe ag a 7.30i.n. i léachtlann Uí Chadhain i mBloc na nEalaíon leis an draíodóir 'Rua', agus tabharfaidh foirne peile ó Choláiste na Tríonóide agus ó Choláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath aghaidh ar a chéile ag 2.00i.n.

Seoladh Foclóra nua Béarla-Gaeilge: Oisín Ó Doinn, Aifric Mac Aodha (aistritheoir leis an bhfoclóir nua), Tony Dillon agus Eoghan Mac Mathúna (aistritheoir leis an bhfoclóir nua).

Foireann Choláiste de hÍde, a bhuaigh Comórtas Cúigear an Taobh Sheachtain na Gaeilge i gCluain Dolcáin anuraidh. Barrshraith: Séamus Ó Duigáin, Marcas Ó Léancháin, Seán Ó Murchú. Bunshraith: Daithí Ó Murchú (C), Dylan Ó Broin, Jack Ó Drisceoil.

'As Toibreacha an tSlánaithe' seolta

SEOLADH an dlúthdhiosca 'As Toibreacha an tSlánaithe' ag ócáid i Mainistir na mBan Rialta, An Ghráig, Contae Cheatharlach, le déanaí. Bhailigh daichead duine agus na mná rialta le chéile i bparlús Naomh Clár don seoladh, a rinne an Moinsíneoir Breandán Ó Broin, riarthóir dheoise Chill Dara agus Leighlinne. Rogha de phaidreacha, iomainn agus sleachta scrioptúir as Gaeilge atá sa dlúthdhiosca chomh maith le rogha ceoil uirlise.

Chuir an Mháthair Rosarie céad míle fáilte roimh chách chuig an mhainistir agus dúirt sí go raibh áthas an domhain ar na siúracha a bheith páirteach sa tionscnamh chun dlúthdhiosca spioradálta as Gaeilge a chur ar fáil.

Rinne an Moinsíneoir Ó Broin comhghairdeas le gach éinne a bhí rannpháirteach sa togra agus dúirt sé go mbeadh an dlúthdhiosca an-áisiúil i scoileanna, i bparóistí agus in aon áit a bheadh tionól spioradálta ar siúl. Dúirt sé gur smaoineamh an-deas é chun na gnáth-phaidreacha agus na hiomainn a d'fhoghlaim daoine ar scoil a choimeád beo.

Is é an tAthair Conn Ó Maoldomhnaigh, Leas-Uachtarán Choláiste Cheatharlach, agus Kathleen Nic Dhiarmada, iarscoláire Ghaelscoil Cheatharlach agus Ghaelcholáiste Cheatharlach atá anois ag staidéar ceoil in DIT, a chanann na hiomainn as Gaeilge. Canann na mná rialta Salve Regina agus Regina Coeli. Is iad na léitheoirí ná Seán Mac Diarmada, Siobhán Ní Shíthigh agus Bríde de Róiste. Ollie Hennessy, léiritheoir an dlúthdhiosca, a sholáthraíonn na sleachta ceoil chomh maith.

Ghabh Bríde de Róiste buíochas ó chroí, thar cheann Ghlór Cheatharlach, leis na siúracha as a bheith bainteach leis an tionscnamh agus as an bhfáilte flaithiúil a fhearadh roimh an slua chuig an Mhainistir. Ghabh sí buíochas chomh maith leis an Athair Leo, O.F.M. Caipisíneach, a mhol an tionscnamh ar dtús agus le Foras na Gaeilge as deontas a chur ar fáil dó.

Is féidir cóipeanna den dlúthdhiosca a cheannach ar chostas €5 nó €8 agus postas san áireamh ó oifig Ghlór Cheatharlach, agus ó Ghlór na nGael ar www.udar.ie.

Mná Rialta ón nGráig, Contae Cheatharlach, ag seoladh an dlúthdhiosca 'As Toibreacha an tSlánaithe'.

MUMHAIN NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Scéalta Chorca Dhuibhne

Breandán Mac Gearailt

Seoladh 'Féilire' siúlóidí

"SEO rud amháin nár chuimhnigh an rialtas cáin ná dleacht a bhualadh sa mhullach air," arsa an TD Michael Healy-Rae agus é ag seoladh liosta dos na siúlóidí atá meáite acu siúd a eagraíonn na siúlóidí sa Daingean ar an gCéadaoin seo caite.

"Rud breá sláintiúil is ea an tsiúlóid," ar sé, "ach gan dul amach ón gcairt."

"Tá," ar sé, "an-dul chun cinn déanta i réimse na siúlóidí i gCorca Dhuibhne le blianta beaga, ach ní tharlaíonn rudaí mar seo gan daoine cumasacha bheith ar an stiúir.

"Cogar," ar sé, "ná bígí ag féachaint i dtreo Dháil Éireann in aon chor ach cuirígí le chéile agus le chéill leanfaidh úr ngaiscí."

Dhein sé comhghairdeas le Colm Ó Bambuire an fear a réitíonn clár na bliana agus go bhfuil éacht déanta aige sa réimse sin ó thosnaigh sé blianta beaga ó shin.

Mhol sé na hurraithe mar Muintir Ghairbhia agus Údarás na Gaeltachta.

Ba é Fionán Ó hÓgáin ón Údarás a bhí ina Fhear an Tí agus dúirt sé go raibh áthas air féin agus ar an Údarás faoin gcur chuige agus an cur i gcrích atá á chleachtadh ag Colm Ó Bambuire agus a choiste.

"Rud amháin a chabhródh go mór leis na siúlóidí agus le gach duine ar m'aithne," ar sé, "ná feabhas a theacht ar an aimsir, agus cead a bheith ag daoine bochta in áiteanna iargúlta cúpla piúnt a bheith acu ar an ndeireadh seachtaine," arsa Healy-Rae.

"Beam go léir ag guí," arsa fear Chill Gharbhán a d'úsáid níos mó na beagán Gaeilge le linn na hoscailte.

Sin tús, ach go hairithe, agus tús mór.

Mná ag rásaíocht

BHÍ cruinniú ann ar an deireadh seachtaine seo caite sa Daingean le socruithe a dhéanamh do cheann de mhór-ráiseanna na bliana, is é sin

Díomá ar Chontae an Chláir agus Sligeach luaite le Fleadh Cheoil na hÉireann 2014

Méabh Ní Thuathaláin

TÁ díomá léirithe ag Comhairle Contae an Chláir i ndiaidh gur fhoghair Comhaltas Ceoltóirí Éireann ar an Satharn 26 Eanáir go mbeidh Fleadh Cheoil na hÉireann ar siúl i Sligeach in 2014.

Seo é an tríú bliain as a chéile ar theip ar iarratas de chuid Chomhairle Contae an Chláir chun an Fleadh a reáchtáil in Inis.

Dúirt Pat Daly, Méara agus Comhairleoir de chuid Co. an Chláir go raibh 'díomá ollmhór' ar an Chomhairle agus ar gach duine a bhain leis an iarratas. "Obair dhá bhliain go leith a bhí san iarratas agus chuir muid cúiseanna fíormhaithe chun tosaigh le go mbeadh Inis in ann fleá den scoth a reáchtáil. Cé go bhfuil cáil ar an bhaile mar cheann de na háiteanna is láidre ó thaobh an cheoil thraidisiúnta de, níor éirigh linn na comhaltaí a thabhairt linn," ar seisean.

Is cailleadh ollmhór é don eacnamaíocht áitiúil, dar leis an Chomhairleoir agus Méara an bhaile, Peter Considine. "Bheadh sé ina spreagadh mór do mhuintir na háite dá bhfaighimis é. Ní raibh Fleadh Ceoil na hÉireann in Inis ó 1997 agus creidim go láidir go bhfuil sé thar am dúinn an Fleadh a reáchtáil, go háirithe nuair atá muid ag reáchtáil imeachtaí cultúrtha ar nós an Fhleadh Nua agus Fleadh na hInse, a bhíonn ar siúil gach bliain.

Seamus Tansey, (an dara duine ó chlé) agus a chairde ag seinm i seisiún sráide i lár bhaile Chabháin ag Fleadh Ceoil na hÉireann 2012. (GRIANGHRAF: PRÉAS OIFIG AN FHLEADH)

Beidh díomá ar Chomhairle Dhroichead Átha chomh maith, an t-aon bhaile eile a chur isteach ar an iarratas don Fhleadh in 2014. Meastar go dtagann suas le 300,000 duine chuig Fleadh Ceoil na hÉireann achan bliain agus gur fiú €40,000,000 é don eacnamaíocht áitiúil. Bhí an Fleadh i gCo. an Chabháin le trí bliana anuas agus beidh sé i gCathair Dhoire i mbliana.

Frustrachas i Múscraí mar gheall ar an N22

Concubhar Ó Liatháin

TÁ frustrachas agus míshásamh ar Chomhairleoirí Contae i gceantar Mhaigh Chromtha mar gheall ar an gcluas bhodhar atá á thabhairt ag Údarás Náisiúnta na mBóthar do chuirí uathu a theacht chuig cruinniú le plé a dhéanamh ar staid an bhóthair, N22, bóthar náisiúnta a fheidhmíonn mar chnámh droma cheantar Ghaeltacht Mhúscraí.

Dar leis an gComhairleoir Aindrias Ó Muineacháin, is iomaí cuireadh atá tugtha don Údarás ionadaí a sheoladh chuig cruinniú leo chun ceisteanna faoi shábháilteacht agus eile a phlé - ach ní bhfuair siad freagra ar bith ar a gcuid comhfhreagras.

"Tá sé deacair a dhóthain orainn. De ghnáth, bíonn an t-innealtóir a dhéanann plé ar staid na mbóthar áitiúil ar fáil - ach de bharr gur bóthar náisiúnta é an N22, níl aon teacht againn ar an innealtóir atá freagrach chun ár mbuairimh a chur in iúl.

"Tá an NRA ana dhona chun teacht chuig cruinnithe - ní amháin na cruinnithe linne ach cruinnithe atá iarrtha ag grúpaí eile."

I measc na gceisteanna ba mhaith leis na Comhairleoirí Contae i gceantar Mhaigh Chromtha a phlé, tá an imní mar gheall ar dhromchla an bhóthair a ritheann ó Chorcaigh go Trá Lí, castaí ar dheis agus tuillte a tharla i Maigh Chromtha le cúpla bliain anuas..

Tá ceisteanna tógtha freisin mar gheall ar mhórthogra athdhromchlaithe a tharla ar an mbóthar roimh na Nollag. Tá buairt léirithe an bhfuil an t-ábhar ceart in úsáid agus an mbeidh ar oibrithe filleadh chun obair a athdhéanamh ar an mbóthar.

"Táimíd in amhras faoi seo ar fad agus sinn ag cloisint go leor ráflaí ach níl aon freagraí cinnte againn," dúirt an Comhairleoir Ó Muineacháin.

Thagair sé freisin don easpa salainn agus grin a cuireadh ar bhóithre eile sa cheantar le linn na ráig sneachta agus oighir. "Is é seo an chéad tástáil a fuair an plean a réitíodh cúpla bliain ó shin - agus tá sé tábhachtach foghlaim ón eispéaras seo lena chinntiú go gceartófar aon easnaimh."

De réir an phlean seo, tugadh tosaíocht do príomhbhóithre sa chontae agus, de réir a chéile, do bhóithre áitiúla. Fán am ar tugadh suntas do bhóithre ar nós an bhóthair ó Chúil Aodha go Baile Bhuirne, a bhí i bhfíor-dhrochstaid ar feadh fhormhór na seachtaine, bhí an chontúirt thart.

Mionmharatón na mBan.

"Seo rás a bheidh eagraithe go hiomlán laistigh den gceantar," arsa Seán Ó Suilleabháin, an fear a chum agus a cheap é.

Is cuntasóir cairte é Seán go bhfuil baint aige le go leor imeachtaí pobail sa cheantar. Seo ócáid nua ar fhéilire spóirt Corca Dhuibhne, a dúirt sé linn.

Táthar ag súil go mbeidh an rás 10km seo, atá aitheanta ag lúthchleasaithe iomráiteacha, ar cheann do mhórócáidí spóirt na bliana ar an leithinis.

Dar leis an Súilleabhánach gur deis iontach é do mhná na dúiche dul amach fén aer agus taithí a fháil ar chleachtas sláintiúil, anois go bhfuil an lá ag dul i bhfaid agus an t-earrach romhainn amach.

Ach ceann dos na nithe is suimiúla agus atá fíorthábhachtach, dar leis, ná go mbeidh caoi ag rannpháirtithe airgead a bhailiú do chásanna fónta agus bheadh sé i gceist acu go raghadh gach pingin go dtí áiseanna pobail.

I mbliana, bheadh sé i gceist cibé airgead a dhéanfar a cur i dtreo raon reatha a chur ar fáil do Choláiste Pobail Chorca Dhuibhne, cabhair a thabhairt don CLG áitiúil agus don charthanacht Ailse Brollaigh.

Measann Seán agus a chairde go bhfuil caoi ann anois chun lá mór spóirt agus sóláis a bheith ag mná an cheantair agus ag mná ó gach aird. "Beam ag cabhrú le leas áiseanna pobail agus sláinte gach bliain," ar sé. D'fhéadfadh sé seo a theacht i gcabhair in go leor réimsí pobail fíor-riachtanach ná raibh aon leagadh súl fachta acu, ná iad ag súil leis.

Beidh mionmharatón na mban á sheoladh an mhí seo chugainn agus mura bhfuil dearmad orm, is í Miriam Ó'Callaghan ó theilifís RTÉ, a dhéanfaidh an gníomh.

Deirtear linn leis go bhfuil Seán Ó Súilleabháin sásta cnap mór airgid dá chuid féin a chur ar fáil leis an ócáid a chur ar a chosa le go bhfeicfeadh daoine gur leo féin é seo agus go bhfuil sé bunaithe ar an mbeartas leas an phobail a dhéanamh. Beidh go leor allais silte agus scata tuairimí eascartha sula dtagann an lá mór ar an 18ú lá de Bhealtaine.

Cúrsaí Caide na Gaeltachta

"CINNTE bíonn an-mhisneach ag daoine a thugann páirc caide orthu féin lá fliuch fiáin," arsa fear liom a bhí ag féachaint ar fhoirne na Gaeltachta agus Chaisleán an Ghriaire, a bhí ag imirt cluiche i gcomórtas sraithe caide Chiarraí Thiar ar an Satharn.

"Ach cad fé na daoine bochta atá ag féachaint ar an ngaisce?", a dúras.

"Caith uait," ar sé, "is féidir linne dul sa bhfothain."

Ní fliuch a bhí sé ach ina chlagarnach agus ní feothain gaoithe a bhí ann ach gála. Ach toisc gur ar dhumhach atá páirc chaide Ghallarais, is beag uisce in aon chor a fhanann ar barra.

I ndeireadh an chluiche bhí an lá leis an nGaeltacht leis an scór 0-10 v 1-3. Ba léir ná raibh aon imreoir róshásta leis an ndoineann ach bhí gach duine ar an bpáirc ar a gcroí díchill chom díograiseach san go measfá go raibh conradh €3/4m geallta do gach duine acu.

"Níl aon teora leis an óige," arsa an fear a chuir cath orm i dtosach, "agus ní haon nath acu an ghaoth fheannaideach ná an bharrthanacht báistí. Tá sé seo ag tarlú ar fuaid na hÉireann inniu, sin dúracht a chuirfeadh misneach ort," ar sé, agus é go lán dáiríre

Díoga caocha

"CIBÉ acu an é toil Dé é nó neamhaird na Comhairle Contae, is minic a d'fheicfeá níos mó uisce ag sní go bagrach i lár an bhóthair seachas an t-uisce sin a bheith treoraithe isteach sa díoga, a bhformhór atá cailcithe tachtaithe ag fásra fiailí ná mbaineann aon duine ach fodhíograsóir," arsa OCP na gCearta Sibhialta i gCorca Dhuibhne, Páidí 'Mhárthain' Mac Gearailt.

"Dá bhfaigheadh an fhoireann airgead agus treoir bheadh an 'scéal gan deireadh seo, réitithe," ar sé.

"Tá na bóithre réasúnta maith ach tar éis blianta agóide agus feabhas mór curtha ar bhóithre beaga agus réigiúnacha, tá níos mó airgid á scaoileadh le fána ag an státchóras tré neamhshuim a dhéanamh don scannal seo.

"Scriostar bóithre," ar sé agus ansan bíonn ar an gComhairle airgead mór a chaitheamh. Bheadh airgead spártha sa bhfadtéarma dá ndíbreofaí an t-uisce den mbóthar agus dá roinnfí cuid den ndualgas go tuisceanach leis na pobail áitiúila. Caithfidh go dtuigfidh siad é lá éigin," ar sé, "agus nuair a dhéanfaidh beidh airgead spártha acu," arsa an Gearaltach.

Sagart lách ar lár

FUAIR an Canónach Jeaicí Mac Ginneá ón nDaingean bás ar an Máirt seo caite in aois a 93 bliain.

Scoláire agus fear go raibh suim thar na bearta aige i gcúrsaí CLG agus i lúthchleasa. Le linn do a bheith ina shagart i bParóiste an Fhirtéaraigh', bhíodh idir óg agus aosta ag imirt caide, idir scoileanna agus pharóistí agus bhíodh laethanta lúthchleasa eagraithe go rialta aige.

Bhí gach duine an-cheanúil air. Bhí sé in áiteanna éagsúla eile ag áireamh an Daingin, Mainistir Ó dTórna, an tSnaidhm, Baile Chaisleáin Bhéarra agus ina shéiplíneach i gColáiste Íde. Bhí an-suim aige san ársaíocht agus sa stair áitiúil agus bhí roinnt leabhrán agus paimfléad fén dá ábhar foilsithe aige, ag áireamh leabhar deas fé bhaile an Daingin. Fear an-lách ab ea é agus bhí an-chuimhne aige. Bhí cuimhne fé leith aige ar gach buachaill a bhíodh ar an altóir leis. Ard-imreoir caide ab ea é agus bhuaigh sé cúig bhonn sinsir contae le foireann an Daingin sna daichidí. San am sin, bhí ó Lios Póil go Dún Chaoin ag imirt fé bhrat an Daingin. Is dóiche go mbeadh sé ar fhoireann an chontae murach go raibh rialacha Mhaigh Nuad ag an am an-dian. Tá a bheirt deirféar agus a cheathrar dearthár imithe chun na síoraíochta roimhis. In iothlainn Dé go gcastar a anam geanúil.

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Síneadh pleanála d'fhear Ghaoth Dobhair

Anton Mac Cába

THUG Comhairle Baile Leitir Ceanainn síneadh cúig bliana ar chead pleanála don chomhlacht Patrick J Doherty & Sons.

Chuir an chomhlacht isteach ar an síneadh ama ar an bhonn "applicant unable to secure funding from the banks at this time..."

Is le haonad miondíolta atá ag Plás McKendrick, Bóthar an Phiarsaigh, Leitir Ceanainn, a athrú ina bhialann atá an t-iarratas. Thug an Chomhairle cead cúig bliain ó shin do Patrick J Doherty an t-athrú a dhéanamh.

Sa bhfoirm iarratais don síniú, dúradh go raibh súil tús a chur leis an bhforbairt i Meitheamh 2015, agus críoch a chur leis i Márta 2018.

Tá Patrick J Doherty ar dhuine de na fir gnó is aitheanta fá Gaoth Dobhair. Is leis óstán 'An Chúirt'.

Is iad Patrick J, Philomena, Patricia agus Hugh Martin Doherty na scairshealbhóirí sa chomhlacht Patrick J Doherty & Sons. Is iad Patrick J, Philomena agus Hugh Martin Doherty na stiúrthóirí.

De réir na gcuntas is déanaí, don bhliain 2010, bhí caillteanas €3,827,452 ag an chomhlacht. Tá 82 morgáiste agus muirear cláraithe ina éadán, de réir na gcáipéise is déanaí ón Oifig Um Chlárú Cuideachtaí.

Laghdú ar líon na n-iarratas pleanála i nDún na nGall - arís

Anton Mac Cába

BHÍ an bhliain anuraidh ar an séú bliain as a chéile go raibh laghdú ar líon na n-iarratas pleanála a cuireadh isteach chuig Comhairle Contae Dhún na nGall.

Cuireadh isteach 1,979 iarrtas, sin laghdú beagnach 80% ón mbuaicphointe in 2006, bliain ar cuireadh 9,353 iarratas isteach.

Tharla an titim mhór idir 2006 agus 2009. Tá anois ráta mall laghdaithe ar siúl. Bhí titim 130 ann ó 2011 go dtí anuraidh, agus 125 ó 2010 go dtí 2011.

Tá sé anois beagnach scór bliain ó bhí líon na n-iarrtas sa chontae chomh híseal ach ní féidir comparáid bheacht a dhéanamh, mar go bhfuil athrú tagtha ar reachtaíocht pleanála ó shin.

'Dea-Chaint John Gráinne'

Anton Mac Cába

TÁ leabhar nua bunaithe ar caint an tseanchaí,, John Gráinne Ó Duibhsheannaigh, le seoladh san Áislann i Rann na Feirste Dé Sathairn, 2 Feabhra ar a hocht.

Is é 'Dea-Chaint John Gráinne' le Tom Hodgins an leabhar atá i gceist.

Dar le Hodgins, tá John Gráinne Ó Duibhsheannaigh ar dhuine de na foinsí beo is fearr atá ar fáil idir an

Cosc ar Hughie McGee a bheith ina stiúrthóir comhlachta

Anton Mac Cába

CUIREADH cosc ar Hughie McGee, an fear gnó aitheanta as Gaoth Dobhair, a bheith ina stiúrthóir ar chomhlacht go ceann cúig bliana.

Cuireadh an cosc céanna ar a bhean, Jeanette McGee.

Cuireadh an cosc de bharr a n-iompar agus iad ina stiúrthóirí ar Clanmacca Company Ltd.

Dar leis an Ard-Chúirt nach raibh a n-iompar freagrach maidir le riaradh ghnó an chomhlachta.

Níl cead acu feidhmiú go díreach ná go hindíreach, ná páirt a glacadh i gcur chun cinn na i mbunú comhlachta ar bith, don tréimhse sin.

B'ar iarrtas an leachtaitheora, Joseph Gannon, a rinneadh an cosc. B'ar iarrtas ón Bhanc Angla-Éireannach a ceapadh Gannon in 2010.

Bhí McGee ar dhuine de na fir ghnó ba mhó i nDún na nGall tamall beag de bhlianta ó shin.

Bhí óstáin an Clanree i Leitir Ceanainn agus an Caiseal Mara i mBun an Phobail: clubanna oíche: tábhairní agus gnó tógála mar chuid den impireacht ghnó a bhí aige.

Bhíodh sé ina stiúrthóir ar shé chomhlacht ach tá trí cinn acu sin scaoilte anois agus dhá cheann i lámha glacadóra.

Tá seoltaí ag an lánúin i gceantar Dún Geimhin, Co. Doire, faoi láthair.

Tim Ó Flatharta, Noeleen Ní Cholla agus Lydia Groszewski ag seoladh an foclóra nua Béarla-Gaeilge.



Ghaeilge agus an béaloideas.

"Tháinig na mílte ag tarraingt ar John Gráinne le dhá scór bliain anuas," ar seisean.

Tá John Gráinne 92 bliain d'aois anois. Thosaigh Hodgins ag bailiú eolais ón seanchaí nuair a bhí sé féin ar scoil agus tá na nótaí aige ar fad. Thar na blianta, bhuaileadh sé síos go Rann na Feirste, go mbaileodh sé tuilleadh ábhair uaidh.

Is as Droichead Átha ó dhúchas do Hodgins. Tá céim le Béarla agus Gaeilge aige ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.

Chaith sé tamall maith de bhlianta ina léachtóir ollscoile le Béarla i gCalifornia agus sa Téalainn, sular fhill sé ar an bhaile. Agus é thar lear, d'éirigh sé iontach oilte sna healaíona troda.

Tá seoladh eile den leabhar le bheith san Boyne Valley Hotel, Droichead Átha, De Sathairn, 9 Feabhra ag 8.30i.n.

Gaeilgeoir SDLP ag seasamh i Lár Uladh

Anton Mac Cába

ROGHNAÍODH Patsy McGlone, Gaeilgeoir agus Comhalta den Tionól Reachtach, ina iarrthóir ag an SDLP sa bhfothoghchán do shuíochán Lár-Uladh ag Westminster.

Tá McGlone ar dhuine de na Gaeilgeoirí is aitheanta sa saol poiblí ó Thuaidh.

Ar a shuíomh idirlíne, tá píosa suntasach i nGaeilge ar an chéad leathanach. Labhraíonn sé Gaeilge go rialta sa Tionól. Labhair sé cúig huaire ann an tseachtain seo caite. Chuir sé tús leis an chaint sa Ghaeilge achan uair, ansin chuir sé Béarla air.

"Tá an Ghaeilge s'aige chomh maith sin go bhfuil sé deas bheith ag éisteacht leis," arsa Comhalta Aontachtach amháin.

Bhí sé san iomaíocht do cheannaireacht an SDLP dhá bhliain ó shin, ach theip air. Bhí tacaíocht d'Acht Gaeilge ó Thuaidh mar chuid dá fheachtas.

Níor fhoghlaim sé féin Gaeilge go dtí go raibh sé ar an ollscoil. B'shin mar nach raibh an Ghaeilge ina hábhar agus é ar an mheánscoil sa Rainey Endowed i Machaire Fíolta.

Ba scoil rialaithe í ina raibh tromlach na ndaltaí ina bProtastúnaigh. Molann sé an scoil go hard na spéire.

"Bhí táithí agam ar dhaoine ó chúlraí eile, agus is maith an rud é sin," ar seisean.

Patsy McGlone

Coláiste Gaeilge Dhún Lúiche le hoscailt arís

Anton Mac Cába

TÁ Coláiste an Phiarsaigh, Dún Lúiche, le hathoscailt i mbliana; bhí an coláiste ann go dtí tamall de bhlianta ó shin.

Dúirt Seán Mac Suibhne ón gcoiste gurb iad muintir Bhaile Átha Cliath agus thuaisceart Laighean a bhíodh ag tarraingt ar an Choláiste roimhe. Dar leis go raibh riamh ceangal ag muintir an Tuaiscirt le Dún Lúiche.

"Ba mhaith linn cluinstin ó mhúinteoir ar bith sa Tuaisceart gur mhaith leo scoláirí a chur air," ar seisean.

Beidh trí cúrsa ann: Meitheamh, Iúil agus Lúnasa. Beidh ceithre rang ann, agus thart fá €100 an dálta a bheidh mar tháille.

Is as an bhFál Carrach don Suibhneach féin, ach b'as Mín na gCapall, lámh le Dún Lúiche, dá mhuintir.

"Tá sprid sa phobal i nDún Lúiche nach bhfuil i mórán áiteanna eile," ar seisean. "Is cinnte go dtuigeann siad an tábhacht atá leis an Ghaeilge, agus tá meas acu air, agus labhraíonn siad cibé Gaeilge atá acu - rud nach dtiocfadh leat a rá faoi achan áit eile."

Tá suíomh idirlín an Choláiste ag www.colaisteanphiarsaigh.com. Is féidir dul i dteangmháil leis an Rúnaí, Diarmuid Ó Foghlú, ar 041 (0035341 ón Tuaisceart) 6853036, nó ar an ríomhphost ag colaiste2@gmail.com

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 30 Eanáir, 2013

An cás ar son rogha

Déanann **Laoibhse Nic Shuibhne** cás ar son an rogha chun ginmhilleadh a fháil

IS ceist cearta daonna go mbeadh fáil ag mná torracha ar ghinmhilleadh dlíthiúil agus sábháilte.

As ballstáit an AE ar fad, tá an seasamh dlí is pionósaí ag Éire maidir le foirceannadh in éineacht le Málta, leis an Pholainn ag teacht sa tríú háit.

De réir dhlí bunreachtúil na hÉireann, tá cearta tugtha do shaol na mná ar aon leibhéal leis an bhféatas.

Dá bhrí sin, caithfidh bean torrach a bheith ar thairseach an bháis, chun foirceannadh dlíthiúil a fháil.

Dlí smachtúil é an *Offences Against the Person Act 1861* a dhéanann mhórchúis as an nginmhilleadh gan gá.

Ní dhéanann sé faic ach mearbhall dlíthiúil a choinneáil ar an díospóireacht. Ní mór an fhoráil sin a chur ar ceal ionas nach mbeidh mná ag tabhairt aghaidh ar fheileonacht a tharraingíonn príosún saoil, 'le daorobair' agus gaibhniú aonair.

Tá reachtaíocht de dhíth ar chleachtóirí leighis ionas nach mbeadh 'pianseirbhís' i ndán as an oilghníomh mar chomhchealgaire. Bhí an dlí seo ar an bhfód 23 bliana roimh Ghuth na nÉireannach. I gcás mná 61 bliana. Cuireann sé col orm.

Má dhéanann bean torrach iarracht d'aon ghnó an féatas gan iarraidh a cuireadh inti go coiriúil, a chur as a broinn i ndiaidh éignithe, beidh sí ciontach as coir a dhéanamh díreach cosúil lena hionsaitheoir.

An cheist shuimiúil: cé a scaoilfear saor ón bpríosún ar dtús?

Aibhsíonn an U-chasadh ar phianbhreith an éigneora srathach leanaí, Patrick O'Brien, na pionóis neamhleor a thugtar d'athchiontaitheoirí gnéis. Tá O'Brien ag tabhairt aghaidh ar trí bliana príosúin de bharr na feirge a d'éirigh ar an bpobal.

Conas is féidir le chóras dlí an trócaire sin a cheadú ar bonn drochshláinte d'athchiontaitheoir gnéis?

Smaoinigh ar na híospartaigh éignithe atá torrach. Níl aon trócaire ar shaincheist na drochshláinte. Faigheann siadsan pianbhreith saoil ráthaithe, gan seans ar bhannaí.

Tá tosaíocht dhlí curtha ar bun maidir le saincheist an fhéinmharaithe i gcás X. Dá mbainfí an choinníoll seo amach bheifí amhrasach dlíthiúil.

Dar le Dr Anthony McCarthy, Síciatraí Comhairleach san Ospidéal Náisiúnta Máithreachais: ba chóir do mhná a bheith maslaithe faoin smaoineamh go gcuirfeadh bean i gcéill go mbeadh smaointe féinmharaithe aici le linn toirchis..

Mhol altra síciatrach, Carolyn Nic Eoin, i bpíosa ar son na beatha i nGaelscéal an tseachtain seo caite, go bhfuil smaointe féinmharaithe níos coitianta tar éis ginmhilleadh ná mar atá i measc na mban a théann an téarma iomlán.

Fána sleamhain é sin. Saincheist mheabhairshláinte chasta is ea féinmharú nach féidir a shimpliú chun freastal ar cheachtar dár gclár oibre. Bíonn gach cás uathúil agus ní mór dúinn meas a thabhairt dóibh go hiomlán.

(Pic comhaid) Bean ar agóid ar son rogha i mBaile Átha Cliath [PHOTO : MARK STEDMAN/PHOTOCALL IRELAND]

Má chreideann bean go réiteoidh foirceannadh a fadhbanna, gheobhaidh sí cheann thar lear, sula luíonn sí ar tholg an tsíciatraí.

Aontaíonn Nic Eoin le ráiteas an Ollaimh Eamon O'Dwyer nach bhfuil gá le ginmhilleadh riamh chun saol an máthar a shábháil.

Daingníonn ráitis ag éisteachtaí an Oireachtais le déanaí ón Dr Sam Coulter Smith (Rotunda) agus an Dr Rhona Mahony (Sráid Holles), áfach, go raibh naoi nginmhilleadh tarrthála taifeadta idir an dá Ospidéal anuraidh.

Nuair a chuirtear na hospidéil eile sa mheá, is féidir an líon sin a mhéadú. Tá neamhaird tugtha go caoithiúil ar an eolas seo ag an lucht beatha - níorbh aon ionadh é sin. Ach nuair a bhíonn caochspota ag gairmithe leighis áirithe d'fhíricí loma is neamhaird chontúirteach é.

Ní gá do mhná na hÉireann impí ar an Ollamh más gá foirceannadh dlíthiúil a fháil mar gheall ar thoircheas eachtópach, ar hipirtheannas scamhóige nó ar réamheaclaimsia. Tá sé scortha.

Chuir iar-chnáimhseoir / gínéiceolaíoch roinnt ban in Éirinn faoin scian le haghaidh simfiseatóimí agus chuaigh thart ar 1,500 bean torrach go neamhdheonach faoi scian simfiseatóime go neamhdheonach idir 1944 - 1992.

Neamhaird scannalach do chearta agus do neamhspleáchas na mban. Modh oibre ón Ré Ársa a bhí in úsáid anseo le deanaí in ainm reiligiúin agus smacht a choinneáil ar mhná.

Do mhná atá ag iarraidh foirceannadh a fháil ar chúiseanna sláinte nó eacnamaíochta, ní mór dóibh taisteal thar lear ar chostas íosta €1000 - méid suntasach. Bíonn am riachtanach leis an airgead a bhailiú.

Dá thairbhe sin, is minic a bhíonn ginmhilleadh déanach acu. Gan árachas sláinte, go minic gan a stair leighis a bheith ar fáil, tá na mná i mbaol sláinte agus iad ag taisteal.

Tá ginmhilltí a bhaineann le mínormáltachtaí féatais níos costasaí agus am-íditheach. Tá sé éadrócaireach nuair a chuirtear san áireamh nach mairfeadh an féatas.

Tá sé mídhaonna iachall tuismíochta a chur ar bhean. Tugann an seasamh ar son rogha an cinneadh don bhean chun dul ar aghaidh le toircheas nó críoch a chur leis.

Má diúltaítear rochtain ar fhoirceannadh, gearrann an sochaí cruatan meabhrach, fisiciúil agus eacnamaíoch ar mhná.

Ní bheadh aon fhadhb ann dá ndíreodh an lucht coimeádach agus an rialtas níos mó ar a saolta féin in ionad orthu siúd a bhfuil tuairimí dlisteanacha difriúla acu ar shaincheisteanna shláinte, phríobháideacha..

Ní bhfaigheann mná torracha sochair chúram leanaí. Conas a bhfuil sé seo dlíthiúil nuair a bhíonn cearta iomlána mar shaoránach ag an bhféatas?

Deir an pobal beatha linn "*love them both*". Is dóigh liom nach bhfuil aon ghrá á léiriú domsa mar tá mo chearta á sárú maidir le hiomláine mo chorpsa agus rochtain ar chúram sláinte.

Ní fheicim duine ar bith acu ag tairiscint na dtáillí coláiste agus ag ofráil chun pá na gcúramóirí a íoc.

Tá siad ag cur iallaigh orainn féatas a iompar chun iad a ghoradh ar son an Stáit. Níl alt ar bith sa bhunreacht a laghdaíonn cearta atáirgthe na bhfear.

Fad is nach féidir foirceannadh a fháil in Éirinn beidh cearta bunúsacha na mban á sárú.

An fhadhb atá le seasamh an lucht beatha ná nach bhfuil aon ábhar díospóireachta acu seachas an gcreideamh gur dúnmharú é gach foirceannadh.

Tá drogall ann chun meas a thabhairt ar gach gné den saol. Tá Éirinn faoi dhiansmacht ag meafar: buille chroí an fhéatais an t-arm is uaisle atá gluaiseacht na beatha.

In ainneoin go leor bás féatas mar thoradh ar inchinne míchumtha, agus orgáin ar iarraidh; is comhartha lag, éadrócaireach é buille croí sealadach a úsáid mar bhagairt ar shláinte mná.

Ní smaoiníonn gluaiseacht na beatha faoin saol taobh amuigh den útaras. A gcreideamh treallúsach, go bhfuil an phearsanúlacht ráthaithe ag an nginiúint.

Tá sé dodhéanta an t-am sin a chinntiú i gcás lánúineacha atá ag iarraidh linbh agus iad ag i mbun comhriachtain go rialta. Sa chás sin, caillfear suas le 2/3 de na uibheacha toirchithe go spontáineach agus ní shroicheann siad na feadáin fhallópacha riamh.

Cuir san áireamh gach deacrachta féideartha le linn toirchis agus fiafraigh duit féin conas a mbeadh sé cóir cearta cothroma a thabhairt d'fhéatas nach mairfidh nuair a bhíonn do mháthair, nó do dheirfiúr i mbaol mór deacrachtaí sláinte nó faoi brú chun féatas éigneoir a thabhairt ar an saol?

Seo í an phríomhchúis gur gá an t-ochtú leasú a chealú.

Nuair a fhaightear bás deirtear go dtarraingítear an anáil dheireanach. Cén fáth nach dtagann an dlí chuig an gconclúid loighciúil chéanna faoin gcéad anáil a tharraingítear ón gcliabhán?

An dáta atá curtha ar an teastas breithe a bheith mar an dáta dlíthiúil ar tháinig tú isteach sa chine daonna.

Is ar an dáta sin a stopann gluaiseacht na beatha ag troid dod cheart chun na beatha.

Is Scannánóir í Laoibhse Nic Shuibhne agus is ball í den fheachtas ar son cearta foirceanta.

Bhí macalla a shinsir in óráid Obama

Páidí Ó Lionáird ar óráid insealbhaithe Uachtarán Mheiriceá, Barack Obama

CHUAS féin agus bean a' tí chuig an bpictiúrlann ag an deireadh seachtaine. Téimid ann go minic ach bhí floscadh bíse ar leith orainn an babhta seo, óir go raibh an oiread san iomrá cloiste againn faoi shár-léiriú an scannáin Lincoln.

Sular thosnaigh an scannán, bhíos ag cuimhneamh ar an ócáid a tharla cúig lá roimh ré i Washington DC nuair a insealbhaíodh Barack Hussein Obama dá dhara thréimhse oifige.

Cad a cheapfadh Lincoln faoi?

Caithfidh go bhfuil sé deacair seasamh os comhair an domhain mhóir agus mionn oifige Uachtarán Stáit Aontaithe Mheiriceá a rá, glan agus gan botún. Caithfidh go bhfuil, mar tá teipthe ar an Uachtarán reatha, Barack Hussein Obama faoi dhó anois. Nílim á rá mar cháineadh ach mar ráiteas fírice agus i ndáiríre...

Agus é ag tabhairt a mhionn oifige, bhí a lámh chlé sínte amach os cionn ar dhá bhíobla aige. Ceann acu arbh le Lincoln é agus an ceann eile arbh leis an ngníomhaí cearta síbhialta, Martin Luther King, é. Beirt cheannairí a labhair an teanga comhionannais céanna agus a cuireadh chun báis dá bharr.

Bheadh go leor tagairtí as a gcloisfeá macalla na beirte úd ina aitheasc ag Obama agus tagairtí eile a thabharfadh le fios cad a bhí ar a intinn aige a bhaint amach lena dhara tréimhse oifige.

Thárla ócáid a insealbhaithe ar chéimeanna fhoirgneamh na hardchathrach os comhair na gcéadta mílte dá lucht tacaíochta agus labhair an tUachtarán ar feadh fiche nóiméad ina dhiaidh. Mar a tharlaíonn ag a leithéid d'ócáidí, bíonn go leor urtheilgin le tabhairt faoi ndeara; focla breátha oiriúnach don ócáid.

"Beatha, saoirse agus toraíocht an tsonais." Focail ón bhforógra dar chum Thomas Jefferson in 1776, ag cur síos ar na cearta bunúsacha a bhronann saoránacht Stáit Aontaithe Mheiriceá ar a muintir féin.

Cearta iad seo atá cloiste againn na céadta mílte uair roimhe seo in iliomad scannán agus clár teilifíse a mhaíonn na mianta céanna sin thar cheann na 'poblachta is cumhachtaí' agus 'is fearr' ar domhan. Áibhéil na Meiriceánach; uaireanta bíonn sé go breá ach go minic, pianmhar.

Mar sin féin, is cearta iad a chuir an 44ú Uachtarán ar na Stát Aontaithe chun úsáide agus é ag tabhairt a aithisc an tseachtain seo caite. Aitheasc atá tugtha anois aige den dara huair agus don uair dheireannach, óir nach mbeidh sé de chead aige seasamh don tríú babhta in 2016.



16ú Uachtarán SAM, Abraham Lincoln

Bhí go leor eile ina chuid cainte freisin a bhí fréamhaithe i stair na Stáit Aontaithe. Go leor tagairtí ann a thug comhionannas, saoirse agus síocháin chun cuimhne. Macalla a shinsir agus go háirithe ar an séú Uachtarán déag, Abraham Lincoln.

Ní dóigh liom gur comhtharlú é in aon chor go raibh na tagairtí úd iniata ina chuid óráide tráth go bhfuil an scannán faoi Lincoln sna pictiúrlanna ar fud na cruinne i láthair na huaire - scannán atá ag mealladh ómóis agus moladh le feabhas a chuid léirithe agus le barr feabhais aisteoireachta an príomhcharachtair, Daniel Day-Lewis.

Sa mhionn oifige, bíonn ar an Uachtarán geallúint a thabhairt go gcomhlíonfaidh sé Oifig na hUachtarántachta agus go ndéanfaidh sé a dhícheall Bunreacht na Stáit Aontaithe a chaomhnú agus a chosaint. Níltear cinnte faoi bhunús cabhrach Dé agus cathain ba thúisce a cuireadh sa mhionn é.

Dúirt Obama go leor ina óráid nach ndeirtear go hiondúil, áfach, é ag cur síos ar chuid de na dúshláin atá amach roimhe sa tréimhse ceithre bliana seo chugainn. Bhí sé suimiúil gur chuir sé béim air nach bhfuil dílseacht do pháirtí ná d'aon ní eile luaite sa mhionn. Mionn do Dhia agus do Mheiriceá atá ann, a dúirt sé.

Dúirt sé freisin gur beag difríochta atá idir an mionn a thug seisean agus an ceann a thugann saighdiúirí na Stáit Aontaithe nó gach saoránach eile a thugann urraim do bhrat réaltaí agus stríocaí SAM agus d'impigh sé ar gach saoránach oibriú leis na mianta sa mhionn oifige a bhaint amach.

Agus é ag leagan amach cuid dá dhúshláin, thug sé le fios go neamhbhalbh na deacrachtaí a bhí aige le ceithre bliana anuas - Obamacare, athrú aeráide, deiseanna oideachais do chách, deiseanna dóibh san a chreideann sa bhforógra go mbeirtear gach duine go cothrom, cuma cén dath craicinn nó sloinne atá acu.

Dhein sé athrá ar ghealúintí an chomhionannais arís nuair a luaidh sé cearta na mban i gcomhthéacs cothromaíochta a gcuid saothair. Dhein sé tagairt caoinfhulaingthe do dhaoine aeracha ag rá má beirtear daoine go cothrom, go bhfuil an grá a thugann siad dá chéile chomh cothrom céanna.

Chuir sé lena ndúirt King faoi shaoirse nuair a dúirt sé nach féidir saoirse an duine aonair a scarúint ó shaoirse gach uile dhuine eile ar thalamh na cruinne. Ag a leithéid d'ócáidí, bítear i gcónaí ag súil le focla breátha, urtheilgean agus uaillmhian don todhchaí. Bhíodar ann go tiubh.

Ach an bhfuil sé réalaíoch? An bhfuil bunús na fírinne ann agus an féidir brath ar Stáit Aontaithe Mheiriceá le theacht i gcabhair an chine faoi chois? An chine faoi léigear? An chine gan dóchas?

Ar an drochuair, tá fianaise ann - ar fud na cruinne a léireodh nach féidir brath ar Stáit Aontaithe Mheiriceá níos mó.

Bhí go leor eile ina chuid cainte freisin a bhí fréamhaithe i stair na Stáit Aontaithe. Go leor tagairtí ann a thug comhionannas, saoirse agus síocháin chun cuimhne. Macalla a shinsir agus go háirithe ar an séú Uachtarán déag, Abraham Lincoln.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 30 Eanáir, 2013

Cén bhaint atá idir Staid Neckar 1988 agus ár ngeilleagar inniu?

Drochlá ar fad é dúinne má chinneann pobal na Breataine an AE d'fhágáil, a scríobhann **Conall Ó Móráin**

Lá stairiúil, 12 Meitheamh 1998. Charlie O'Leary, ar chlé, in éineacht le Ray Houghton agus iad ag ceiliúradh tar éis gur bhuail foireann Phoblacht na hÉireann foireann Sasana i gCraobhchomórtas na hEorpa in Stuttgart, an Ghearmáin [PIC : RAY MCMANUS / SPORTSFILE]

IGCIONN cúpla seachtain beidh muid ar fad bailithe thart ar an teilifís, nó beidh buíon beag go bhfuil an t-ádh leo agus in ann freastal air, ag breathnú ar an gcluiche rugbaí idir Éirinn agus Sasana.

Seo cluiche an 'tseannamhaid' agus, níos mó ná aon fhoireann eile, is maith linn an bua d'fháil ar aon fhoireann Sasanach, go mór mór nuair atá muid á n-imirt i gcluiche de bhunadh Sasanach (is féidir aon díospóireacht faoi fhréamhacha rugbaí a sheoladh go dtí an t-eagarthóir!).

Bhí an t-ádh dearg liomsa na blianta siar mar, de bharr turas oibre, d'éirigh liom dul go dtí an cluiche sacair idir Éirinn agus Sasana a imríodh i staidiam Neckar (staidiam Mercedes Benz a thugtar anois air) i Stuttgart na Gearmáine.

Bhuaigh muid an cluiche stairiúil sin nuair a chur Ray Houghton an liathróid sa chúl.

Bhuaigh muid rud eile, creidim, an lá sin - baineadh cuingir dúinn mar thír - thuig muid faoi dheireadh go raibh agus go bhfuil ábaltachtaí ionainn mar dhaoine cibé rud is rogha linn a dhéanamh ach cur ina threo.

Bhí na mothúcháin chomh hard ag an gcluiche gur cuimhin liom ceannasaí na cuideachta ag léim ar mo dhroim agus é ag caoineadh gan srian.

Cé go bhfuil a leithéid do mhothúcháin go breá, agus ní dhéanann sé aon dochar d'éinne, an fhaid gur ar pháirceanna imeartha a tharlaíonn sé. Ní mar an chéile é nuair is faoin gheilleagar atá muid ag trácht.

An fáth go bhfuilim ag scríobh faoi seo inniu ná go mblaisim i roinnt den tráchtaireacht faoi chúrsaí polaitíochta agus geilleagair Shasana go bhfuil roinnt daoine ag baint sásaimh as na deacrachtaí atá ag Príomhaire na Breataine, David Cameron.

Cheana féin, tá ceannlínte feicthe agam ag rá gur dea-lá dúinne mar thír é má fhágann an Bhreatain an tAontas Eorpach (AE).

Tá roinnt scríbhneoirí ag moladh fiú go n-imeodh feidhmeannaigh shinsearacha an Údaráis Fhorbartha Tionscail ar thuras speisialta go dtí Stáit Aontaithe Mheiriceá ag cur i gcuimhne dóibh - i gcás nach raibh a fhios acu cheana - go bhfuil an tír seo ag fanacht san AE agus gur anseo an áit is fearr le cuideachtaí nua a bhunú más margadh Mhór-roinn na hEorpa atá mar sprioc acu.

Drochlá ar fad é dúinne má chinneann pobal na Breataine an AE d'fhágáil. B'fhéidir nach maith linn ar an bpáirc imeartha iad ach gan aon cheist is é Sasana an margadh is tábhachtaí atá againn.

Spéisiúil freisin é gur muidne ceann dos na margaí is tábhachtaí acu siúd in ainneoin nach bhfuil againn ach faoi bhun cúig milliún duine sa Stát.

Is é Martin Naughton duine dos na fir gnó is iomráití sa tír, gan boladh na mbanc ná cistí tarrthála aon áit in aice leis.

Tá Naughton tar éis cuideachta ollmhór Glen Dimplex, a bhfuil a cheannáras i gContae Lú, a thógáil agus a leathadh ar fud an domhain agus os cionn ceithre chéad earra difriúil leictreach á ndíol aige trasna na cruinne.

Tráchtas atá ag Naughton, agus seo mar a thosaigh sé féin, nár gur na Sé Chontae an chéad mhargadh 'easpórtála' go mba cheart do chuideachtaí bídeach Éireannach díriú air - sheol seisean a chuid teasairí go dtí an Iúr agus go Béal Feirste mar thús.

Ina dhiaidh sin, deir sé gur chóir dúinn aghaidh a thabhairt ar an Bhreatain agus an seasca milliún duine atá ina gcónaí ansin. Is cuma cén fáth é, ach labhraíonn muid an teanga chéanna agus de bharr an teacht agus imeacht eadrainn le míle bliain anuas, tuigeann muid a chéile cuid mhaith.

Bhí na mothúcháin chomh hard ag an gcluiche gur cuimhin liom ceannasaí na cuideachta ag léim ar mo dhroim agus é ag caoineadh gan srian. Cé go bhfuil a leithéid do mhothúcháin go breá, agus ní dhéanann sé aon dochar d'éinne, an fhaid gur ar pháirceanna imeartha a tharlaíonn sé. Ní mar an chéile é nuair is faoin gheilleagar atá muid ag trácht.

Oireann sé go mór dúinne, thar aon tír eile, go n-éireodh go geal le geilleagar Shasana agus is drochlá dúinne atá ann nuair nach mbíonn cúrsaí eacnamaíochta na tíre sin sláintiúil.

B'fhéidir gur dearmad polaitiúil atá déanta ag Cameron nuair a thug sé an seans dóibh siúd ar eite dheis an Pháirtí Choimeádaí brú a chur air chun reifreann a rith faoin tsaincheist.

Ach tá an méid sin déanta anois ach faoiseamh amháin aige, nach bhfuil ar aon rud le déanamh faoi go cionn cúig bliana. Cheana féin, tá Cónaidhm Thionscail na Breataine buartha faoi céard a tharlódh dá roghnódh an pobal an AE d'fhágáil agus tá siad aontaithe gur tubaist eacnamaíochta a bheadh ann dá dtír.

Is drochrud aon rud a chuireann aon bhac ar thrádáil. Sin an fáth go n-úsáidtear é mar 'armlón eacnamaíochta' chun baic a chur ar easpórtáil go tíortha nach gcloínn le rialacha idirnáisiúnta iompair - mar a tharla leis an Afraic Theas nuair a bhí córas na cinedheighilte fós i réim.

Oibríonn na trádbhaic seo agus is dóigh go dtiocfadh trádbhac de shórt éigin dá vótálfadh na Breatnaigh an AE a chur taobh thiar díobh.

Cé go mbeadh fonn ar an AE gan aon bhaic a chur i bhfeidhm ar Shasana, bheadh brú ar fheidhmeannaigh an AE a thaispeáint go raibh difear de shórt éigin ann - ní fhéadfadh siad ligin orthu nach raibh faic tar éis tarlú.

Ceann dos na rudaí is tarraingtí do lucht gnó maidir leis an AE ná go gceadaíonn sé éascaíocht i mbogadh earraí agus seirbhísí trasna na Mór-roinne. Is aontas tráchtála atá san AE agus tá an AE tar éis cabhrú go mór le forbairt a dhéanamh leis na blianta ó bunaíodh é, ar gheilleagair thíortha an aontais go mór agus ar an tír seo ina measc.

Ba chóir go mbeadh muid an-chúramach ar fad dá bharr seo, faoi céard a deir muid faoin vóta i Sasana. Is fiú dúinn, ag gach deis a thagann inár dtreo, a mheabhrú dóibh céard iad na buntáistí trádála atá acu laistigh den AE agus dá bharr, go bhfuil a gcuid post, go díreach nó go hindíreach, ag brath ar a mballraíocht san AE.

Fágaimis an naimhdeas ar an bpáirc imeartha. Tugaimis an cairdeas go dtí an seomra boird.

Tá imtheorannú linn i gcónaí

Eoghan Ó Néill ar chás Marian Price

Torramh Dolours Price, deirfiúir Marian Price, i mBéal Feirste Dé Luain. Tá a cónra á iompair ag mic s'aici, Danny, ar chlé, agus Oscar, ar dheis. Ciontaíodh Marian agus Dolours Price, in éineacht le Gerry Kelly, as buamáil a dhéanamh ar chúirt an 'Old Bailey' i Londain Shasana in 1973 [PIC : LAURA HUTTON/PHOTOCALL IRELAND]

NUAIR a iarradh ar an bhfear grinn, Sean Hughes, ar Raidió 4 BBC le déanaí cad é an cineál ceoil a raibh dúil aige ann agus é ag fás aníos d'fhreagair sé gurb é , '*Armoured cars and tanks and guns*' an rud a bhí ar bharr a theanga aige seachas aon liricí popcheoil.

Don duine atá ró-óg leis an tagairt a thuiscint sliocht é '*Armoured cars and tanks and guns*' as an amhrán clúiteach, '*Men Behind the Wire*' ceirnín a d'eisigh an Barleycorn in 1971 i ndiaidh imtheorannú a bheith curtha i bhfeidhm sna Sé Chontae.

Ní maith le RTÉ go meabhrófaí dóibh é, ach chuaigh an ceirnín go barr na gcairteanna ag an am agus díoladh níos mó ceirníní de ná aon cheirnín riamh roimhe in Éirinn.

Léirigh caint Shean Hughes an dóigh a ndeachaigh imtheorannú agus gach ar bhain leis i bhfeidhm ar fhear óg a tógadh, ní i mBéal Feirste ná i nDoire ach i Londain agus i mBaile Átha Cliath.

D'fhulaing glúin nó dhá ghlúin againn de bheagán sa Tuaisceart as an bhfuath agus an searbhachas agus bhforneart agus as an drochmheas ar chearta agus ar dhlí a spreag imtheorannú 1971.

Buíochas do Dhia, a deir tú, go bhfuil imtheorannú imithe. Gur cuid den stair anois é.

Ach ní fíor sin.

Cé nach bhfuil sé á úsáid ar bhonn forleathan mar a bhí in 1971, ná bíodh aon mhíthuiscint ann. Tá imtheorannú in úsáid chun Marian Price a choinneáil faoi ghlas. Tá an bhean seo, atá breoite tinn, tá sí inniu i mbraighdeanas le 628 lá.

Tá Marian Price á coinneáil faoi ghlas agus gan faill aici ná againn an fhianaise ina leith a fheiceáil, má tá aon fhianaise ann ar chor ar bith. Tá sí á coinneáil faoi ghlas agus gan fios aici cén uair a ligfear saor í ; má ligtear saor go deo í.

De réir aon slat tomhais sin imtheorannú.

Agus i gcás Marian Price tharla seo ní mar gheall gur éisteadh cás Marian Price sa chúirt agus gur tugadh.. Tharla sé mar gheall ar dhá dhream, nach bhfuil freagrach ar shlí ar bith don phobal sa Tuaisceart, cinneadh a dhéanamh beag beann ar na cúirteanna.

Duine den dream sin é Owen Patterson, Státrúnaí na Breataine sa Tuaisceart. Fear nach bhfuair oiread agus vóta amháin riamh ó na Sé Chontae ach a chinn ar Marian Price a chur faoi ghlas.

Agus an dara dream a bhí freagrach as imtheorannú Marian Price ná seirbhísí faisnéise na Breataine. Daoine gan aithint, dream 'daonlathach' a raibh lámh acu i marú Pat Finucane gan trácht ar bhuamáil Bhaile Átha Cliath agus fiche gníomh gránna eile.

Dúirt Owen Patterson, agus creideann a chomharba Theresa Villiers é, go mbeadh sé 'ar leas an phobail' Marian Price a bheith faoi ghlas.

Mar, seachas correisceacht, tá na meáin sa Tuaisceart mórán mar a bhí riamh, sásta glacadh le líne na n-údarás go bhfuil 50% den locht ar dhream amháin, 50% den locht ar an dream eile agus go bhfuil na péas ar thaobh na nAingeal i gcónaí riamh. Ní hionann seasamh a thógáil ar son Marian Price ná ar son cearta daonna agus tacú le haon dream ná dearcadh ar leith.

Ach más amhlaidh é, cad chuige nach mbeadh sé ar leas an phobail imtheorannú a úsáid chun bodaigh an UVF a chur faoi ghlas?

Coicís ó shin bhagair Matt Baggott ar na baill sinsearacha sin den UVF a bhí chun tosaigh sna círéibeanna faoi bhratacha go raibh sé 'ag coinneáil súl orthu.'

Ní raibh aon fhadhb ag Matt Baggot a fhógairt os comhair an tsaoil go raibh na daoine seo feicthe i mbun fornirt ag a chuid oifigeach.

Ach ní raibh de dhánacht ag oiread agus iriseoir amháin an cheist a chur, "Bhuel, a Mhatt, cad chuige mar sin nár chuir tú faoi ghlas iad?"

Gan dabht dá gcuirfí an cheist air, d'fhreagródh Ardchonstábla an PSNI go bhfuil gá le fianaise.

Agus an t-iriseoir a bheadh calma (agus ar nós cuma liom faoina phost) cuirfeadh sé an dara ceist.

"A Mhatt, más féidir Marian Price a chur faoi ghlas gan pioc fianaise ina coinne cén fáth nach dtig na daoine seo a chur faoi ghlas?"

Ach ní raibh de mhisneach ag aon iriseoir an cheist sin a chur.

Mar, seachas correisceacht, tá na meáin sa Tuaisceart mórán mar a bhí riamh, sásta glacadh le líne na n-údarás go bhfuil 50% den locht ar dhream amháin, 50% den locht ar an dream eile agus go bhfuil na péas ar thaobh na nAingeal i gcónaí riamh.

Ní hionann seasamh a thógáil ar son Marian Price ná ar son cearta daonna agus tacú le haon dream ná dearcadh ar leith.

Ní de thaisme a tharlaíonn sé go bhfuil dallóg ar dhealbh 'Giúistís' ar bharr na dTithe Cúirte. Tá dallóg ann cionn is go bhfuil an dlí in ainm is a bheith neodrach. Dall le nach mbeadh sí claonta i dtreo dream amháin nó eile. Éilíonn an daonlathaí cothrom na Féinne do gach duine. Ní do na daoine a aontaíonn leis.

D'éiligh an páipéar an Irish Catholic agus an SDLP, Gerry Conlon agus an ICTU ó Thuaidh, foireann leighis agus rapporteur de chuid na Náisiúin Aontaithe, an iliomad ball Tionóil agus Teachta Dála, an tAthair Réamann Ó Muirí, buaiteoir Ghradam Síochána Nobel, Mairead Maguire, agus fiche duine aitheanta eile , go saorfaí Marian Price.

Dreamanna iad a mbunús siúd nach mbeadh ar aon intinn le polaitíocht Marian Price. Ach ar mhór leo dlí agus go mbeadh an dlí ina bhunchloch sa sochaí nua atáthar ag iarraidh a thógáil ó Thuaidh. Ní féidir meas ar an dhlí a fhorbairt le himtheorannú.

Ní tearc an fhimíneacht in Éirinn

Focail le Gaoth

Le Concubhar Ó Liatháin

NÍ ag Sinn Féin amháin atá seilbh ar an réimse oibre sin, obair agus frith obair. Bímid go léir ina mbun.

Is amhlaidh go bhfaigheann Sinn Féin an chuid is measa den bhinb uaimse agus tráchtairí eile mar go dtéann siad sa bhearna bhaoil.

Mar sin, nílim chun SF a dhímholadh an tseachtain seo ach táim chun féachaint ar na páirtithe eile agus a mbíonn ar bun acu san earnáil, obair agus frith-obair.

Ba mhór an cáineadh a deineadh ar Danny Healy Rae bocht as ucht an rúin a rith sé ag Comhairle Contae Chiarraí ag moladh go dtabharfaí ceadúnas speisialta do dhaoine uaigneacha fán dtuath tiomáint abhaile ón dtabhairne agus deoch nó dhó sa bhreis ar an dteorainn dleathach ar bord acu.

Ait go leor, bhí formhór na gcomhairleoirí ar Chomhairle Contae Chiarraí as láthair nuair a deineadh vótáil ar an rún seo.

Bhuaigh argóint Danny Healy Rae 5-3 - tá seachtar is fiche ball ar Chomhairle Chiarraí.

Cá raibh an chuid eile acu? Sa leithreas, ag cur púdar ar a srón?

An tAire Dlí agus Cirt, Alan Shatter [PIC : PHOTOCALL IRELAND]

Cháin an tAire Dlí agus Cirt, Alan Shatter, an Comhairleoir Healy Rae go géar as a rún a bhí, dar leis an Aire, thar a bheith mífhreagrach. Amárach, Déardaoin, dúnfar staisiún na nGardaí i gCill Garbháin, an tsráidbhaile ina bhfuil tabhairne theaghlach Healy Rae suite.

Gan amhras, níl anseo ach staisiún amháin as céad staisiún Gardaí ar fud na tíre atá á ndúnadh chun 'airgead a shábháil'.

Cad as a dtiocfaidh na Gardaí lena chinntiú nach bhfuil na rialacha óil agus tiomána á sárú?

Léiriú é seo ar 'obair agus frith-obair' an Rialtais, an fealltóir is mó san earnáil.

Maidin Dé Satharn agus drochnuacht mharú an bhleachtaire Adrian Donoghue i gContae an Lú ár ndúiseacht ó chodladh na hoíche, ba dheacair éisteacht le holagón an Aire Shatter agus é ag caoineadh bhás an Gharda agus ag cáineadh na ndúnmharfóirí fealltacha.

Nach é seo an tAire céanna atá ag cur srianta buiséid ar na Gardaí agus ar na torthaí ar na srianta sin beidh laghdú ar éifeacht na bpóilíní tráth a bhfuil faobhar na gcoirpeach á nochtadh le linn lagtrá eacnamaíochta.

Ná habair liom gurb é seo cuid de rún an Troika don tír seo!

Dá mbeadh Airí Rialtais - agus iar-Airí Rialtais - chomh tapaidh ag cur srian ar a dtuarastail agus ar a bpinsin féin is atá siad á dhéanamh ar thuarastail dochtúirí sóisearacha agus altraí, múinteoirí agus Gardaí, iad san atá sa chéad líne chatha más maith leat, b'fhéidir nach mbeadh an oiread san amhrais mar gheall orthu.

Tá an fhimíneacht seo le tabhairt faoi ndeara i réimse na Gaeilge gan amhras.

Trath go bhfuil an Chomhairle um Oideachais Gaeltachta agus Gaelscolaíochta á shlogadh isteach i mbolg an chórais Bhéarla, tá an liúntas Gaeltachta á shéanadh ar mhúinteoirí óga atá ag teastáil go géar, de réir na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge, chun an teanga a mhúineadh go fuinniúil agus go héifeachtach don ghlúin óg.

Is minic go bhfaigheann múinteoirí drochphreas - ach tá cloiste agamsa faoi mhúinteoir óg óna príomhoide agus é á moladh go hard mar gheall ar an obair bhreise a dheineann sí chun cairteacha agus acmhainní a ullmhú - ise ag déanamh obair an Stáit gan amhras.

Ní dóigh liom gur éisceacht í an múinteoir sin - tá an obair seo ar bun ag go leor múinteoirí le mo chuimhne agus ba thacaíocht luachmhar obair COGG dóibh agus dár bpáistí. Ach anois tá COGG ar liosta thargaid an Rialtais.

Is minic a chloisimid faoin imní atá ar ár dTriúracht de Rialtóirí faoin mhoill atá ann maidir le ciorruithe éagsúla a chur i bhfeidhm.

Ag an am céanna, is beag a deir an Triúracht, nó atá cloiste agam á rá acu ar aon nós, faoi phá, costais agus pinsin na bpolaiteoirí agus na n-ardstátseirbhíseach.

Tá sé amhail is go raibh siad sásta na féiríní seo a fhágáil ag a searbhóntaí fad is a atá siad ag teacht chun tosaigh leis na híocaíochtaí rialta ar na nótaí gealltanais.

Dream eile a bhíonn ag gabhail den 'obair agus frith-obair' seo is ea Tourism Ireland.

Ba mhaith leo daoine a mhealladh go hÉirinn ach níor mhaith leo, de réir mo léamh ar a suíomh idirlín nua, www.ireland.com, go n-aithneodh na cuairteoirí seo go bhfuil cultúr agus teanga éagsúil dár gcuid féin againn anseo.

Tá an suíomh seo - a chosain €3m lena fhorbairt - lán le seamróga a bhfuil anam iontu ach níl aon rian dár gcultúr ann. Mórchuid gailf agus gannchuid Gaeilge.

Is cosúil gur comhlacht ó Londain an t-aon dream a bhí ábalta an obair seo a dhéanamh.

Mo léan lom! Nach ait an scéal! Táimíd ar ár míle dícheall beatha a chur sa gheilleagar seo ach seolann ár máistrí fuil na beatha thar sáile. Obair agus frith-obair.

SÚIL SIAR na Seachtaine

Fianna Fáil Scoilte faoi Haughey

Donncha Ó hEallaithe

TRÍOCHA bliain ó shin bhí Fianna Fáil scoilte agus naimhdeas oscailte idir lucht tacaíochta Charles J. Haughey agus grúpa sinsearach sa bpáirtí a bhí ag iarraidh fáil réidh leis.

Taobh istigh d'Fhianna Fáil bhí an locht á chur ar an 'Haughey-factor' faoi chomh dona agus a rinne Fianna Fáil sa toghchán a reáchtáladh i mí na Samhna 1982. Bhí Fianna Fáil á tharraingt as a chéile ag an gcoimhlint faoi cheannaireacht Haughey.

Bhain cuid den scoilt le sean-spite feamainne idir Haughey agus George Colley. Ní raibh dílseacht iomlán a bhinse tosaigh ag Haughey aon uair. Le linn na bliana 1982, nuair a bhí Haughey ina Thaoiseach ar feadh trí ráithe, úsáideadh na Gardaí le heolas a fháil faoin ngrúpa Airí a bhí ag beartú fáil réidh leis mar cheannaire ar an bpáirtí. Rinne na Gardaí cúléisteacht gutháin ar bheirt iriseoirí - Geraldine Kennedy agus Bruce Arnold.

Tá a fhios againn anois gur le beannacht Haughey a bhí an cúléisteacht mídhleathach sin ceadaithe ag an Aire Dlí agus Cirt, Seán Doherty.

B'shin é an cúlra an ailt seo, a foilsíodh tríocha bliain ó shin sa nuachtán seachtainiúil, AMÁRACH.

Amárach, 28 Eanáir, 1983

An Rogha atá ag Fianna Fáil

deir Cian Ó hÉigeartaigh

'Tá WATERGATE beag baile chugainn, a dúirt mé in alt san iris seo roinnt seachtainí ó shin. Dúirt mé freisin, más cuimhin libh, go mbainfí díoltas daor amach ar na daoine a shínigh na barántais cúléisteachta, barántais nach bhféadfadh aon bhunús dlí a bheith leo. ...

Riamh ó toghadh Cathal Ó hEocha ina chomharba ar Jack Lynch, ba léir go raibh daoine i measc a lucht tacaíochta nár ghlac leis na gnáthrialacha polaitíochta. Cuireadh brú ar theachtaí áirithe tré fheachtas litreacha agus glaochanna guthán ar bhealach nach bhfaca muid cheana. Bhí ráflaí gur ceannaíodh vótaí: níor deimhníodh é sin, ach is cinnte gur gealladh ardú céime do dhaoine áirithe.

Ní raibh sin, b'fhéidir in aghaidh an dlí. Ach chonaic muid tuilleadh 'dirty tricks' nuair a sheas Deasún Ó Máille don cheannaireacht, tar éis mórthoghchán 1982 (an céad cheann). Bhí fir in éide oibreannaigh poist ar faire lasmuigh de thithe cónaithe an fhreasúra, agus iad ag liostáil na ndaoine a tháinig ar cuairt.

Má bhí d'ainm ar an liosta, treisíodh ar an bhfeachtas guthánaíochta. ...

An Iarthaoiseach, Charlie Haughey

Ansin nuair a d'fhógair Charlie Mc Creevy a rún mímhuiníne, cuireadh litreacha bagraithe agus glaochanna maslacha ag a lucht tacaíochta: agus ní acu féin amháin ach ag a gclann freisin. Ba léir go raibh iarracht eagraithe taobh thiar den fheachtas seo. ...

Mar is eol dúinn anois, bhí cúléisteacht dá dhéanamh ar ghutháin beirt iriseoirí, d'fhonn a fháil amach cé a bhí ag tacú leis an bhfreasúra. ...

Is dócha nach mbeidh a fhios againn go deo cé mhéid eolais a bhí ag Cathal Ó hEocha faoin obair seo go léir. ...

'I would not countenance ...' a deir sé anois. Ach is é a cheap in oifig Aire Dlí agus Cirt a rinne a chuid féin den dlí agus a choinnigh in oifig é nuair ba léir don saol mór nach raibh nithe mar ba chóir. ...

An rud is measa ar fad nach bhfuil aon duine den dream seo sásta a admháil, anois fós, go ndearna siad rud ar bith as bealach. Ní cosúil go bhfuil náire ar bith iontu ... fiú agus fios ag an saol go raibh siad ag ceannach a chéile agus ag taifeadadh a chéile d'fhonn a chéile a chrochadh. ...

Tá an obair seo imithe ró-fhada. Ní hamháin go bhfuil mí-chlú dá tharraingt ar Fhianna Fáil, tá ceap magaidh dá dhéanamh den tír ar fad i láthair an domhain. ...

Eagarfhocal

Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

Tá níos mó Gardaí de dhíth orainn – ní níos lú

Dúnmaraíodh an Bleachtaire Garda Adrian Donohoe oíche Aoine agus é i mbun a dhualgais ag cosaint sheachadadh airgid i mBaile na Lorgan, Baile Sheinicín, Dún Dealgan.

Scaoileadh sa chloigeann é le gránghunna giortaithe gan trua gan taise; d'fhág sé bean chéile agus beirt pháistí ina dhiaidh.

Uafás a bhí sa dúnmharú seo agus táthar ag súil go ngabhfar an drong dúnmharfóirí chomh luath agus is féidir.

Is cinnte go ndéanfaidh na Gardaí a seacht ndícheall, de réir na n-acmhainní atá ar fáil dóibh.

Tharla an eachtra ghránna seo ag am ina bhfuil gearradh siar á dhéanamh ar na Gardaí ó thaobh acmhainní de, idir acmhainní daonna agus eile.

Ní féidir a mhaíomh go raibh baint dhíreach idir an dá rud, ar ndóigh, agus is iad na coirpigh atá freagrach as an eachtra seo agus iad siúd amháin gan aon dabht.

Ach, luíonn sé le ciall, go n-éireoidh coiriúlacht níos measa de réir mar a laghdaítear líon na nGardaí a bheidh i mbun dualgas agus de réir mar a chuirtear iallach orthu cúlú ón tuath isteach sna bailte móra.

Ní luíonn sé le réasún dul i mbun a mhalairt d'argóint.

Tá Gardaí agus na hacmhainní atá ar fáil dóibh iontach tábhachtach dúinn mar shochaí.

Is ábhar buairimh dúinn ar fad go bhfuil stáisiúin á ndruidim i rith an ama agus go bhfuil líon na nGardaí ag laghdú go leanúnach.

Má leantar leis na ciorruithe seo, rachaidh an choiriúlacht in olcas.

Caithfidh an tAire Dlí agus Cirt, Alan Shatter, an méid sin a thuiscint.

An bhfuil lipéad orainn ar fad?

Ardán



Sharon Ní Icí

SA lá atá inniu ann tá sé thar a bheith éasca lipéad a shá ar gach aon rud. Tá siad againn do bheagnach gach rud ionas go mbeidh sé éasca ár saolta a dhearadh i rannóga sothuigthe; fear, bean, fostaithe, dífhostaithe, singil, pósta, aerach, díreach, ramhar, tanaí agus mar sin de.

Ach tá rudaí eile nach bhfuil chomh simplí leis sin. Le seachtainí anuas tá sé soiléir go bhfuil fadhb mhór againn sa tír seo ó thaobh na lipéad i dtaca le ginmhilleadh.

I dtosach báire, cén fáth go gcaithfidh daoine iad fhéin a dheighilt idir an dá lipéad, ar son na beatha agus ar son an rogha? Cén fáth nach bhfuil ach dhá rogha againn?

Tá an rialtas sáinnithe i gcainteanna le grúpaí eile i dtaobh reachtaíocht nua ina leith; agus an plé seo ar siúl tá an-chuid lipéad á gcaitheamh timpeall ag daoine atá dubh agus bán, nuair nach buncheist shimplí, a théann isteach in aon rannóg dubh nó bán, atá inti go díreach.

I dtosach báire, cén fáth go gcaithfidh daoine iad fhéin a dheighilt idir an dá lipéad, ar son na beatha agus ar son an rogha?

Cén fáth nach bhfuil ach dhá rogha againn?

Cén fáth go gcuirtear brú ar dhaoine lipéad amháin a phiocadh nuair atá daoine ann nach bhfuil fós cinnte cá seasann siad; an féidir linn a bheith ar son rogha imthoisceach?

Cén fáth nach bhfuilimid ar fad ar son na beatha?

Cén fáth a dtugtar 'máthair' ar bhean atá ag iompar? Is bean í ar dtús báire, ní máthair amháin í; agus arís tá fo-chiall leis an bhfocal 'máthair'.

Cén fáth go bhfuil an lipéad 'ginmhilleadh ar éileamh' i mbéal an phobail?

Tugann an téarmaíocht sin le fios go bhfuil ginmhilleadh ar nós bearradh gruaige nó lámhmhaisiú tráthnóna Déardaoin tar éis oibre, agus níl sé sin fíor.

Ní bheidh mná na tíre seo ag réiteach coinne chun ginmhilleadh a bheith acu gan smaoineamh, gan machnamh, gan comhairle.

Ní máinliacht léasair súl ag am lóin atá i gceist anseo, mar sin níor cheart lipéad a úsáid nach ndéanann cur síos ar thromchúiseacht na n-ábhar atá faoi chaibidil.

Tá blianta fada caite againn ag argóint ar son rudaí eile go polaitiúil, ag glacadh taobhanna, agus ag réiteach faic.

Ní thagann réiteach ar rudaí chomh dáiríre leis seo ach nuair a oibríonn daoine le chéile.

B'fhéidir go gcaithfidh athrú a theacht sa bhealach a ndéanaimid cur síos ar an ábhar seo?

Caithfear athrú a chur ar na lipéid a bhíonn in úsáid againn agus tuiscint níos fearr a bheith againn ar na hiarmhairtí a bheidh i gceist do mhná na tíre seo, amach anseo, nuair a úsáidtear iad.

Ceist an ghinmhillte

A chara,

Tá an ceart ag Colm Ó Broin (09/01/13) nuair a chuireann sé in iúl go bhfuil muintir na beatha i gcoinne an ghinmhillte agus sin bun agus barr an scéil, ach ní aontaim lena chaint nár cheist fhíorshimplí é.

Is ceist thar a bheith simplí é.

Críochnaíonn gach ginmilleadh le leanbh gan bhreith marbh.

Chomh maith le seo níl aon bhean ag fáil bháis de dheasca easpa ginmillte.

Féach ar na stataisticí. Is iad lucht an ghinmhillte atá ag iarraidh an dubh a chur ina gheal i ngné seo den díospóireacht.

Maraon le seo is simplíocht é reiligiún a thabhairt isteach sa scéal mar a dhein Colm ina alt.

Tá go leor daoine nach bhfuil aon chreidimh acu i gcoinne an ghinmhillte toisc gur sarú cearta daonna é, sé sin an ceart don bheatha, an ceann is bunusaí dá bhfuil ann.

le meas
Pól Ó Meádhra

I MEASC AN PHOBAIL

Daltaí as Scoil Bhríde, Mionlach, Co. na Gaillimhe ag fanacht lena dteidithe a chur faoi scrúdú ag an 8ú Ócáid Bhliantúil d'Ospidéal na dTeidithe in OÉ, Gaillimh. [PIC:AENGUS MCMAHON]

An cúpla Dylan agus Calum Reid (5) as Scoil Náisiúnta Chnoc an Dúin, Áth Cinn, Co. na Gaillimhe, ag fanacht lena dteidithe a chur faoi scrúdú ag an 8ú Ócáid Bhliantúil d'Ospidéal na dTeidithe in OÉ, Gaillimh. [PIC:AENGUS MCMAHON]

Séamus Ó Máille (3) as Naíonra Iognáid i gCathair na Gaillimhe ag fanacht lena theidí a chur faoi scrúdú ag an 8ú Ócáid Bhliantúil d'Ospidéal na dTeidithe in OÉ, Gaillimh. [PIC:AENGUS MCMAHON]

Renae (4), Ben (5) agus Ella (5) as Scoil Náisiúnta Chnoc na Cathrach i nGaillimh ag fanacht lena dteidithe a chur faoi scrúdú ag an 8ú Ócáid Bhliantúil d'Ospidéal na dTeidithe in OÉ, Gaillimh. [PIC:AENGUS MCMAHON]

Bhí ríméad ar chainteoirí óga Choláiste Loreto, Faiche Stiabhna (ó chlé: Amy Ní Chearbhaill, Rachael Ní Bhroin agus Ruth Ní Aireagáin) nuair a fógraíodh go mbeidís ag iomaíocht i gCraobh Réigiúnach de chuid Comórtas Díospóireachta an Phiarsaigh Gael Linn 2013 go luath!

An tAire Stáit, Dinny McGinley, T.D. ag comhrá le Emma MacBride agus Edel MacBride ag Showcase 2013 san RDS.

Ba bhreá linn pictiúir leatsa in Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag **pic@gaelsceal.ie** Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta sna pictiúir agus cead faighte agat iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar **www.gaelsceal.ie**

Foclóir Nua Béarla-Gaeilge Fhoras na Gaeilge á sheoladh go hoifigiúil sa Ghailearaí Náisiúnta, Déardaoin 24 Eanáir 2013. Is é seo an chéad fhoclóir náisiúnta Béarla-Gaeilge ó foilsíodh English-Irish Dictionary de Bhaldraithe in 1959.

Mairéad Uí Fhanachtain agus Aisling Ní Fhanachtain. [PIC:CATHAL Ó TUATHAIL]

Ronan Mac Murchaidh agus Niamh Ní Dhomhnaill . [PIC:CATHAL Ó TUATHAIL]

Clár Ní Choillte, Mairéad Uí Cheadagáin agus Eimhear Ní Dhuinn Fhanachtain sa Ghailearaí Náisiúnta i mBaile Átha Cliath. [PIC: CATHAL Ó TUATHAIL]

Uachtarán na hÉireann, Mícheál D. Ó hUigínn, sa Ghailearaí Náisiúnta i mBaile Átha Cliath ag sheoladh an Fhoclóra nua Béarla-Gaeilge. [PIC:CATHAL Ó TUATHAIL]

Chris Uí Churraoin, Caitlín Ní Chonghaile agus Mairtin Ó Curraoin sa Ghailearaí Náisiúnta i mBaile Átha Cliath, ag seoladh an Fhoclóra nua Béarla-Gaeilge [PIC:CATHAL Ó TUATHAIL]

Seosamh Mac Donncha, sa Ghailearaí Náisiúnta i mBaile Átha Cliath, ag caint ar sheoladh an Fhoclóra nua Béarla-Gaeilge [PIC:CATHAL Ó TUATHAIL]

SLÁINTE

Tá strus mar chuid lárnach den domhan nua-aimseartha. Ní féidir éalú uaidh. Is iomaí foinse struis a théann i bhfeidhm orainn ón aois óg ar aghaidh, a bhaineann leis an scoil, caidreamh, an saol oibre agus go leor eile. Le críoch a chur leis an tsraith sláinte, díríonn **Ainle Ó Caireallain** ar roinnt bealaí praiticiúla ar féidir le daoine strus an tsaoil a laghdú.

10 mbealach le strus a laghdú

1 Análaigh go domhain

Tá an anáil dhomhain in úsáid leis na mílte bliain mar bhealach le strus agus brú a ísliú. I bhfírinne, is beag den análú domhain a dhéanann muid sa lá atá inniu ann go ginearálta. Is dóiche gur de bharr na deifre, droch iompar na colainne agus easpa eolais maidir leis an bhfiúntais atá san anáil dhomhain a tharla an easpa análaithe seo. Úsáidtear an anáil mar bhealach chun an intinn a chiúiniú, agus chun díriú intinne soiléir agus géar a chothú. Is féidir é a dhéanamh in aon áit, agus ag aon am den lá. Bain triail as an chleachtadh seo gach lá ar feadh seachtaine agus mothóidh tú an difear. Luigh ar do dhroim ar an urlár, glac anáil dhomhain isteach fríd an tsrón thar cheithre shoicind. Coinnigh an anáil istigh ar feadh dhá shoicind, agus scaoil amach go mall í fríd an bhéal thar ocht soicind. Isteach:4; Coinnigh:2; Amach 8. Déan sin 10 n-uaire agus mothóidh tú úr, éadrom, agus réidh le dul ar aghaidh! Déan anois é sula léifidh tú an chuid eile den alt seo!



2 Déan 'dumpáil intinne' anois agus arís

Má tá tú cosúil liomsa, beidh smaointe agus tuairimí ag preabadh thart i do chloigeann go síoraí. Caithfidh mé seo a dhéanamh; ba mhaith liom sin a dhéanamh; an ndearna mé é siúd mar is ceart; srl., srl., srl. Leis an mhéid sin smaointe ag déanamh damhsa Bhallaí Luimnigh taobh istigh den intinn, ní mó ach go mbeadh an chorp faoi bhrú agus é ag iarraidh gach rud a phróiseáil ag an aon am amháin! Cibé, tá cleachtadh ann a dhéanaim go minic leis an intinn a ghlanadh amach agus an díriú intinne a fháil ar ais, agus is féidir leat féin triail a bhaint as. Faigh píosa páipéar agus peann, agus scríobh síos gach rud a thagann isteach i do chloigeann. Ní mhothóidh tú fiúntas an chleachtaidh sin go mbeidh sé déanta agat. Nuair a bheidh, mothóidh tú níos éadroma agus beidh níos lú struis agus brú i do chorp. Anois is féidir leat beart a chur le chéile le dul i mbun na rudaí is tábhachtaí a tháinig amach i rith na dumpála intinne.

3 Coinnigh clár ama duit féin

Nuair a bheidh an dumpáil intinne déanta agat, pioc amach na rudaí is tábhachtaí a scríobh tú síos, oibrigh amach cé chomh fada a ghlacfaidh siad a dhéanamh agus líon isteach am sa dialann dóibh. Mar shampla, an tseachtain seo, ba mhaith liom seomra sa teach a phéinteáil. Measaim go nglacfaidh sé 4 uair an chloig. Ar an Sathairn tá 4 uair an chloig curtha i leataobh agam don phéinteáil, idir 1 agus 5. Ba mhaith liom dul ag aclaíocht amárach ar feadh uair an chloig, agus tá sé sa dialann agam. Bainim féin úsáid as iCal ar an ríomhaire agus ar an guthán póca. Tá Google Calendar chomh maith céanna, nó dhéanfaidh dialann póca an gnó freisin. Nuair a eagraíonn tú do chuid ama ní gá duit a bheith ag buaireamh faoi bharraíocht a bheith le déanamh agat. Is féidir leat a rá le daoine cén uair a bhfuil tú saor agus cén uair nach bhfuil, agus níos tábhachtaigh arís, is féidir leat am duit féin a chur isteach sa dialann chomh maith, chun leabhar a léamh nó tabhairt faoi uair an chloig nó dhó den caitheamh aimsire is fearr leat. Uilig go maith don strus!



4 Codail go sámh ar feadh 8 n-uair an chloig

Nuair a bhíonn tú i do chodladh, tagann an chorp chuige féin. Bíonn seans ag an intinn sos a ghlacadh ón smaoineamh domhain agus ón mbuaireamh, agus déanann na matáin agus na cnámha téarnamh tar éis lá fada ag bogadh thart ar na cosa. Má bhíonn tú i do shuí go mall san oíche, beidh an hormón Cortisol (a chothaíonn strus) flúirseach sa chorp, beidh tú tuirseach an lá dár gceann, agus beidh tú faoi níos mó struis ná mar a bhí cheana féin. Ní bhíonn 8 uair an chloig ag teastáil ó gach duine gach oíche, ach molaim 8 n-uaire ar a laghad go háirithe agus duine faoi strus, nó ag teacht chucu féin tar éis gortaithe nó tinnis. Bí sa leaba ag a 11 agus i do chodladh ag 11.30 agus dúisigh go moch, réidh don lá atá amach romhat. Is maith liom an cleachtadh don análú dhomhain atá luaite i bpointe #1 thuas a dhéanamh agus mé sa leaba ag iarraidh dul a chodladh mar go gcuireann sé an intinn ar a suaimhneas.

5 Déan aclaíocht rialta

Íslíonn aclaíocht an brú fola, mar aon le réimse ceimicí a scaoileadh i rith agus tar éis aclaíochta a íslíonn brú sa chorp, agus a chuidíonn linn mothú go maith. Ba chóir dúinn uilig a bheith ag déanamh aclaíochta go rialta cibé, ach tá sé níos tábhachtaí arís a bheith gníomhach agus an corp faoi strus ag rudaí seachtracha ar nós obair, airgead, caidreamh, srl. Déan aclaíocht le cairde. Imir le foireann, léim in airde ar do rothar, caith friosbaí, nó gabh ag snámh. Tá réimse ollmhór de gníomhaíochtaí amuigh ansin ar féidir leat sult a bhaint astu. Bainfidh an aclaíocht an intinn ó aon ábhar buairimh nó struis atá a iompar agat, agus mothóidh tú go hiontach ina dhiaidh. Fiú má théann tú le haghaigh siúlóid 30 nóiméad, is leor é sin leis an gcorp a sháithiú le dea-mhothú agus le sonas.

ACLAÍ

6 Labhair le duine éigean maidir leis an strus i do shaol

Is iomaí fadhb a laghdaíodh nuair a rinneadh plé air le duine eile. Má tá tú faoi strus, is olc an rud é an strus a choinneáil agat féin. Má tá tú ag smaoineamh ar fhadhb go minic, beidh an chuma ar an scéal go bhfuil sé ag dul in olcas. I bhfírinne, níl sé ag dul in olcais, ach dá mhéid a smaoiníonn tú air, is mhó a éiríonn an fhadhb, dar leat. Labhair le duine atá gar duit, nó labhair le ceann den na dreamanna a chuireann tacaíocht ar fáil dúinn nuair a bhíonn muid faoi bhrú agus gá againn labhairt faoi, mar shampla dream ar nós na Samaritans (1850 60 90 90). Ag an am céanna, má mhothaíonn tú go bhfuil duine éigean atá gar duit faoi strus, cur tú féin ar fáil le héisteacht leo más féidir.

7 Aithin na foinsí struis i do shaol agus deileáil leo

Tá neart cineálacha struis ann, agus cuireann siad uilig isteach ar an chorp bealach amháin nó ar bhealach eile, má bhíonn barraíocht struis ort. Tá go leor foinsí struis sa lá atá ina ann, ón strus a bhaineann leis an saol oibre agus na caidrimh atá agus tarlúintí i do shaol. Luath nó mall, tabharfaidh an corp ar féin moilliú síos mar gheall ar an mbrú atá ar an chorp. Go hiondúil éiríonn muid tinn, traochta tuirseach, nó gortaithe nuair a bhíonn muid faoi strus ar feadh achair fhada ama agus nuair nach dtéann muid i ngleic leis. Tá sé tábhachtach foinsí struis a aithint, agus am ar leith a chur i leataobh le deileáil leo. Mar shampla, má tá tú 10 míle euro i bhfiacha, seachas a bheith buartha faoi gach lá, suigh síos agus socraigh plean tarrthála duit féin a chuideos leat na fiacha a laghdú de réir a chéile. Má tá tú buartha faoi scrúdú, leag amach go leor ama duit féin le staidéar a dhéanamh gach lá. A luaithe is a aithníonn tú foinsí struis, tá sé i bhfad níos éasca deileáil leo agus iad a oibriú amach. Cuideoidh an cleachtadh don análú dhomhain i bpointe #1 leat an t-ábhar seo a shoiléiriú.

An bhfuil sláinte mhaith agat?!

Tá i bhfad níos mó i gceist le bheith sláintiúil ná díreach a bheith amuigh ag aclaíocht anois is arís, nó ag ithe an bia ceart. Cinnte, tá go leor le déanamh ag an mbia agus ag an aclaíocht leis an tsláinte, ach tá an méid codlata a fhaigheann tú tábhachtach, mar aon leis an stíl bheatha atá agat, na bealaí a ndéanann tú deileáil le strus, agus sláinte na n-alt mór sa chorp, ar nós an cromán, na guaillí, na glúine, agus an droim. Glac nóiméad nó dhó le tráth na gceist ACLAI.ie a líonadh isteach agus faigh amach cé chomh sláintiúil is atá tú faoi láthair. 40 ceist, ar gach gné den tsláinte. Tá pasmharc ann de 90%.....sin 36 as 40!

Is féidir an tráth na gceist a ghlacadh trí bhrú ar an nasc sa choirnéal bairr ar dheis ar leathanach baile www.ACLAI.ie.

Tá Ainle lonnaithe i gcathair Chorcaí faoi láthair. Más mian leat comhairliú aclaíochta agus sláinte saor in aisce a fháil ó Ainle, ní gá ach do chuid sonraí a chur isteach sa bhosca ar an leathanach baile ag www.ACLAI.ie.

Ceist na Seachtaine

Bím ag obair in oifig gach lá agus go minic bíonn brú orm ó thaobh spriocanna agus oibre de. Mothaím mo chuid guaillí agus mo mhuineál iontach teann agus bíonn pian i mo dhroim. An bhfuil aon mholtaí agat cun iad seo a stopadh? Caitlín, Loch Garman.

Is mó seans go bhfuil an teannas i do ghuaillí de bharr an iompair coirp a bhíonn agat agus tú ag an deasc san oifig, agus is minic a fhaigheann daoine teannas sna matáin thart ar na guaillí agus an mhuineál agus iad faoi strus. Mholfainn duit na cleachtaí don análú dhomhain a dhéanamh gach lá, seasamh suas ón deasc gach 20 nóiméad, cinntiú go bhfuil an ríomhaire ag leibhéal na súl agus an méarchlár ag leibhéal na n-uillinneacha agus go bhfuil tú ag suí go compordach agus go díreach ar do shuíochán. Cuidíonn suathaireacht le teannas matán, agus tugann siad faoiseamh ón bhrú. Mholfainn duit dul i dteagmhail le teiripeoir maith agus déan coinne seachtainiúil le haghaigh suathaireachta. Beidh do chorp agus d'intinn sásta leat!

8 Cothaigh tú féin mar is ceart

Go minic, nuair a bhíonn duine faoi strus, bíonn dhá chontúirt ann ó thaobh an bhia de. Tá roinnt daoine ann agus itheann siad i bhfad barraíocht agus iad faoi bhrú, agus tá daoine eile ann a itheann i bhfad níos lú na an gnáthmhéid. Níl ceachtar den dá nós sláintiúil dúinn. Má itheann tú i bhfad an iomarca, go háirithe bia milis, nó bia gasta, beidh tú ag cur meáchain suas, agus mura n-itheann tú go leor beidh baol ann go mbrisfidh an chorp síos agus mbuailfear tú le tinneas. Nuair atá tú faoi bhrú breise, is maith an rud é 'Multi-Vitamin' maith a ghlacadh chun cuidiú leis an chóras imdhíonachta, agus molaim do dhaoine ola éisc (Omega 3 agus Omega 6) a ghlacadh ar bhun rialta. Tá fianaise ann a léiríonn go bhfuil an ola éisc go maith ar son feidhmiú inchinne, agus go n-íslíonn sé strus sa chorp. Ba chóir duit slánbhianna a ithe go minic agus bianna a bhfuil próiseáil throm déanta orthu a sheachaint ar nós an diabhail. Ach sin ráite, tá fiúntas ag baint le cearnóg nó dhó de sheacláid dhorcha (níos mó na 70% cócó) anois is arís. Níor tógadh an chorp le bheith ag briseadh síos ceimiceáin agus bia bréagach sa chóras díleá, agus dá mhéid den ábhar sin a itheann tú, is mó struis a chuireann tú ar an chorp. Glasraí, feoil na hÉireann, iasc, torthaí, cnónna, agus spíosraí isteach; bia gasta, bia próiseáilte agus milseáin, amach!

9 Seachain alcól

Nuair a bhíonn tú faoi strus, is maith an rud é éalú ón ábhar struis nuair is féidir. Ar an drochuair, baineann daoine úsáid as an alcól le héalú uaidh go rómhinic. Is deas an rud é gloine fíona nó buidéal beorach anois agus arís (uair amháin sa tseachtain nó mar sin), le tú féin a chur ar do shuaimhneas, ach caithfear a bheith ar d'airdeall agus tú ag meascadh alcóil agus struis. Is maith atá a fhios ag an domhan mór nach mbeidh tú ar do sheanléim an lá dár gcionn tar éis a bheith ar an drabhlás, agus cuireann seo go mór leis an strus sa chorp. Ní aithníonn an corp an difear idir strus airgid, strus fisiciúil, nó strus ó a bheith ag ól. Ní thuigeann an chorp ach strus, agus má tá barraíocht de ann, brisfidh an chorp síos. Ar a bharr sin, tarraingíonn an t-alcól gruaim orainn de bharr na n-imoibrithe ceimiceach a tharlaíonn leis an alcól sa chorp. Nuair a bhíonn tú faoi strus, is fearr a bheith deimhneach agus bríomhar. Má tá tú faoi ghruaim mar gheall ar ionghlacadh alcóil, beidh cuma níos measa ar an bhrú atá ort.

10 Déan gáire go minic



Má tá an scannán 'Patch Adams' feicthe agat (atá bunaithe ar fhíorscéal), tá fiúntas an gháire feicthe agat maidir le tinneas a leigheas agus an tsláinte a fheabhsú. Is iomaí scéal atá amuigh ansin faoi dhaoine a bhaineann úsáid as an gháire mar chóir leighis, agus tá sé fíor nach mbuailtear daoine atá sona sásta ar an taobh istigh le tinneas leath chomh minic agus a bhuailtear daoine atá mí-shásta agus gruama. Gabh chuig seó grinn, caith isteach DVD greannmhar, nó cas le cairde le haghaidh cupán tae agus roinnt spraoi. Déan na rudaí a chothaíonn sonas ionat agus beidh tú ag tabhairt cic mór millteanach suas sa tóin don strus!

NUACHT Litríochta

Le Meadhbh Ní Eadhra

Barrington Stoke ag ceiliúradh 15 bhliana ar an bhfód

Tuairisc le **Meadhbh Ní Eadhra**, i Londain

Andy Stanton, Meg Rosoff, Pete Johnson, Lee Weatherly, Philip Ardagh, Bali Rai, Karen McCombie, Geraldine McCaughrean, Nigel Hinton, Kaye Umansky.

TÁ Barrington Stoke, comhlacht foilsitheoireachta atá suite i nDún Éideann na hAlban, cúig bliana déag d'aois i mbliana. Foilsíonn Barrington Stoke leabhair do pháistí agus do dhaoine óga (agus roinnt leabhar do dhaoine fásta freisin) le disléicse nó deacrachtaí léitheoireachta, agus do léitheoirí drogallacha.

Bhí sé d'onóir agam freastal ar bhreithlá an chomhlachta oíche Déardaoin seo caite, san October Gallery in Bloomsbury, Londain. Oíche den chéad scoth a bhí ann, agus bhí os cionn 75 aoi i láthair, le neart údar, gníomhairí liteartha, leabharlannaithe agus cairde ag baint an-sult go deo as an ócáid.

D'éinne le dúil sa litríocht, agus go háirithe i litríocht do pháistí agus daoine óga, ba chóisir é seo a raibh siad ag súil leis le tamall fada. Níorbh fhéidir liom é a chreidiúint nuair a bhuail mé le Gillian Cross, údar na sraithe cáiliúil *'The Demon Headmaster'*, agus scríbhneoir a bhfuil an-cháil uirthi ar fud an domhain. Ní hí Gillian amháin a bhí i láthair, áfach – i measc na n-údair a d'fhreastail ar an chóisir, bhí Kaye Umansky, a scríobh sraith *'Pongwiffy'*, Meg Rosoff, a scríobh *'How I Live Now'*, Andy Stanton, údar na sraithe *'Mr. Gum'*, Sally Nicholls, a scríobh Ways to *'Live Forever'*, Pete Johnson, Lee Weatherly, Philip Ardagh, Bali Rai, Karen McCombie, Geraldine McCaughrean, Nigel Hinton, Kaye Umansky agus tuilleadh.

Bhíodar ag baint suilt as an chóisir agus as an atmaisféar iontach san October Gallery, agus bhí neart cainte, neart gáire agus neart spraoi acu agus againn go léir.

Thug Mairi Kidd, stiúrthóir bainistíochta Barrington Stoke, agus bean a bhfuil go leor oibre déanta aici chun ardchaighdeán a bhaint amach don chomhlacht, óráid álainn ag an ócáid.

Ghabh sí buíochas leo siúd go léir a thugann tacaíocht dóibh, agus ar ndóigh do na húdair as scéalta a scríobh dóibh. Tagann litreacha chuig Barrington Stoke go minic, ó thuismitheoirí, léitheoirí, múinteoirí agus daoine óga, ag gabháil buíochais leo as leabhair a chur ar fáil dóibh agus go minic, as draíocht na leabhar a thaispeáint dóibh.

Léigh Mairi litir don slua, a tháinig ó thuismitheoir. Bhí an tuimsitheoir áirithe seo thar a bheith buíoch mar gur thosaigh a mac ag léamh leabhar de chuid Barrington Stoke, agus chríochnaigh sé é – an chéad leabhar riamh a chríochnaigh sé agus gur bhain sé sult as. Rud ollmhór a bhí anseo don tuismitheoir agus don pháiste, agus is álainn an rud é go bhfuil an oiread sin daoine óga eile amuigh ansin in ann leabhair agus scéalta den scoth a léamh mar gheall ar an gcomhlacht seo agus an obair iontach a dhéanann siad.

Chaith mé cúpla seachtain ag obair mar inteirn sa chomhlacht seo i samhradh na bliana 2011, agus mar sin bhí sé iontach ar fad an deis a fháil gach duine a fheiceáil arís, agus cabhrú leo an cóisir a eagrú agus a reáchtáil. Bhí an-spraoi ar fad againn, ag glacadh grianghraif amaideacha sa Photo Booth, ag spraoi leis na balúin oráiste, ag ithe cáca breithlae, ag caint le gach duine agus ag ól cúpla gloine fíona ag deireadh na hoíche.

Tá nasc ag Barrington Stoke leis na comhlachtaí foilsitheoireachta Gaeilge, Futa Fata agus an tÁisaonad, agus go deimhin tá cuid de leabhair an chomhlachta aistrithe go Gaeilge anois. Is minic go mbíonn daoine ag gearán faoi leabhair Ghaeilge, ag rá go bhfuil gá le scéalta le hábhair níos dúshlánaí do dhaoine óga, ach le Gaeilge atá éasca go leor a léamh.

Seo an rud a dhéanann Barrington Stoke – coinníonn siad an teanga agus an caighdeán Béarla simplí go leor ach foilsíonn siad scéalta atá oiriúnach don aoisghrúpa a bhíonn i gceist, ionas nach mothóidh na léitheoirí go bhfuil siad ag léamh scéal atá scríofa do dhaoine níos óige ná iad féin.

Bhain gach éinne sult as an chóisir agus ba léir nár theastaigh ó éinne an áit a fhágáil, ach b'éigean dúinn slán a fhágáil leo go léir diaidh ar ndiaidh. Bhí oibrithe an chomhlachta féin i mbun cócaireachta agus bácála, ag tabhairt amach deochanna, ag crochadh suas cótaí agus ag cur fáilte roimh na n-aíonna.

Sílim gur chuir sé sin go mór le hatmaisféar na hoíche, mar go raibh rud éigin an-phearsanta agus cairdiúil faoin gcóisir agus faoin ócáid. Gach seans go mbeidh cóisir eile ag an gcomhlacht, in Albain, ionas go mbeidh deis ag na húdair Albanacha freastal air.

Comhghairdeas leo as leabhair den scoth a fhoilsiú le cúig bliana déag anuas agus tá súil agam go mbeidh siad thart go ceann blianta fada eile.

Leabhar nua ó Futa Fata

Tá an chéad leabhar de shraith nua dírithe ar léitheoirí óga agus a dtuismitheoirí, foilsithe ag Futa Fata.

'Lísín – Scoil na bPáistí Deasa' an teideal atá ar an leabhar. Tá sé scríofa ag Patricia Forde agus maisithe ag Joelle Dreidemy.

Foghlaí Mara is ea Lísín a bhfuil sé de dhualgas uirthi foghlaithe mara nua a thraenáil, ach an bhfuil mianach foghlaí mara i bpáistí deasa, galánta?

Tá dúshlán mór roimh Lísín seans, ach má tá féin, tá neart spraoi agus eachtraí roimpi chomh maith. Seo é an ceathrú leabhar atá foilsithe ag Patricia Forde le Futa Fata.

Níor oibrigh sí riamh mar Fhoghlaí Mara, ach, chaith Patricia seal mar stiúrthóir ar Fhéile Ealaíon i nGaillimh agus is í a bhunaigh an Fhéile Idirnáisiúnta, Baboró. Tá dhá leabhar eile do pháistí foilsithe aici i mBéarla le comhlacht Egmont i Londain.

Is Ealaíontóir ó Pháras na Fraince í Joelle Dreidemy. D'fhreastail sí ar scoil cháiliúil Emil Cohl i Lyon, áit a bhfuil sí féin ag múineadh ealaíontóirí óga anois. Tá réimse leathan leabhar maisithe aici agus an-cháil uirthi ina tír dhúchais. Tá Lísín – Scoil na bPáistí Deasa le fáil anois sna siopaí ar €7.95.

Cnuasach filíochta le Liam Ó Muirthile le seoladh



Seolfar cnuasach nua filíochta le Liam Ó Muirthile ag 7i.n. ar an Aoine 8 Feabhra, san Eaglais Úinitéireach i mBaile Átha Cliath.

Is é teideal an chnuasaigh ná 'An Fuíoll Feá: Rogha Dánta / Woodcuttings: New & Selected Poems' agus is cnuasach dátheangach é ina bhfuil formhór de na dánta aistrithe go Béarla ag Gabriel Rosenstock.

Is ócáid filíochta agus cheoil a bheidh i gceist leis an oíche seo agus tá fáilte roimh chách a bheith i láthair. Is é seo an chéad chnuasach téagartha de rogha dánta an mhórfhile seo.

Beidh Peter Browne, Caoimhín Ó Raghallaigh agus Iarla Ó Lionáird i mbun ceoil don oíche agus beidh Cathal Póirtéir mar fhear an tí.

Cuirfear fíon agus sólaistí ar fáil ó 7.00i.n. agus tosóidh an fhilíocht agus an ceol ag 7.30i.n. Más spéis leat freastal ar an ócáid, cuir teachtaireacht chuig Julianne ag julianne@milefailte.ie.

Diabhalscéal

Costas: DHÁ GHIGIBHEART

PAUL GALVIN CEAPTHA INA STÍLÍ FAISíN DO BHAILL CHOMHARCHUMANN FORBARTHA CORCA DHUIBHNE TEO. "Tá sé in am an gang sin a tharraingt isteach san aois seo," a deir sé.

Lch. 129: DÉISTIN AR DHÁITHÍ Ó SÉ NACH BHFUIL TUAIRISC AIR I LEABHAR MÓR NA hÉIREANN.

ÉIRIGH SUAS, A PHEIGÍN!

Seathrún Hack

TÁ sé tugtha le fios do Dhiabhalscéal go bhfuil TG4 chun maoiniú a thabhairt d'fhadscannán bunaithe ar shaol Pheigín Leitir Móir. Tuigtear go mbeidh an scannán á thaifeadadh i gceantar Chois Fharraige i rith an tsamhraidh. Dúirt urlabhraí ón gcomhlacht léiriúcháin, Dallamullóg Teo., go raibh sé "thar a bheith sásta" le maoiniú €50m ó TG4, an BAI, ÚnaG, an tESB, TNT, Bainteoirí Móna Chonamara, Tigh Hughes agus Óstán na Páirce.

Sa scéal, is transvestite í Peigín agus halla biongó á rith aici i Leitir Móir. Titeann leaid áitiúil, Séamaisín (ón amhrán 'An bhFaca Tú Mo Shéamaisín?'), go mór i ngrá léi agus déanann sé iarracht í a mhealladh.

"Tá muid ag súil go mór le bheith ag obair le criú proifisiúnta ó Shasana agus ó Mheiriceá," arsa an léiritheoir. "Tá script dochreidte snasta scríofa ag G.H.D. Fairweather-Petticoats, agus fair play do Joe Steve, d'aistrigh sé go Gaeilge é ar ráithe móna." Tuigtear go mbeidh gnáth-chleachtaí scannánaíochta i bhfeidhm do bhaill an chriú áitiúil agus iad ag fáil dearbháin do SuperMacs mar chúiteamh ar an obair.

"Tá ríméad orainn a rá go mbeidh siad ag fáil dearbháin pheitril an uair seo freisin," a dúirt an léiritheoir go mórtasach. Cé go bhfuil go leor den chriú ag obair sa tionscail le breis agus fiche bliain, tuigtear go bhfuil siad ríméadach tuilleadh traenála a fháil ar an mbig gig seo.

Tá súil le Scarlett Johansson a bheith i bpáirt Pheigín agus Samuel L. Jackson mar Shéamaisín fhéin. Tuigtear go mbeidh Stephen Fry mar chomhairleoir teanga ag an tsraith.

HEELY RÉIDH

Glacadh le dhá rún a mhol Dinny Heely Réidh ag cruinniú de chuid Comhairle Contae Chiarraí aréir. Mhol Heely Réidh go gceadófaí do thuismitheoirí a leanaí a smachtú trí léasadh an diabhail a thabhairt dóibh. "Agus muide ag fás aníos, thugadh m'athair buatais isteach sa chloigeann dúinn dá ndéanfadh muid rud ar bith as bealach," a dúirt Heely Réidh. "Níl aon smacht ar pháistí an lae inniu, agus tá na tuismitheoirí i sáinn mar nach féidir sleaip a tharraingt ar na bastairdí," a dúirt sé. Glacadh freisin lena rún go gcuirfí cosc ar mhná pósta dul amach ag obair agus go bhfanfadh siad sa mbaile chun a clann a thógáil.

IMITHE LE GAOTH

Tá muintir Dhún na nGall ag tréigeadh a bhfód dúchais toisc an fhaitíos atá orthu go n-imeoidh an Contae le gaoth. Tuigtear anois go bhfuil aschur cumhachta an 32 feirm gaoithe sa Chontae ag tarraingt an talaimh aníos agus seo is cúis leis na critheanna talúna sa Chontae ó mhí na Samhna.

"Tháinig an talamh aníos le mé a mheetáil," a dúirt Éamon Chonaill Rua Mac Giolla Ghiolla agus é ar a bhealach ar ais as Tigh Hiúdaí an oíche dheireanach. Séanann Comhairle Contae Dhún na nGall na tuairiscí go láidir, áfach.

"Níl fírinne ar bith sna ráflaí gránna seo go bhfuil an Chomhairle ag fáil na céadta míle euro ó na comhlachtaí móra fuinnimh seo achan bhliain," a dúirt urlabhraí i nGaeilge bhriste agus í ag léamh ó phíosa páipéir. "*Oh...Sorry, wrong statement*," a dúirt sí ina dhiaidh sin.

Cruinneas

Chomh hard le...

Dúshláin agus deismireachtaí Gaeilge á bplé ag **Antain Mac Lochlainn**

SEO fadhb achrannach a thagann aníos san aistriúchán ó am go chéile – gan ach focal amháin a bheith sa Ghaeilge ar choincheap éigin a bhfuil roinnt focal air sa Bhéarla.

Ní miste sin nuair nach bhfuil ann ach dornán focal atá ar aon bhrí, mar shampla *seller/vendor*. Níl aon dealú céille le déanamh sa chás sin. Seans gur mó a shamhlófaí *vendor* le Béarla Mheiriceá Thuaidh, ach b'fhánach bheith ag iarraidh an méid sin a thabhairt slán san aistriúchán Gaeilge. 'Díoltóir' is ea an *seller* agus an *vendor* araon.

Tá go breá, ach cad é a dhéanfá leis an fhocal shimplí *tall* in abairt mar seo: *Everest is the highest mountain in the world, but it is not the tallest*.

Abairt aisteach í, admhaím, ach ní hé gur chum mé í le haghaidh an cholúin seo. Is amhlaidh a bhí sí le haistriú agam féin tamall de bhlianta ó shin. Is ar éigean a thiocfadh liom an comhad a sheoladh ar ais go dtí an cliant agus a ordú dó abairt níos stuama a scríobh.

Ar aon nós, tá loighic san abairt Bhéarla, an té a thuigfeadh í. Mar seo atá: is é mullach Everest (nó Chomolungma, mura bhfuil dúil agat san ainm impiriúil Béarla) an pointe is airde os cionn leibhéal na farraige dá bhfuil ar domhan, ach tá bealaí eile ann le hairde sléibhe a thomhas.

Déarfadh tíreolaithe leat go bhfuil Mauna Kea, sliabh de chuid Haváí, breis agus dhá uair chomh hard le Everest má dhéantar é a thomhas óna bhun go dtína bharr. Is ar ghrinneall na farraige atá bun an tsléibhe sin. Tá modh oibre eile fós ann, is é sin an t-achar ó lár na cruinne go mullach an tsléibhe a thomhas. Bheadh Everest breá ar an chúigiú sliabh is airde ar domhan de réir an mhodha sin. A leithéid de chéim síos!

Tá ciall san abairt Bhéarla, mar sin, *the highest mountain, but not the tallest*, bíodh is nach ndéantar a leithéid de dhealú céille idir high agus tall sa ghnáthchaint.

Ach fágann sin gréasán le réiteach ag an aistritheoir bocht, nó is 'ard' atá againn ar high agus ar tall araon, nach ea?

Ba le dua a thuigfí 'Is é Sliabh Everest an sliabh is airde ar domhan, ach ní hé an sliabh is airde é.'

'Bíodh is gurb é Sliabh Everest is airde os cionn leibhéal na mara, tá sléibhte eile ar domhan a bhfuil achar níos faide ann óna mbun go dtína mbarr.'

Cad é ab fhearr a dhéanamh?

An bhfuil focal ar bith eile ann a bhfuil gaol gairid aige le 'ard'? Bhuel, tá 'fada' ann agus úsáidtear é corruair chun trácht ar dhaoine a bhfuil a bheagán ná a mhórán de 'shíneadh' iontu.

'Is iomaí fear fada a bhíonns lag ina lár,' a deir seanfhocal de chuid Chonnacht. Chomh fada is a bhaineann sé leis an abairt seo againne, níor leor 'ní hé an sliabh is faide é.'

Ní den Ghaeilge é sin. Chaithfí casadh beag a chur ann: 'Is é Sliabh Everest an sliabh is airde ar domhan, ach ní hé an sliabh is faide achar óna bhun go dtína bharr é.'

Bíonn faitíos ar aistritheoirí cur leis an méid atá sa bhunabairt Bhéarla ach níl an dara rogha ann sa chás áirithe seo.

Go deimhin, bheadh fonn orm dul níos faide agus míniú iomlán a thabhairt: 'Bíodh is gurb é Sliabh Everest is airde os cionn leibhéal na mara, tá sléibhte eile ar domhan a bhfuil achar níos faide ann óna mbun go dtína mbarr.'

Abairtí den chineál sin a thugann dóchas dom nach gcuirfidh ríomhairí an ruaig ar aistritheoirí choíche.

Tá tuilleadh áiseanna Gaeilge ar www.aistear.ie.

'Bíodh is gurb é Sliabh Everest is airde os cionn leibhéal na mara, tá sléibhte eile ar domhan a bhfuil achar níos faide ann óna mbun go dtína mbarr.'

'Lincoln' – scannán cumhachtach as an ghnáth



Léirmheas le Páidí Ó Lionáird

MURA gcreideann tú i gcumhacht scannáin, má theastaíonn uait dul agus fáil amach cad atá speisialta faoin ndraíocht a bhaineann leis an earnáil ealaíne seo, téigh chun an scannán staire 'Lincoln' a fheiscint.

Ní mé an crann taca is fearr atá ag Steven Spielberg. Tá formhór mór a chuid scannán feicthe agam agus i bhfírinne, níl ach dornán a chuirfinn ar sheilf sa bhaile. Le tríocha bliain anuas, tá na scórtha scannáin curtha trína lámha stiúrtha aige ach i bhfírinne, seachas iad seo a leanas, níorbh fhiú mórán iad.

Áirím ina measc siúd is fearr, *The Blues Brothers* (1980), *ET* (1982), *Empire of The Sun* (1987), *Schindlers List* (1993), *Catch Me If You Can* (2002), *The Terminal* (2004) agus *Memoirs of a Geisha* (2005).

Murach na réalta a fuair sé chun na príomhcharachtair a léiriú, bheadh dearmad déanta orthu.

Mar an gcéanna le 'Lincoln'.

Thug Day-Lewis freagra Pheadair faoi dhó ar Spielberg, agus níor thoiligh sé lena dhéanamh gur tugadh an tríú dréacht den script dó. Bheadh an chiall ag Spielberg brú a chur ar Day-Lewis óir go raibh fhios aige nárbh fhiú dó tabhairt faoin scannán dá uireasa.

Agus ní gnáthscannán de chuid Spielberg atá in 'Lincoln' ach an oiread. Áit a gcuireann sé béim ar chúrsaí aicsin in a lán dá chuid léirithe, seachnaíonn sé anseo é. Díríonn sé aird iomlán an lucht féachána ar an bpolaitíocht a bhain le hiarrachtaí Lincoln an tríú leasú déag de Bhunreacht na tíre sin a thabhairt i dtír – leasú a chuirfeadh deireadh le sclábhaíocht sna Stáit Aontaithe.

Dá bharr san, tá easnaimh ann i bhforbairt carachtair. Uaireanta bíonn sé deacair a thuiscint cé hé cé agus cén taobh ar a bhfuil siad. Tá an scannán, mar eispéaras amharclannaíochta, deacair agus trom ar uairibh dá bharr ach is fiú an toradh an trioblóid. Is fiú, mar is fiú dhá oiread luach an ticéid taispeántas Day-Lewis féin.

Áit a mbíonn a chuid monalóga fada agus dílis do shruth labhartha Bhéarla na linne, séideann Day-Lewis anáil na réalaíochta fúthu agus cuireann brí leo. Déanann sé cothromú orthu freisin le scéalta ghrinn agus parabail – tréithe a deirtear a bhí fíorchruinn sa bhfear féin.

Tharais aon ní eile, déanann Day-Lewis deimhin de go bhféachann sé chomh cosúil le Lincoln agus a d'fhéadfadh. Tá dianscrúdú déanta aige ar a shiúl, a sheasamh, a chaint agus ar gach gné eile darbh eol do dhaoine faoi. Tá scoth na haisteoireachta ó chuid eile den chliar freisin i bhfoirm Sally Field, Tommy Lee-Jones agus Lee Pace.

★★★★½

TEILIFÍS agus RAIDIÓ

Le Méabh Ní Thuathaláin

‘Éagsúlacht an tsaoil’ á léiriú sa chlár siamsúil ‘Thall ‘s Abhus’

TÁ clár nua ceol agus cainte á chur i láthair ag Sinéad Ní Uallacháin, ‘ banríon na siamsaíochta’, mar is fearr aithne uirthi i measc éisteoirí ‘Cormac ag a 5’, gach maidin Sathairn ag a 10r.n a thugann ardán don ‘éagsúlacht’

Gach seachtain, bíonn aoichainteoir páirteach sa chlár agus roghnaíonn siad trí phíosa le seinm, idir cheol agus amhrán, agus díríonn an chaint ar a rogha ceoil.

I measc na n-aíonna a bhí ar an chlár go dtí seo tá Sinéad Ní Churnáin, láithreoir teilifíse de chuid RTÉ, Úna Mulally, a chuireann ‘Ceol ar an Imeall’ i láthair agus a scríobhann leis an Irish Times, Lorcáin Mac Mathúna, an t-amhránaí ón ghrúpa ‘Northern Lights’ agus an fear taistil Manchán Magan.

“ Is dóigh, an rud is suntasaí faoin gclár ná an oiread éagsúlachta. Ní fhéadfá seánra amháin a roghnú.

Braitheann sé ar an aoi atá istigh. Mar shampla, roghnaigh Úna Mulally ceoil leictreonach de chuid ‘Orbital’ agus bhain an clár a raibh Lorcáin Mac Mathúna páirteach ann le ceol de chuid na Sualainne agus na dtíortha Lochlannacha mar go ndeachaigh an ceol sin go mór i bhfeidhm air,” a dúirt Sinéad.

“Feicim go mbíonn ar na haíonna machnaimh níos doimhne a dhéanamh faoi na píosa ceoil mar gheall nach seinntear liricí Béarla. Is gá dóibh a bheith cliste faoin phíosa ceoil a roghnaíonn siad, ach is ar leas na héagsúlachta atá sé,”arsa sí le gáire.

Sinéad Ní Uallacháin as Baile an Éanaigh, Co. Chiarraí, a bhfuil sraith nua ‘Thall ‘s Abhus’ á chur i láthair aici gach maidin Sathairn ag a 10r.n ar RnaG.

Enda Reilly, an t-amhránaí agus an cumadóir amhrán, a bheas in éineacht le Sinéad ar Thall ‘s Abhus, a chraolfar ag a 10.r.n ar Raidió na Gaeltachta an Satharn beag seo.

Deis iontach atá ann cluas éisteachta a thabhairt do cheol nach gcloisfeá ar aer rómhinic, dar le Sinéad, agus tuairimí na n-aíonna a fháil ar na píosa ceoil a roghnaigh siad. Is formáid í seo a oibríonn go han-mhaith ar raidió i gcoitinne mar go mbíonn deis ag an aoichainteoir chuid dá phearsantacht a chur in iúl agus bíonn tuiscint níos fearr ag an éisteoir ar suimeanna an aoichainteora.

“ Ní amháin go gcuirim ceisteanna orthu faoi na píosa ceoil, ach bíonn comhrá agam leo faoi cad é atá ar siúl acu ina saol, ó thaobh a gcuid oibre de agus na rudaí atá ar bonn acu, rud a chuireann leis an gclár go mór. Bhí Manchán ag labhairt an tseachtain seo caite go mór faoi chúrsaí taistil agus bhí sé thar a bheith spéisiúil cloisteáil faoin taithí a bhí aige timpeall an domhain.”

Chomh maith leis na haíonna a bhíonn páirteach sa chlár, déanann Sinéad na páipéir nuachtáin a scagadh. “Tá béim ar ábhair éadrom is dóigh in áit scéalta nuachta troma. Is clár siamsúil maidin Sathairn é agus déanaim iarracht aird a tharraingt ar scéalta dearfacha nó ábhar níos afáise ná mar a bheadh i gclár cúrsaí reatha,” a dúirt Sinéad.

“ Is dóigh, an rud is suntasaí faoin gclár ná an oiread éagsúlachta. Ní fhéadfá seánra amháin a roghnú don chlár. Braitheann sé ar an aoi atá istigh. Mar shampla, roghnaigh Úna Mulally ceoil leictreonach de chuid ‘Orbital’ agus bhain an clár a raibh Lorcáin Mac Mathúna páirteach ann le ceol de chuid na Sualainne agus na dtíortha Lochlannacha mar go ndeachaigh an ceol sin go mór i bhfeidhm air,”

Ó am go ham bíonn tuairimí an phobail le cloisteáil bunaithe ar ‘ceist na seachtaine’ a bhaineann le ‘cibé rud atá ag titim amach’.

“An chéad tseachtain, craoladh an clár ar Nollaig na mBan agus bhailigh mé tuairimí daoine éagsúil faoi céard a cheap siad den fhéile. An dara seachtaine, bhí eolaithe óga na bliana bailithe le chéile san RDS agus labhair siad liom faoi chúrsaí eolaíochta. Ó shin, tá tuairimí eile faighte agam, bunaithe ar chlár teilifíse a bheas le craoladh ar ITV. Tá siad ag iarraidh grúpaí ceoil a bhí i mbarr a réimse sna nóchaidí nach bhfuil le chéile anois a thabhairt ar ais agus tuairimí a roinnt. Tháinig cuid mhór tuairimí agus cuimhní as sin.”

Ba mhian le Sinéad go mbeadh sí ag cur leis an chlár i gcaitheamh an ama. Tá tús curtha le mír ealaíne ar na mallaibh ina gcuireann duine síos ar shaothar mór ealaíne, a bhíonn in airde ar leathanach Facebook agus Twitter RnaG, agus le feiceáil ag na héisteoirí.

Tá Sinéad ag obair le Raidió na Gaeltachta ó 2007 agus faoi láthair bíonn sí ag obair mar rúnaí i rith na seachtaine ar ‘Cormac ag a Cúig’, chomh maith le mír seachtainiúil a dhéanamh ar an chlár achan Aoine maidir leis na himeachtaí atá ag titim amach ar fud na tíre. Fuair sí taithí ‘den scoth’ i rith an tsamhraidh agus í ag cur clár ceoil ‘Spleodar an tSathairn’ i láthair, ach seo an chéad deis di clár a dhéanamh a bhfuil an ghné cainte mar chuid lárnach de.

“ Bainim sult mhór as a bheith sa stiúideo, i mbun cainte le daoine agus spás mar sin a aimsiú le díriú ar spéiseanna dhuine áirithe agus a gcuid tuairimí a chloisteáil faoi chúrsaí an tsaoil,” a dúirt sí.

Sinéad ar stáitse

Bheadh iomrá ar Shinéad mar aisteoir agus tá sí bainteach le hAisteoirí Bulfin, grúpa drámaíochta iomráiteach i mBaile Átha Cliath a bhfuil na céadta drámaí léirithe acu ó bunaíodh an grúpa tuairim is dhá scór bliain ó shin. Cé go bhfuil taithí Shinéad dírithe ar an ardán go dtí seo, i mbliana beidh sí ag obair ar chúl an stáitse ‘le gné eile den drámaíocht a bhlaiseadh’. Tá an dráma 'Herody Katyn' le Seán Ó Broin roghnaithe anois ag coiste Aisteoirí Bulfin le haghaidh séasúr na bhféilte drámaíochta agus beidh siad ag dul ar chamchuairt leis sna míonna amach romhainn.

Gaelscéal ar Scoil

• MEÁNSCOIL •

Gaeilge – Ardteistiméireacht 2013 Le Mícheál Ó Ruairc

Béaltriail 2013
Ábhar reatha

(i) An Reifreann ar an nGinmhilleadh

Ceist an-chonspóideach í ceist an ghinmhillte sa tír seo. Cruthaíonn sé argóint agus conspóid níos minice ná riamh nuair a dhéantar é a phlé go poiblí. Tógann daoine seasamh an-láidir ar an gceist áirithe seo agus is beag áit a bhíonn ag an réasúntacht, ag an gcomhaontú ná ag an gcomhghéilleadh san argóint i dtaobh an ghinmhillte. Ar an ábhar sin tá scoilt mhór sa phobal ina thaobh. Ní hé go bhfuil mórán daoine ar son an ghinmhillte ach iad siúd atá 'ar son rogha' nó 'ar son cearta an duine' maidir leis an nginmhilleadh nó 'ar son an ghinmhillte i gcásanna eisceachtúla', déantar iad a cháineadh go géar nó a ionsaí fiú i dtaobh an tseasaimh sin a bheith acu. Ar an lámh eile, iad siúd atá glan i gcoinne an ghinmhillte i ngach cás, déantar iad siúd a cháineadh freisin as a bheith seanaimseartha agus ró-righin ina ndearcadh. Beidh sliabh le dreapadh ag an rialtas agus iad ag iarraidh reachtaíocht a chur os comhair phobal na hÉireann sa reifreann atá beartaithe. Beidh orthu an cheist a chíoradh go mion agus teacht ar fhoclaíocht chuí chun an pobal vótála a shásamh. Má theipeann orthu é sin a dhéanamh tá baol mór ann go dteipfidh ar an reifreann fadhb an ghinmhillte a réiteach ó thaobh reachtaíochta de.

(ii) Fadhb na Cibearbhulaíochta in Éirinn inniu

Fadhb mhór í fadhb na cibearbhulaíochta sa tír seo le bliain nó dhó anuas. Mar is eol do chách, caitheann an t-aos óg an-chuid ama go deo ar na gréasáin shóisialta na laerganta seo. Ar an ábhar sin is targaidí iad do na cibearbhulaithe a bhfuil an saol ag cur thar maoil leo. Is daoine mailíseacha, mallaithe iad na cibearbhulaithe seo agus baineann siad taitneamh as daoine óga, goilliúnacha a mhaslú agus a ionsaí agus ndea-chlú a lot. Faraor géar, is beag reachtaíocht atá ann faoi láthair chun cosc a chur ar na daoine mallaithe seo é sin a dhéanamh, feictear domsa. Is mór an trua é sin.
Cheana féin tá dochar mór déanta ag an cibearbhulaíocht sa tír seo. Tá daoine óga áirithe sceimhlithe ina mbeatha agus a ndea-chlú scriosta de bharr an fheiniméain ghránna seo. Tá daoine óga tar éis lámh a chur ina mbás féin go fiú. Is bocht an scéal é sin agus ní mór do na húdaráis féachaint chuige go dtabharfar na cibearbhulaithe mallaithe os comhair na cúirte agus go ngearrfar pionóis throma orthu agus iad a chur i bpríosún.

Páipéar 2/Ceist 2
Filíocht Ainmnithe

Géibheann le Caitlín Maude

Cad é téama an dáin seo, dar leat?

Is é téama an dáin seo ná an gaol atá ag an duine lena thimpeallacht, dar liom. Is cuid lárnach dar dtimpeallacht nádúrtha iad na hainmnithe fiáine. Taca an ama a scríobhadh an dán seo bhí an scannán *Born Free* (1966) le feiceáil sna pictiúrlanna ar fud an domhain. Bhain ábhar an scannáin leis an lánúin Joy agus George Adamson a thóg an leon baineann, Elsa, ó bhí sí ina coileán beag go dtí go raibh sí fásta suas.
Thóg siad í ina timpeallacht nádúrtha sa Chéinia san Afraic agus scaoil siad thar n-ais arís í i measc na leon nuair a bhí sí tógtha acu. Bhí siad glan i gcoinne an tsaoirse a bhaint d'ainmnithe fiáine agus iad a chur i ngéibheann i ngairdíní na n-ainmnithe. Bhí siad den tuairim go raibh sé seo glan in aghaidh nádúr an ainmhí, go raibh sé cruálach, go raibh sé barbartha agus go raibh sé mí-nádúrtha.

Bhí Caitlín Maude den tuairim chéanna. Feicimid go soiléir sa dán seo mar a loiteann an easpa saoirse dínit an ainmhí agus mar a bhriseann sé a spiorad:

ach anois
luím síos
agus breathnaím trí leathshúil
ar an gcrann aonraic sin thall

Tá sé soiléir nach réitíonn sé leis an ainmhí a bheith i ngéibheann agus go mb'fhearr go mór leis a bheith ina chónaí ina thimpeallacht nádúrtha féin.

Déan cur síos **gairid** ar an gcodarsnacht atá sa dán.

Tá codarsnacht láidir sa dán idir shaoirse agus daoirse, idir thimpeallacht nádúrtha an ainmhí agus thimpeallacht mhí-nádúrtha ghairdín na n-ainmnithe. Nuair a chailleann ainmhí (nó duine) a shaoirse cailleann sé a dhínit, a fhuinneamh, a neart, a anam.
Ag tús an dáin tá saoirse ag an ainmhí. Níl cíos, cás ná cathú air agus saol lúcháireach, iontach á chaitheamh aige:

croithfinn crainnte na coille
tráth
le mo gháir

Ach ansin beirtear air agus caitear isteach sa sú é agus baintear a shaoirse de. Sa phróiseas déantar an-damáiste do mheon agus d'anam an ainmhí. Cailleann sé a neart agus a áilleacht. Cailleann sé a chuid fuinnimh. Cailleann sé dóchas.
Caitheann sé an lá ina shuí ag breathnú ar chrann aonraic, an t-aon rian den fhorais atá fágtha. Tá an créatúr bocht lagbhríoch, croíbhriste agus i ndeireadh na feide. Is beag dóchas atá aige go bhfeicfidh sé a thimpeallacht nádúrtha arís:

tagann na céadta daoine
chuile lá

a dhéanfadh rud ar bith
dom
ach mé a ligean amach

Tuigeann sé go bhfuil a phort seinnte agus nach bhfuil i ndán dó feasta ach a bheith i bpríosún is gan éinne chun teacht i gcabhair air agus é a scaoileadh saor.

Gaelscéal ar Scoil

• MEÁNSCOIL •

Gaeilge – Ardteistiméireacht 2013 Le Mícheál Ó Ruairc

Páipéar 2 - Ceist 4
Litríocht Bhreise (40 marc)

A Thig Ná Tit Orm le Maidhc Dainín Ó Sé

'Tugann Maidhc Dainín Ó Sé cuntas an-ghreannmhar dúinn ar na laethanta a chaith sé sa bhunscoil.'

An ráiteas sin a phlé agus cuntas uait ar **thrí cinn** de na heachtraí a tharla le linn laethanta an údair sa bhunscoil.

Aontaím go hiomlán leis an ráiteas. Ón gcéad líne den chuntas a thugann an t-údar ar a laethanta sa bhunscoil is é an greann an tréith is láidre ar fad ann.

1. Is é an chéad scéal greannmhar a insítear dúinn ná an cur síos a thugann Maidhc Dainín dúinn ar an troid idir é féin agus an buachaill ó Chathair Scoilbín. Chaith an bheirt acu seachtain iomlán ag tabhairt íde béil dá chéile i dtosach báire sula raibh aon troid ann.
Bhí leaid eile ann agus bhuail sé an bheirt acu san aghaidh - d'fhonn iad a chur ag troid! Shíl Maidhc Dainín gurbh é an buachaill ó Chathair Scoilbín a bhuail é agus bhuail sé ag bonn na cluaise é. Leag sé ar an talamh é. Níorbh fhada ansin go raibh sé féin ar an talamh agus léasadh maith á fháil aige. Díreach ansin tháinig an múinteoir amach agus thug sí trí stiall den bhfuinseoig an duine dóibh!

2. Eachtra eile a léiríonn tréith láidir an ghrinn san údar ná an cuntas a thugann sé ar chuairt an chigire scoile, go háirithe an comhrá idir Uinseann Ó Grífín agus an cigire. Ní fheiceann Maidhc Dainín ach an taobh greannmhar den chuairt sin. Cuireann sé ag gáire sinn leis an gcur síos a thugann sé ar an ullmhúchán a rinneadh ar fud na scoile do chuairt an chigire agus ar an ómós a bhí ag na múinteoirí don duine céanna. Tá greann freisin sa chomhrá idir an cigire agus cailín Bhaile an Lochaigh.

3. Eachtra ghreannmhar eile a tharla agus Maidhc Dainín sa bhunscoil ná an eachtra a bhain leis na tincéirí. Ag deireadh an fhómhair bhíodh sé de nós ag clann tincéirí darbh ainm na Brianaigh campáil in aice na scoile. Bhí meas mór ag an údar ar na tincéirí céanna agus ar an gceird a chleacht siad, ach ní bhaineann sé sin le hábhar na ceiste seo!
Tharla lá go raibh cúig gharsún is fiche ón scoil ina suí ar ráil na scoile agus iad ag breathnú ar bhean an tincéara ag róstadh maircréil úir ar bhladhmsach mhór thine. Bhí boladh an-deas ón iasc agus bhí uisce ag sileadh ó fhiacla gach duine de na scoláirí. Rug an buachaill áirithe seo ar scraithín agus chaith sé isteach sa phota é. D'imigh iasc agus geir agus pota ar fud na háite agus thosaigh bladhmanna ag pléascadh ón tine. Tháinig fearg ar bhean an tincéara agus chuaigh sí isteach ag gearán leis an máistir scoile. Níor admhaigh duine ar bith cé a chaith an scraithín agus fuair gach duine acu ceithre stiall den bhfuinseoig ón máistir.

Gramadach Gan Dua! 18
Na hUimhreacha

Na Bunuimhreacha agus na hOrduimhreacha

Na Bunuimhreacha	Na hOrduimhreacha
1 cat amháin/asal amháin (aon **ch**at amháin/asal amháin)	an c**h**éad c**h**at/an c**h**éad asal
2 dhá c**h**at/asal	an dara (tarna) **c**at/an dara **h**asal
3 trí c**h**atasal	an tríú cat/hasal
4 ceithre c**h**at/asal	an ceathrú cat/hasal
5 cúig c**h**at/asal	an cúigiú cat/hasal
6 sé c**h**at/asal	an séú cat/hasal
7 seacht **g**cat/**n**-asal	an seachtú cat/hasal
8 ocht **g**cat/**n**-asal	an t-ochtú cat/asal
9 naoi **g**cat/**n**-asal	an naoú cat/hasal
10 deich **g**cat/**n**-asal	an deichiú cat/hasal
11 aon c**h**at déag/aon asal déag	an t-aonú cat/hasal déag.

[**N.B.** 1 - 6 + **h** ar thúschonsain// 7 - 10 + **urú** ar thúschonsain + **urú** roimh ghutaí]

Bliain amháin - dhá bhliain d'aois - **ACH - trí bliana d'aois . . . . . sé bliana d'aois - ACH - seacht mbliana d'aois . . . . deich mbliana d'aois.**
Ceann amháin - dhá cheann - **ACH - trí cinn . . . . . sé cinn - ACH - seacht gcinn . . . . deich gcinn.**

Na hUimhreacha Pearsanta

1	duine (amháin)
2	beirt
3	triúr
4	ceathrar
5	cúigear
6	seisear
7	seachtar
8	ochtar
9	naonúr
10	deichniúr
11	aon duine dhéag
12	dáréag
13	trí dhuine dhéag . . . .

Samplaí

(i)	Tá trí chearc agus seacht gcoileach ag an bhfeirmeoir.
(ii)	Fuair sé bás ar an seachtú lá is fiche de Mhí Iúil.
(iii)	Níl Pól ach ceithre bliana déag d'aois ach tá Cáit ocht mbliana déag d'aois.
(iv)	Ceannaigh mé dhá cheann inné ach ceannóidh mé deich gcinn amárach.
(v)	Tháinig Seán sa séú háit sa chomórtas.
(vi)	Tá seacht n-ainmhí déag ag Cáit.
(vii)	Bhí siad ag súil go dtiocfadh caoga duine go dtí an chóisir ach níor tháinig ach dáréag.
(viii)	Tháinig beirt bhan agus seachtar fear.

Cleachtaí

(i)	Táim (17: bliain) d'aois.
(ii)	Tháinig Seán sa (7ú) (áit) sa rás.
(iii)	Ní bhfuair mise ach (7: ceann).
(iv)	Tá (6) i mo chlann.
(v)	Tá (3: madra), (7: bó), (18: caora) agus (2: asal) ar an bhfeirm sin.
(vi)	Seo an (3ú: uair) di a bheith déanach don scoil.
(vii)	Tá an (1ú) (Cogadh) Domhanda críochnaithe le fada.

**is féidir íoc as síntiúis go sábhailte trí PayPal ag http://www.oideachas.gaelsceal.ie/sintiuis/
nó is féidir leat foirm shíntiúis a íoslódáil ag www.oideachas.gaelsceal.ie agus www.gaelsceal.ie.**

Gaelscéal ar Scoil

• MEÁNSCOIL •

Gaeilge – Teastas Sóisearach 2013 Le Mícheál Ó Ruairc

Páipéar 1 / Roinn III
Trialacha Teanga Comhthéacsúla (20 marc)

Ceist 2 / Freagair A agus B anseo

A (10 marc)

Bhí Rónán ag an gcluiche ceannais peile i bPáirc an Chrócaigh ar 18 Meán Fómhair. Scríobh Rónán cuntas ar an gcluiche ar a ríomhaire glúine don stáisiún raidió áitiúil ach ar chúis éigin nuair a phriontáil sé an cuntas bhí cuid de na briathra san Aimsir Chaite. Chuaigh Rónán siar ar an gcuntas arís agus chuir sé líne faoi na briathra. Ansin chum sé an cuntas arís san **Aimsir Láithreach.**

Scríobh an cuntas a chum Rónán san **Aimsir Láithreach** agus athraigh na focail a bhfuil líne fúthu. Is mar seo a leanas a thosaigh Rónán:

"**Táim** anseo i bPáirc an Chrócaigh . . ."

Bhí mé anseo i bPáirc an Chrócaigh óna leath i ndiaidh a haondéag. Chonaic mé go bhfuil an-atmaisféar go deo san áit. Thosaigh na daoine ag teach de réir a chéile. Chuir mé glao ar mo chara, Dónáll, ach ní féidir liom focal a dúirt sé liom a thuiscint.

Is cuma. Bhain mé taitneamh as an gcluiche agus as an ócáid. Cluiche breá, spórtúil atá ann, buíochas le Dia.

B (10 marc)

Líon na bearnaí leis an bhfocal (na focail) is oiriúnaí agus scríobh an leagan ceart de na focail/figiúirí atá idir lúibíní:

(i) Tá (521) _____ dalta i mo scoil.

(ii) Is maith le Siobhán leadóg ach níl suim dá laghad agam _____.

(iii) Ba mhaith liom labhairt _____ bPríomhoide.

(iv) Bím ag staidéar ó _____ go hoíche do na scrúduithe.

(v) Is fearr rith maith ná _____.

(a) drochlá (b) drochghortú (c) drochsheasamh (d) drochaigne.

Ábhair Nua

Ag iarradh go gcuirfear rphost chugat nuair a chuirtear ábhair nua ar an suíomh?

Tabhair dúinn do sheoladh ríomhphoist ag www.oideachas.gaelsceal.ie

Páipéar II / Roinn I
Prós Liteartha (30 marc)

Ceist 1 Léigh an sliocht seo agus freagair **trí cinn** de na ceisteanna a ghabhann leis.
Ní mór ceist **amháin** a roghnú as **A** agus ceist **amháin** a roghnú as **B**.
Is féidir an **tríú ceist** a roghnú as **A *nó* B**. Ní gá níos mó ná **leathanach** a scríobh.
Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat. (15 mharc)

giota as 'Glantachán Earraigh'

1 Gheit an pictiúr beannaithe frámabhriste ar stuaic na fuinneoige. Lig sé scread:
"Tá mé sa teach seo le leathchéad bliain. Rinne mé leas. Chuir mé díocas na hurnaí ar fhir agus ar mhná ar fónamh. Ná tabhair cead mé a chaitheamh amach."
2 Chrap an trumpa teangabhriste é féin isteach sa gcual mangarae faoi íochtar an drisiúir. Lig sé scread:
"Tá mé sa teach seo le leathchéad bliain. Rinne mé leas. Bhain fir agus mná ar fónamh ceol asam. Ná tabhair cead mé a chaitheamh amach."
3 Lioc an chuilt línéadaigh chiumhaisbhriste í féin sa trunc sa seomra thiar. Lig sí scread:
"Tá mé sa teach seo le leathchéad bliain. Rinne mé leas. Is fúm a síneadh fir agus mná ar fónamh os cionn cláir. Ná tabhair cead mé a chaitheamh amach."
4 Chreath an ráca déadbhriste sa trunc sa seomra thiar. Lig sé scread:
"Tá mé sa teach seo le leathchéad bliain. Rinne mé leas. Is liom a cíoradh gruaig fear agus bean ar fónamh faoi chóir na cille. Ná tabhair cead mé a chaitheamh amach."
5 Phreab an phluideog chombhriste sa trunc sa seomra thiar. Lig sí scread:
"Tá mé sa teach seo le leathchéad bliain. Rinne mé leas. Is ionam a tugadh fir agus mná ar fónamh chun an phobail dhá mbaisteadh. Ná tabhair cead mé a chaitheamh amach."
6 Stromp an cliabhán taobh-bhriste i gcúinne an tseomra thiar. Lig sé scread.
"Tá mé sa teach seo le leathchéad bliain. Rinne mé leas. Bogadh fir agus mná ar fónamh ionam. Ná lig mé a chaitheamh amach."
7 Shioc seanbhean anáilbhriste chroíbhriste an tí sa gclúid. Lig sí scread:
"Tá mé sa teach seo le leathchéad bliain. Rinne mé leas. Thug mé fir agus mná ar fónamh ar an saol. Ná tabhair cead do bhean nuaphósta an tí seo mé a chaitheamh amach."
- **Máirtín Ó Cadhain**

Ceisteanna (iad ar cómharc)

A (Buntuiscint)
(i) Cén leas a rinne an trumpa teangabhriste? **(Alt 2)**
(ii) Cén scread a lig an ráca déadbhriste? **(Alt 4)**
(iii) Feicimid go bhfuil athru tagtha in **Alt 7**. Cén t-athrú é sin?

B (Léirthuiscint Ghinearálta)
(i) Luaigh **dhá** thréith, dar leat, a bhaineann leis an bpíosa scríbhneoireachta atá sa sliocht as 'Glantachán Earraigh'. I gcás **ceann amháin** den dá thréith sin tabhair píosa eolais ón téacs a léiríonn an tréith sin.
(ii) Déan cur síos **gairid** ar an úsáid a bhaineann an t-údar as **athrá *nó*** as **ciall mheafarach** sa sliocht.
(iii) Ar thaitin an sliocht seo leat? Is leor **dhá** chúis a lua i do fhreagra.

Ceist 2 **Freagair A nó B anseo.** Ní gá níos mó ná **leathleathanach** a scríobh.
A
(i) Ainmnigh gearrscéal Gaeilge *nó* úrscéal Gaeilge *nó* dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil an cineál céanna *ábhair* i gceist ann is atá sa sliocht i **gCeist 1**.

Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir.

(ii) Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar sin faoin gcineál sin *ábhair*.
Nó
Déan comparáid **ghairid** idir a bhfuil sa sliocht i g**Ceist 1** faoin *ábhar* úd agus a bhfuil faoin *ábhar* céanna sa saothar atá ainmnithe agat.

B
(i) Maidir le do rogha ceann **amháin** de na *téamaí* seo a leanas, ainmnigh gearrscéal Gaeilge *nó* úrscéal Gaeilge *nó* dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil an *téama* sin i gceist ann.

Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir.

(a) An Teaghlach (b) An Bás (c) An Greann (d) An Teach (e) An Bás (f) an t-Éad

Gaelscéal ar Scoil

• MEÁNSCOIL •

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Nótaí tacaíochta le Comhar na Múinteoirí Gaeilge

SRAITH PICTIÚR 14
Baile Slachtmhar

Ag obair i mbeirteanna cuirigí scéal na sraithe le chéile, déanaigí iarracht na ceisteanna thíos a fhreagairt sa scéal. Is leor abairtí gearra simplí. Bain leas as an bhfoclóir úsáideach thíos, na ceisteanna agus na nathanna cabhracha mar threoir agus mar chabhair bhreise.

Pictiúr 1

Céard atá le feiceáil sa phictiúr seo?
Cén chuma atá ar an mbaile seo?

Pictiúr 2

Cé mhéad duine i bpictiúr a dó?
Cad is ainm don pháipéar nuachta?

Pictiúr 3

Céard atá ar an mballa sa phictiúr?
Cén t-am a bheidh an cruinniú acu?

Pictiúr 4

Cá bhfuil na daltaí sa phictiúr seo?
Céard atá idir lámha ag na daltaí anseo?

Pictiúr 5

Cén lá den seachtain atá ann?
Cá bhfuil na daltaí sa phictiúr seo?

Pictiúr 6

Céard a bhuaiagh an scoil de bharr iarrachtaí na ndaltaí?
Cén chuma atá ar an bpríomhoide agus an múinteoir sa phictiúr seo?

Meaitseáil
Foclóir Úsáideach

1.	salach	A.	brushing/sweeping
2.	ag scagadh	B.	recycling
3.	bruscar	C.	cooperation
4.	ag scuabadh	D.	cleaning committee
5.	mana	E.	recycling bank
6.	athchúrsáil	F.	dirty
7.	nuachtán áitiúil	G.	motto
8.	comhoibriú	H.	separating
9.	coiste glantacháin	I.	local newspaper
10.	banc athchúrsála	J.	rubbish

Nathanna Cabhracha

- Ar fud na háite
- Ghlan siad an áit ó bhun go barr
- Bhí an fhadhb ag dul in olcas
- Chuir an bruscar déistin ar an múinteoir agus na daltaí
- Bhunaigh siad coiste glantacháin
- Bhí an scéal go mór i mbéal an phobail
- Thug muintir na háite lámh chúnta do na daltaí
- Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine

An Timpeallacht

1. Cén t-eolas atá agat ar Chomórtas na mBailte Slachtmhara?
2. An raibh do bhaile/ do shráidbhaile riamh páirteach sa chomórtas?
3. An ndéanann sibh athchúrsáil sa bhaile / sa scoil?

Baile Slachtmhar

Gaelscéal ar Scoil

• MEÁNSCOIL •

OSPS - Leigheas agus drugaí

Tógann daoine leigheas chun iad a dhéanamh níos fearr. Tá leigheas tábhachtach mar go gcabhraíonn sé linn fáil níos fearr nuair a bhíonn muid tinn chun saol níos faide a mhaireachtáil .

Tá 3 phríomhchineál leighis ann :
1. Cógas ar oideas amháin ; Cógas a fhaightear ón dochtúir
2. Oideas thar an gcuntar: Leigheas a cheannaíonn muid san ollmhargadh nó sa chógaslann
3. Cógas malartach : Uachtar agus leighis ar féidir a cheannacht i siopaí bia sláintiúil.

Sainmhíniú drugaí
Substaint is ea druga a athraíonn an chaoi a bhfeidhmíonn an corp go meabhrach, go fisiceach, agus go mothúchánach .

Tá leigheas agus drugaí dleathacha mar chuid dár saol laethúil ach bíonn drugaí mídhleathach thart orainn freisin.

Céard is mí-úsáid drugaí ann?
Is féidir mí-úsáid a bhaint as drugaí mídhleathacha agus drugaí dleathacha. Is éard is mí-úsáid drugaí ann ná úsáid nach ceart a bhaint as drugaí. Nuair a smaoiníonn muid ar mhí-úsáid drugaí smaoiníonn muid ar dhrugaí cosúil le cannabas, cócaon agus eacstais ach san áireamh freisin tá mí-úsáid ar alcól, tobac , cógais ar oideas amháin, cógais thar an gcuntar agus tuaslagóirí.

Toradh ar mhí-úsáid drugaí
- Athrú ar iompar.
- Galair atá bainteach le drugaí
- Coir bainteach le drugaí
- Briseadh síos i gcaidrimh.

Mí-úsáideoir drugaí a thugtar ar dhuine a bhaineann mí-úsáid as dhrugaí. Déanann na daoine seo mí-úsáid ar a gcorp tríd na drugaí.

Andúileach drugaí
Mura bhfuil duine atá ag mí-úsáid drugaí in ann gnáthshaol a chaitheamh gan drugaí is andúileach drugaí a ghlaoitear orthu.
Tá dhá chineál spleáchais ann, spleáchas síceolaíoch agus spleáchas fisiceach. Ciallaíonn spleáchas síceolaíoch dtógtar drugaí chun go mothófar níos fearr ach ciallaíonn spléachas fisiceach nach féidir leis an gcorp feidhmiú gan an druga. I measc na n-airíonna éirí as drugaí tá pianta, tinneas, olc agus imní.

Comhrá sa Rang
Deirtear go bhfuil daoine a chaitheann tobac spléach go síceolaíoch agus go fisiceach. An bhfuil aithne agat ar dhuine a d'éirigh as an tobac agus cé na hairíonna éirí as a bhí acu?

OSSP - Páirtithe polaitiúla

Tá dearcaí difriúla ag na páirtithe polaitiúla agus ag na hiarrthóirí neamhspleácha. Aontaíonn daoine le na páirtithe a bhfuil dearcadh cosúil leo féin acu. Seo leanas na páirtithe polaitiúla atá in Éirinn.

Fianna Fáil
Is é Éamonn De Valera a bhunaigh an páirtí seo in 1926. Creideann Fianna Fáil i spreagadh agus i bhforbairt gnó. Bhí an páirtí seo i gcumhacht i dtréimhsí a thagann suas go dtí os cionn 50 bliain.

Fine Gael
Tháinig Fine Gael le chéile sa bhliain 1933. Bhí Fine Gael i rialtas go minic mar chomhrialtas. Is é príomhchuspóir Fhine Gael na sochaí cothrom a chur chun cinn.

Páirtí an Lucht Oibre
Ba iad James Connolly, James Larkin agus William O'Brien a bhunaigh an páirtí seo in 1912. Is é aidhm Pháirtí an Lucht Oibre ná deireadh a chur le bochtanas, le heaspa dídine agus le dífhostaíocht. Freisin oibríonn siad chun saibhreas agus cumhacht na tíre a roinnt go cothrom.

An Comhaontas Glas
Bhunaigh fear d'arbh ainm Christopher Fettes An Comhaontas Glas sa bhliain 1981 de bharr imní faoi cursaí timpeallachta domhanda agus áitiúla. Creideann an páirtí seo go mba cheart do shaoránaigh a bheith freagrach as aire a thabhairt don domhan ionas go mbeidh domhan sláintiúil ann do na glúine atá le theacht.

Sinn Féin
Fear d'arbh ainm Arthur Griffith a bhunaigh an páirtí seo sa bhliain 1905. Is é aidhm Shinn Féin ná Éire a bheith ina tír le 32 contae, agus saibhreas agus cumhacht sa tír a roinnt go cothrom. Tá an páirtí ag iarradh deireadh a chuir le deighilt . Creideann siad gurb é an toradh a bhíonn ar dheighilt ná aighneas, éagóir agus míchothromaíocht.

FIANNA FÁIL
THE REPUBLICAN PARTY

FINE GAEL

SF

green party
comhaontas glas

Labour

Gaelscéal ar Scoil

• MEÁNSCOIL •

Comhairle Gairmthreorach:

An tIarratas a chomhlánú leis an CAO

Ag tabhairt faoin iarratas - Eolas
Ní mhór go mbeadh tú sásta glacadh leis na treoracha agus na coinníollacha go léir atá sa "Lámhleabhar" CAO agus ar an bhfoirm iarratais. Má leanann tú na treoracha sin beidh gach rud i gceart:
• Scrúdaigh na foilseacháin atá eisithe ag na coláistí 3ú leibhéal go cúramach, go mór mór na coinníollacha iontrála
• Faigh amach an bhfuil táillí le n-íoc ar an gcúrsa b'fhéidir nach mbaineann an t-oideachas/táillí saor in aisce le gach cúrsa
• Bí cinnte go bhfuil na hábhair ceart agus ag an leibhéal ceart agat
• Is ortsa atá an fhreagracht a chinntiú go gcomhlíonann tú na riachtanas iontrála.
• Ní féidir leat ach iarratas amháin a dhéanamh in aon bhliain amháin i bhfoirm páipéarachais nó ar line.
• Níl d'iarratas ná an próiseas críochnaithe nó go bpriontálann nó go sábhálann tú d'iarratas ar line.

Dhá lá fágtha...
Tá dhá lá fágtha agat anois chun cúrsaí teoranta a roghnú don bhliain seo chugainn mar a luaigh mé an tseachtain seo caite. Arís níl i gceist anseo ach na cúrsaí sna leathanaigh buí den Lámhleabhar CAO ina bhfuil an focal "teoranta" (restricted) scríofa lena thaobh. Tugann an CAO breis ama chun leasú a dhéanamh ar rogha cúrsaí ón 5 Feabhra go dtí 1 Márta ach ní dhéanann sé mórán céille é a fhágáil go dtí an dáta sin mar tá costas €10 air agus níl i gceist ach achar gearr breise. Beidh mic léinn in ann na cúrsaí eile nach cúrsaí teoranta iad a roghnú suas go dtí 1 Iúil @5.15i.n. Thart ar an 5 Bealtaine a osclóidh an CAO an tseirbhís seo chun cúrsaí atá thíos agat cheana fhéin a athrú nó tosú ag cur isteach cúrsaí den chéad uair. Ní aon chostas breise le haghaidh an seirbhíse seo agus is féidir é a dhéanamh chomh minic agus is gá duit. Cuirtear ráiteas ar rogha cúrsaí chuig gach iarratasóir roimh dheireadh mí na Bealtaine - iad siúd a rinne iarratas ar line agus i bhfoirm páipéarachais.

Iarratas Páipéir
Ní mórán mac léinn a dhéanann iarratas ar phaipéar anois ach is iad na spriocdhátaí céanna atá i gceist. Cuireann an CAO ráiteas ar rogha cúrsaí chuig gach iarratasóir a dhéanann iarratas ar phaipéar roimh **15 Feabhra**. Mura bhfuil sé faighte agat roimh an dáta sin bí cinnte go ndéanfaidh tú teagmháil leis an CAO.

Cruthúnas Postála
Má cuirtear aon moill ar rudaí sa bpost nó má theann aon rud amú beidh "cruthúnas postála" ag teastáil ón CAO. Tá ceithre "Dheimhniú Postála" priontáilte ar chúl an "Lámhleabhair CAO" agus tóg leat iad sin nuair a bheidh tú ag cur d'iarratas nó aon doiciméid eile tríd an bpost chuig an CAO. Cuirfidh oifig an phoist stampa ar cheann amháin de na deimhnithe gach uair a chuireann tú doiciméid sa bpost leis an dáta ar cuireadh sa bpost é. Coinnigh na deimhnithe in áit shábháilte i gcónaí.

Cúrsaí teoranta do mic léinn os cionn 23 bliain d'aois
Ní mhór d'iarratasóirí atá ag iarraidh filleadh ar ais ar oideachas 3ú leibhéal ar bhonn aibíochta a bheith 23 bliain d'aois ar nó roimh 1 Eanáir, 2013. Caithfidh na cúrsaí a bhfuil suim agat iontu a bheith ar d'iarratas CAO ar 1 Feabhra, 2013, fiú más cúrsa "teoranta" é nó nach é. Tá roinnt coláistí a ghlacann le hiarratas tar éis an dáta sin ach ní mór duit teagmháil a dhéanamh leo anois láithreach. Caithfidh na hiarratais le haghaidh cúrsaí altranais agus cnáimhseachais a bheith déanta leis an CAO ar 1 Feabhra, 2013. Tá an t-eolas uilig le fáil ar leathanach 4 agus leathanach 7 den "Lámhleabhar CAO"

Cúrsa ar athló
Dá mó rud é gur éirigh leat cúrsa a chur ar athló in 2012 agus tá tú ag iarraidh tús a chur leis an gcúrsa sin anois i mí Méan Fhómhair 2013, ní mór duit :
• iarratas a dhéanamh leis an CAO arís i mbliana
• an táille cuí a íoc.
• an cúrsa a chuir tú ar athló a chur síos mar do chéad rogha
• tic sa mbosca a léiríonn "athló" ar d'iarratas

Má roghnaíonn tú aon cúrsa eile chomh maith leis an gcúrsa a chuir tú ar athló, beidh tú ag briseadh na gcoinníollacha a bhaineann le cúrsaí a chur ar athló. Cuirfear as an áireamh thú don chúrsa sin agus beidh ort dul sa choimhlint chun tairiscintí a fháil sa ghnáthbhealach. Tá sé tábhachtach go léifeadh tú an litir a thug cead duit cúrsa a chur ar athló an bhliain seo caite chun na treoracha a bhain leis sin a chomhlíonadh.

HEAR/DARE
1 Márta: an spriocdháta le haghaidh an eolais uilig atá ag teastáil a líonadh isteach ar líne.
1 Aibreán: an spriocdháta le haghaidh doiciméid thacaíochta a bheith ag an oifig CAO.
Tá LárOifig an CAO lonnaithe i nGaillimh, ag Teach an Túir, Sráid Eglinton.
Guthán 091-509800 Facs 091-562344
Láithreán Gréasáin - www.cao.ie

Patricia Uí Fhlaithearta
Comhairleoir Gairmthreorach

Gaelscéal ar Scoil
www.oideachas.gaelsceal.ie
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Nua an tseachtain seo ag www.oideachas.gaelsceal.ie

Nua ar líne an tseachtain seo

- Béaltriail Shamplach don Teastas Sóis, Ard + Gnáthleibhéal 2013
- Téipscript Shamplach don Teastas Sóis, Ard + Gnáthleibhéal 2013
- Triail Chluastuisceana don T. Sóis, Ardleibhéal 2013
- Triail Chluastuisceana don T. Sóis, Gnáthleibheal 2013
- Gramadach don Ardteist Ardleibhéal 2013

Tá an t-ábhar seo leanas le fáil ar an suíomh:
- Ábhar tacaíochta do béaltrialacha na hArdteiste agus an Teastas Shóisearaigh
- Ábhar cluastuisceana
- Ábhar léamhthuisceana
- Ábhar teagaisc bunaithe ar na míreanna idirlín "Na Rúin" agus Údar
- Ábhar tacaíocht d'fhoghlaim na gramadaí
- Ábhar físe agus scríofa bunaithe ar théamaí churaclaim an OSSP agus OSPS.

Lean muid ar:
Le tacaíocht ó: Comhar na Múinteoirí Gaeilge
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Gaelscéal ar Scoil

• BUNSCOIL •

Curaclam na Gaeilge - Cuid 1

Príomh-theachtaireachtaí churaclam bunscoile na Gaeilge (NCCA, 2000).

Is ar úsáid na Gaeilge mar ghnáth-theanga bheo chumarsáide a leagtar béim sa churaclam bunscoile. Cuireann foghlaim na Gaeilge le cumas cumarsáide an pháiste i gcoitinne agus forbraíonn sí a scileanna cumarsáide i dteanga bhreise. Cothaíonn sé sin féinmheas agus muinín sa pháiste agus cuirtear le forás cognaíoch, mothúchánach agus samhlaíoch an fhoghlaimeora. Chomh maith leis sin cuireann foghlaim na Gaeilge ar chumas an pháiste eolas a chur ar chultúr, ar litríocht, ar sheanchas agus ar amhránaíocht na tíre.

Féachann an curaclam le freastal a dhéanamh ar pháistí uile na tíre trí aitheantas a thabhairt don éagsúlacht timpeallachta atá acu. Cuireann sé san áireamh freisin cúinsí ar leith an pháiste aonair agus nach ionann an éirim ó thaobh foghlaim teanga de atá ag páistí éagsúla. Ba chóir go mbeadh taitneamh le baint as an ábhar foghlama chun go spreagfaí na páistí chun an Ghaeilge a úsáid mar ghnáth-theanga chumarsáide agus chun go mbeadh dearcadh dearfach acu ina leith.

Tá an curaclam bunaithe ar chur chuige cumarsáideach. Tá an phríomhbhéim ar an gcumarsáid san ábhar teagaisc agus foghlama agus i modhanna múinte na gceachtanna Gaeilge. Is iad móraidhmeanna an chur chuige seo ná go mbeadh an páiste in ann úsáid a bhaint as an teanga chun cuspóirí cumarsáide a bhaint amach agus go mbeadh deiseanna aige/aici an Ghaeilge atá á foghlaim a úsáid go rialta i ngnáthchaint an lae. Tá an curaclam páistelárnach, ag díriú ar riachtanais an pháiste agus ar a f(h)orbairt iomlán; beidh an teanga ag leibhéal an pháiste agus taitneamhach dó/di. Tá sé tábhachtach go mbeadh an páiste gníomhach sa cheacht Gaeilge, is é sin gníomhaíochtaí teanga a bheith ar siúl, tascanna le déanamh agus fadhbanna le réiteach trí Ghaeilge. Faoin múinteoir a bheidh sé comhthéacsanna réalaíocha a chruthú i suíomh an tseomra ranga agus na scoile chun fíorchumarsáid a chur ar siúl.

Déanann an curaclam seo freastal ar na cineálacha difriúla scoileanna atá ann. Tugtar aitheantas do scoileanna na Gaeltachta agus do na scoileanna lán-Ghaeilge; is í an Ghaeilge gnáth-theanga chumarsáide na scoileanna sin agus teanga theagaisc na n-ábhar go léir seachas Béarla. Aithnítear na scoileanna ina múintear an Ghaeilge mar dhara teanga (scoileanna T2); is é an Béarla an teanga theagaisc ar an iomlán i scoileanna T2 ach múintear gnéithe eile den churaclam trí mheán na Gaeilge uaireanta. Moltar an Ghaeilge a úsáid mar mheán cumarsáide go neamhfhoirmiúil i gcomhthéacs an tseomra ranga agus na scoile de réir mar a oireann, (NCCA, 2000).

Gaeilge bheo!

Níl aon dabht ón méid atá scríofa thuas, ach gur chóir go mbeadh taitneamh, sásamh, sult agus pléisiúr le baint i gcónaí as an ábhar foghlama sa rang Ghaeilge. Is é an sprioc ná úsáid nádúrtha na teanga mar ghnáth-theanga bheo chumarsáide, a chur chun cinn sa seomra ranga agus i dtimpeallacht na scoile i gcoitinne, bunaithe ar na ceachtanna atá a mhúineadh. Mar a deireann an seanfhocal úd, 'Taithí a dhéanann máistreacht'.

Na gnéithe is tábhachtaí sa cheacht cumarsáideach seo do Naíonáin agus do Ranganna eile i scoileanna T1 nó T2.

- díriú ar riachtanais an pháiste: intleachtúil, fisiceach agus mothúchánach
- ábhar teagaisc agus foghlama atá páistelárnach
- feidhmeanna teanga atá réalaíoch le comhlíonadh
- comhthéacsanna atá réalaíoch do shaol an pháiste a úsáid
- an páiste a bheith gníomhach agus tascanna le déanamh aige/aice
- ionchur teanga le fáil ar bhealaí éagsúla mar ullmhúchán don fhíorchumarsáid
- bearna eolais le líonadh trí cheisteanna a chur agus a fhreagairt
- an bhéim ar úsáid chuí na teanga
- cumarsáid mar sprioc le gach ceacht a bhfuil cuspóir cinnte aige
- rogha éigin a bheith ag an bpáiste faoin ábhar foghlama
- an múinteoir ag glacadh le hidirtheanga an pháiste mar chuid den phróiseas foghlama
- gníomhaíochtaí réamhchumarsáide, tascanna agus cluichí cumarsáide agus gníomhaíochtaí iarchumarsáide a bheith sna ceachtanna

Plean Ceachta Laethúil:

Gaeilge (Scoil T2 (gnáth)/Scoil T1 (Gaeltacht/Gaelscoil) le dúshláin níos leithne)

Rang: Naíonáin Shóisir/Shinsir
Fad an Cheachta: 20-35 nóiméad ag braith ar an rang agus ar chumas na ndaltaí.

Téama: Éadaí Fothéama: Ag caitheamh éadaí sa bhaile
Powerpoint: Éadaí. Agus

Achmhainní breise do Naíonáin/Éadaí ar Teachnet.ie:
http://resources.teachnet.ie/clane/2008/naionain-3.html

http://www.malamor.ie/web2/?p=167 le Malmor.ie
http://www.anseo.net/Dress%20Ted.swf le Anseo.net. IWB. Le taispeáint ar CBI/ ar Chlár Bán idirghníomhach.

Snáitheanna: Labhairt, Éisteacht
Snáithaonaid: Ag cothú spéise, Ag tuiscint teanga, Ag úsáid teanga.

Cuspóirí Foghlama Difreáilte:
1. Ba chóir go gcuirfí ar chumas na bpáistí **go léir**: *Éadaí éagsúla a aithint agus a ainmniú.*
2. Ba chóir go gcuirfí ar chumas **fhormhór** na bpáistí: *Ceisteanna a chur agus a fhreagairt*
3. Ba chóir go gcuirfí ar chumas **cuid** de na páistí: *Ordaithe/treoracha a thabhairt agus a leanúint agus páirt a ghlacadh i ndráma beag.*

Feidhmeanna Teanga agus Eiseamláirí:
Ceisteanna a chur agus a fhreagairt:
Cad é sin? Sin geansaí/ bríste. Sin teidí.

Tuairisciú:
Sin. Tá . Níl.
Sin geansaí, bríste, sciorta srl
Tá líne éadaigh agam.
Tá teidí agam.
Tá sciorta/ bríste/... ar an line éadaigh/ar theidí

Iarr ar dhuine rud éigin a dhéanamh:
Croch suas an sciorta, na riteoga ar an line éadaigh. srl.
Cuir geansaí ar theidí. Cuir .....

Foclóir: teidí, geansaí, léine, carbhat, bríste, sciorta, riteoga, stocaí, mála, line éadaigh, pionnaí.

Measúnú:
Dírbhreathnú an múinteora ar na daltaí ag labhairt faoi na héadaí/ faoi teidí (i mbeirteanna dúnta/oscailte)
Bileog oibre le dathú, bunaithe ar an bhfoclóir. Cluiche biongó bunaithe ar éadaí.
** Moltaí breise sa Phlean Athbhreithnithe agus Athmhacnaimh thíosluaite.

Gaelscéal ar Scoil

• BUNSCOIL •

NA TRÍ THRÉIMHSE CEACHTA

(1) An tréimhse réamhchumarsáide: (Múineadh agus cleachtadh na n-eiseamláirí)

****Bain úsáid as an Powerpoint 'Éadaí' leis seo chun atmaisféar dearfach a chruthú.**

Réamhchumarsáid
Spreagadh
Múscailt suime
Ionchur teanga ón múinteoir
Aithris agus athrá
Cleachtadh
Cluichí gramadaí
Gníomhaíochtaí faoi threoir

Ionchur teanga: Luaite thuas 'sna Feidhmeanna Teanga agus Eiseamláirí;
** Cad é sin? Sin .....
(geansaí, léine, carbhat, bríste, sciorta, stocaí, mála, line éadaigh, pionnaí).
**Tá X ar theidí. Tá Y ar theidí....
(geansaí, léine, carbhat, bríste, sciorta, stocaí, mála, line éadaigh, pionnaí).
**Tá líne agam...Cuir X ar an line éadaigh, le do thoil....

Modhanna Múinte: Modh díreach (éist agus abair)
Modh na lánfhreagartha gníomhaí (le chéile ag déanamh aithris ar chaint an Mhúinteora)
Modh an chlosamhairc (cártaí le pictiúir na n-éadaí orthu. Abair agus athrá)

Cleachtadh:
Cothú spéise: Teidí gléasta le éadaí éagsúla. Cur síos ar na héadaí atá air. (Powerpoint)
Aithris agus athrá -(An rang go léir ar dtús, dhá thaobh an ranga, grúpaí nó boird, paistí aonair) ar na nathanna seo leanas: Tá léine ar theidí. Tá bríste ar theidí. Tá bróga ar theidí. Tá riteoga ar theidí. Tá geansaí ar theidí. Srl.

Leis na fíorábhair múinfear na héadaí: Seo sciorta, léine srl. (Aithris agus athrá arís).
Ansin iarr ar pháiste: Taispeáin dom an carbhat (Beidh an páiste ag piocadh an carbhat as na héadaí ag barr an ranga) agus déanfar é seo cúpla uair.

An t-amhrán: (Ceol ná fuaim an amhráin..., 'í ó mo dhaidí ó'....) Chuir mé orm mo chóta. (Chuir mé orm mo chóta x3, Nach mise an páiste maith .... Bhain mé díom mo chóta X3., srl , Nach mise an páiste maith . Chroch mé suas mo chóta X3., srl. Nach mise an páiste maith).
Gheobhaidh na páistí a gcótaí agus canfar an t-amhrán go gníomhach ag úsáid na cathaoireach mar chrochadóir!
Beidh line éadaigh ar crochadh sa rang. Iarrfar ar na páistí baill éadaigh a phiocadh suas agus a chrochadh ar an line. Croch suas an geansaí....croch suas an sciorta....croch suas an carbhat...

Eagair an ranga: Múinteoir agus an rang go léir.

(2) An tréimhse chumarsáide: (Úsáid na n-eiseamláirí)

Cumarsáid
Tascanna le déanamh
Cluichí cumarsáide
Rólanna i suímh réalaíocha agus insamhlaithe
Idirghníomhú sóisialta
Drámaíocht, sceitsí, seiftiú (T1)
Plé, díospóireachtaí (T1)
Saorúsáid na teanga

Straitéis:
(Múinteoir le páiste mar eiseamláir. Ansin páiste le páiste os comhair ranga agus faoi dheireadh i mbeirteanna dúnta/oscailte sa rang).
Cluiche: Céard/Cad atá sa mhála?
Múinteoir: Cuir an geansaí/sciorta/stocaí/srl isteach sa mhála. Anois céard/cad atá sa mhála?
Páiste: Tá ...sa mhála.
Múinteoir: Pioc amach rud amháin ón mála:
Páiste: Tá .....agam.
Agus leanann an cluiche ar aghaidh go dtí go mbíonn an múinteoir sásta go bhfuil an cluiche ar eolas ag na páistí.
Ansin déan an cluiche céanna a imirt idir bheirt phaistí ós comhair an ranga

Cluiche Biongó:
(Múinteoir ag glaoch ar dtús mar eiseamláir agus ansin páiste ag glaoch amach na héadaí).
Beidh greille ag gach páiste le pictiúir d'éadaí orthu. Rachaidh an múinteoir timpeall chun deis a thabhairt do go leor paistí ball éadaigh a roghnú. Nuair a fhaigheann an chéad pháiste greille nó líne iomlán, glaonn siad "Tá líne agam." Nó "biongó".

Cluiche Beirte:
Léireoidh an múinteoir an cluiche os comhair an ranga leis an múinteoir agus páiste ar dtús ansin beirt pháistí, ansin imreoidh na páistí an cluiche eatarthu féin os comhair an ranga.
Páiste 1: (Ag déanamh tagairt do bhaill éadaigh atá á chaitheamh aige/aici. Cad é seo?
Páiste 2: Sin geansaí. Cad é seo?
Páiste 1: Sin léine. Cad é seo? Agus leanann an cluiche ar aghaidh.

Eagar an ranga: Múinteoir agus an rang go léir, obair bheirte.

(3) An tréimhse iarchumarsáide:
(Dul siar, achoimre, treisiú agus ceartúcháin na n-eiseamláirí más gá)

Iarchumarsáid
Féachaint siar
Cluiche breise
Anailís na teanga
Cleachtaí Gramadaí (T1)
Traschur eolais go tascanna eile
Féachaint ar aghaidh

Ceartú ar aon bhotúin a chuala an mhúinteoir.
Dul siar an na héadaí ar an líne éadaigh agus ar an gclár Powerpoint

Cluiche Kim: Ag baint úsáide as na fíor éadaí.
Scéal a chumadh (T1): Ar Maidin (Scéal simplí greannmhar). Cuirfear cúpla ceist in ndiadh an scéil.

Áiseanna: http://www.seomraranga.com/2010/12/eadai/
Fíorábhar (geansaí, léine, carbhat, bríste, sciorta, stocaí, mála, line éadaigh, pionnaí.), PP dos na héadaí , ríomhaire agus CBI. An leabhar "Ar maidin". Póstaeir d'éadaí. Teidí agus éadaí le cur ar theidí, an t-amhrán, 'Chuir mé orm mo chóta'.

Comhtháthú: OSPS/SPHE. Bí Folláin.

Plean Athbhreithnithe agus Athmhacnaimh: Déan trácht ar aon bhreathnóireacht agus léirigh go mbeidh an t-eolas seo ina bhuntáiste duit agus tú ag pleanáil agus ag múineadh amach anseo. Bunaithe ar an rang agus ar chumas na ndaltaí, beidh deis agat an phlean do dara/triú /ceathrú lá a leagadh amach go cruinn chun iad a chur ag foghlaim 'is ag úsáid na Teanga go tuisceanach.

m.sh. Cuardach Focal: http://www.wordsearchfun.com/100608_ada_wordsearch.html
Cluiche Biongó le agus gan focail: http://www.scoilnet.ie/genpdf.aspx?id=1970
Puzail. http://puzzlemaker.discoveryeducation.com/WordSearchSetupForm.asp
Crosfhocal: http://www.puzzle-maker.com/CW/

©Seomra Ranga. Com : http://www.seomraranga.com/2010/12/eadai/

Éadaí. - Bord Promethean:
http://www.prometheanplanet.com/en/Resources/Item/44099/ada-agus-dathanna#.UPfXSazZLcs

©Anseo.net. Ceithre leabhar Ghaeilge do Naíonáin. http://www.anseo.net/four-great-gaeilge-books-for-infants/
©Anseo.net. Áiseanna iontacha: http://www.anseo.net/tag/download/

Leathnú ar an ábhair i ranganna eile:

Rang 1 agus 2:
http://www.askaboutireland.ie/learning-zone/primary-students/1st-+-2nd-class/geography/looking-at-clothes-2/teachers-notes/gaeilge-eadai-ranganna-1/
Rang 1-3:
http://resources.teachnet.ie/clane/2008/rang_1-3-3.html
Rang 4-6:
http://resources.teachnet.ie/clane/2008/rang_4-6-3.html
Rang 5 agus 6 :
©Scoilnet : Éadaí (Achmhainní iontacha) do Ranganna 5/6 :
http://www.scoilnet.com/article.aspx?id=7678

© OÉ Má Nuad - Éadaí agus Siopadóireacht: http://www.teg.ie/pdf/teagasc/A1/11_treoracha.pdf

Curaclam na Bunscoile, 2000
http://homepage.eircom.net/~swordsourtown/staff/gaeilge.htm#r1&2
http://homepage.eircom.net/~swordsourtown/staff/gaeilge.htm

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 30 Eanáir, 2013

Crosfhocal 30.01.2013



NODA

TRASNA

1 An méid airgid is chóir a íoc as rud éigin (5)
3 Scairt, gair (6)
8 Ábhar milis a déantar as cócó, bainne agus siúcra (8)
10 Dúil, cion (3)
12 Talamh, achar i bhfeirm (5)
13 An bhliain seo caite (8)
15 Casann roth air seo (3)
17 Ar mhaithe, ar __ (3)
18 Uair (2)
20 Críochnaithe, curtha i gcrích (6)
21 Láidriú (6)
23 Ball éadaí a chlúdaíonn an corp uachtair (4)
25 Beocht (4)
26 Píosa filíochta (3)
27 Ar aghaidh leat a Ghaillimh! Gaillimh __ (3)
29 Cáil (3)
30 Compordach, sona (5)

SÍOS

2 D'ard seasamh i súile na ndaoine (5)
4 Fleá (6)
5 Scéal nó dráma ag spochadh as duine (4)
6 Gloine a thaispeánann tú féin mar a fheiceann daoine eile thú (7)
7 Áit fhéarmhar idir dhá shliabh (6)
9 Ceann amháin, an chéad uimhir (3)
11 Nuair a tharlaíonn rudaí maithe duit gan chúis (3)
13 Feirmeoir i mbun aird a thabhair do chaoirigh (5)
14 Ionsaí, forghabháil (7)
16 In, an áit sin (3)
19 Saoire i ndiaidh na bainise, mí na ___ (5)
20 An baile as a dtagann tú (6)
22 Eachtrannach (4)
24 An dath atá ar chraiceann d'aghaidhe (4)
28 Brabús a thagann as aisíocaíochtaí iasachta (2)

Crosfhocal
23.01.2013

Buaiteoir na Seachtaine seo:
Siobhán Ní Shíthigh,
Baile Uí Cheallaigh
Cora Chaitlín, Co.an Chláir

Duais na seachtaine

Bronnfar dearbhán €20 urraithe ag Cló Iar-Chonnacht ar bhuaiteoir na seachtaine.

Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 04.02.2013 chuig: *Crosfhocal, Gaelscéal, 15 Sráid an Mhargaidh, Gaillimh.*

Ainm .....

Seoladh .....

.....

Fón..... Rphost.....

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie

An focal deireannach

Le Síle Ní Bhraonáin

Leithris – ar cheart go mbeadh orainn íoc astu?

LEIS an gcaoi a bhfuil rudaí ag dul na laethanta seo, is beag rud a chuireann iontas orm níos mó.

Ní hé amháin go bhfuil cúrsaí eacnamaíochta go dona, agus is cosúil nach bhfuil mórán feabhais ag teacht orthu go fóill, níl daoine fiú ag caitheamh le chéile go maith.

Go deimhin is amhlaidh go bhfuil siad ag caitheamh a chéile go ró-éasca agus go rómhinic i gcathracha na tíre anois!

Ach cé go bhfuil ár gcearta á mbaint dínn lá i ndhiadh lae, is féidir a rá gur cúrsaí airgid is mó atá ag cuir isteach ar dhaoine faoi láthair.

Tá aon phingin a saothraíonn duine á bhaint dhó níos sciobtha ná mar atá sé ag teacht isteach agus le chuile bhuiséad is in olcas atá an scéal ag dul.

Ach ní sna buiséid féin atá an fáisceadh ar fad, mar aníos caithfidh duine 20 cent a íoc le dhul chuig an leithreas istigh ag stáisiúin na mbusanna i nGaillimh.

Tá a fhios agam le fada, gan dabht, go bhfuil an cás céanna ina lán áiteanna eile agus agus níor chuir sé isteach ná amach ariamh orm, seachas a chinntiú go mbíonn cúpla píosa 20 cent i mo sparán agam gach uair a bhuailim bóthar le bus a fháil!

Go deimhin, níor smaoinigh mé riamh faoi i gceart go dtí oíche Dé Domhnaigh seo caite agus chuir sé as go mór dom ag an am. Is amhlaidh a tharla go raibh mé tar éis dom mo fiche cent a íoc mar is gnách ach nuair a chuaigh mé isteach sa leithreas i nGaillimh ní raibh ach dhá cubhachail a d'fhéadfaí a úsáid as na sé cinn nó mar sin atá san áit.

Ní hé go raibh siad 'As Ord', is amhlaidh go raibh siad lofa salach agus bhí an t-urlár báite. Bhí bean eile istigh romham agus bhí sí ar mire ar fad faoin scéal!

Cearta daonna nó seirbhís a gcaithfidh muid íoc aisti cosúil le rud ar bith eile?

"Cén fáth sa diabhal a gcaithfidh muid fiche cent a íoc le theacht isteach i leithris mar seo atá lofa?", a dúirt sí agus gan aithne dá laghad aici orm. "Cé air a bhfuil muid ag íoc ár gcuid airgid?."

Is cosúil go gcuirtear 'praghas' ar dhul isteach sa seomra leithris ionas go gcoinneoidh sé 'daoine áirithe' amach!

Sea, tháinig dhuine éigin ar an smaoineamh iontach seo sa chaoi is nach mbeadh na 'daoine áirithe' seo in ann dhul isteach sa leithreas - daoine gan dídean, seans, agus daoine atá tugtha do dhrugaí agus/nó don ól!

Bhuel ní raibh aon duine ina chodladh istigh sa leithreas úd i nGaillimh an oíche cheana, mar fiú dá mbealach isteach ag na 'daoine áirithe' úd ba thúisce a rachaidís ag cuardach dídine faoi chrann nó in áit éigin eile dá leithéid. Ní bheadh créatúr ar bith ag iarraidh a dhul ina luí ná ag ól sa leithreas úd go cinnte.

Níl fáth ar bith go mbeadh leithreas poiblí in ionad breá ar nós stáisiún nua na mbusanna i nGaillimh sa riocht ina raibh sé ar an Luan seo caite, fiú dá mbeadh sé in aisce. Is measa an scéal nuair a chaitear íoc as a leithéid de mhí-sheirbhís.

Faisnéis do Shaoránaigh

LÓ-GHLAO
1890 777 121
Luan go hAoine 9rn go dtí 9rn

Ceadúnú tiománaithe

Ceist:

Céard iad na táillí nua um cheadúnú tiománaithe?

Freagra:

Ón 1 Eanáir 2013 ar aghaidh, is mar seo a leanas a bheidh costas ceadúnais tiomána:

- Cosnaíonn ceadúnas tiomá na deich mbliana €55
- Cosnaíonn ceadúnas tiomá na trí bliana €35
- Cosnaíonn ceadúnas tiomá na bliain amháin €25
- Cosnaíonn ceadúnas foghlaimeora €35

Tá athnuachan cheadúnais tiomána tiománaithe atá breis agus 70 bliain d'aois saor in aisce.

Cosnaíonn ceadúnas tiomána a mhalartú, mar shampla, chun catagóir nua a chur leis, €35 ón 12 Eanáir 2013 ar aghaidh.

Is ionann anois an ceadúnas tiomána nó an ceadúnas foghlaimeora agus cárta atá cosúil le cárta creidmheasa.

Féadfaidh tú foirm iarratais a fháil ar cheadúnas tiomána ó d'oifig áitiúil mótarchánach nó féadfaidh tú í a íoslódáil ó rsa.ie.

Tá fáil ar bhreis faisnéise ar láithreán gréasáin an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre, rsa.ie.

Ina theannta sin, tá fáil ar bhreis faisnéise ón Ionad um Fhaisnéis do Shaoránaigh thíos.

Tá faisnéis le fáil freisin ar líne ag citizensinformation.ie agus ón tSeirbhís Teileafóin um Fhaisnéis do Shaoránaigh, 0761 07 4000.

Réalt úr de chuid na 49ers, Colin Kaepernick.

Gráinne McElwain

Imreofar an 47ú Superbowl i New Orleans an Domhnach beag seo nuair a chasfaidh na San Francisco 49ers agus na Baltimore Ravens ar a chéile sa chluiche ceannais.

Den chéad uair riamh, beidh beirt dearthár, Jim agus John Harbough in aghaidh a chéile mar chóitseálaithe. Níl an Superbowl buaite ag na 49ers ó 1995 agus ba é 2001 an bhliain dheireanach ar éirigh leis na Ravens an corn a chrochadh leo. Seo an cluiche deireanach don imreoir inspioráideach, Ray Lewis, ó na Ravens tar éis 17 mbliana ag imirt.

Cé gur bhuaigh sé an Superbowl in 2001 agus gur ghnóthaigh sé gradam don imreoir ab fearr, ní dhéanfar dearmad ar a shaol pearsanta, mar tháinig sé os comhair cúirte agus líomhaintí dúnmharaithe curtha ina leith in 2000. Níor ciontaíodh é ach ó shin tá sé tar éis a shaol a athrú agus déanann sé roinnt mhaith oibre le carthanachtaí.

Beidh go leor ag brath ar an dá cheathrúchúlaí: Colin Kaepernick do na 49ers agus Joe Flacco do na Falcons agus iad beirt ag tosú ina gcéad Superbowl. Ach cé go bhfuil na 49ers mar rogha na n-údar, beidh go leor ag súil go mbeidh Ray Lewis in ann an críoch ceart a chur ar a shaol gairmiúil peile.

CLG

Sraith Peile na mBan: Corcaigh Arís?

Gráinne McElwain

BEIDH an tSraith Peile Allianz i gComórtas na bhFear ag tosú an deireadh seachtaine seo agus, cé go bhfuil neart scríofa faoi sin, seans nach bhfuil a fhios agat ach go mbeidh peileadóirí na mBan ag cur chun páirce chomh maith chun tús a chur le babhta a haon den tSraith Náisiúnta s'acu féin.

Gan dabht, is é an cluiche i roinn a haon idir Muineachán agus Corcaigh in Inis Caoin, Muineachán, an choimhlint is mó a sheasann amach Dé Domhnaigh.

Fuair Muineachán an lámh in uachtar ar Chorcaigh i gCluiche Ceannais na Sraithe anuraidh ach bhain Corcaigh díoltas amach orthu sa Chraobh i gCluiche Leathcheannais na hÉireann agus d'éirigh leo a seachtú Craobh Uile Éireann a bhuachan.

Tá timpeall cúigear de na himreoirí móra le rá ó Chorcaigh idir dhá chomhairle an bhfanfaidh siad ag imirt leis an gcontae agus ba chóir go mbeadh cinneadh déanta acu faoi sin taobh istigh de choicís. F

eicfear 3 chluiche eile i Roinn a hAon: Dún na nGall sa bhaile in aghaidh Laoise, Maigh Eo agus Tír Eoghain ag imirt in aghaidh a chéile agus beidh Baile Átha Cliath sa bhaile in aghaidh na Mí.

Thuas don liathróid : Ciara O'Sullivan, Corcaigh, agus Sharon Courtney, Muineachán [PICTURE CREDIT: BRIAN LAWLESS / SPORTSFILE]

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 30 Eanáir, 2013

Ar an gclaí

Le John Allen

Ní fhacamar foireann cheart Jim McGuinness fós



Foireann Liatroma ag ceiliúradh le Corn FBD Chonnacht , nó mar a thugann siad féin air, "an chéad chorn ar bhain siad i mbliana, tar éis go raibh an bua acu ar Shligeach Dé Domhnaigh [PIC : DAVID MAHER / SPORTSFILE]

CHUIR an drochaimsir isteach ar cursaí traenála i lár na seachtaine seo caite. Ó thosaíos ar ais ag plé le foirne b'shin an chéad uair a cuireadh traenáil ar cheal de bharr oighir.

Mar sin, bhí oíche cois tine againn agus bhí sé ag teastáil ón chuid is mó des na himreoirí, go háirithe iad sin atá ag imirt leis na coláistí tríú leibhéal.

Cuireann sé iontas orm conas mar a fhreagraíonn siad gach máistir an t-am seo bliana.

Lean na comórtais peile agus iomána ar siúl thar an deireadh seachtaine. Bhí cúpla cluiche ar siúl i gCorn Chriostal Phort Láirge.

Rinne Luimneach an turas go dtí an tAonach chun tabhairt faoin fhoireann baile. Faraor, le sé fhóraoil dhéaga i gcoinne Thiobraid Árann atá ag dul go maith, theip orthu aon dul chun cinn a dhéanamh sa dara leath agus is iad na Tiobradaigh a bheidh ag tabhairt faoi scoláirí Institiúid Luimnigh an Domhnach beag seo.

Sa chluiche ceathrú ceannais eile, bhí Corcaigh rómhaith dos na scoláirí ó WIT agus thabharfaidh siad aghaidh ar an Chlár (a bhí buacach i gcoinne Ollscoil Luimnigh) sa chluiche leathcheannais. Seo cluiche maith don dá thaobh agus iad ag ullmhú don chéad babhta sraithe.

Ag casadh go dtí cúrsaí peile, cad é mar luach airgid atá le fáil i bPáirc an Chrócaigh an Satharn beag seo le dhá chluiche agus ceol i lár baill leis an ghrúpa 'Republic of Loose' agus an tsiamsaíocht go léir ar thrí Euro déag do dhuine fásta agus cúig euro do pháiste.

Sea, tosaíonn an tSraith Allianz an deireadh seachtaine seo leis an bhféasta peile seo i mBaile Átha Cliath. Cuirfear tús le cúrsaí le seaimpíní na hÉireann, Dún na nGall, ag dul chun páirce i gcoinne Chill Dara.

Ní fhacamar foireann cheart Jim McGuinness fós i mbliana mar gur chuir siad amach foireann óg i gCorn Mhic Cionnaith. Chríochnaigh a rás go luath sa chomórtas sin le léasadh de sheacht gcúilín déag ó Mhuineachán.

An Satharn seo, beidh cuid maith de laochra 2012 ag tosú agus súil ag an mbainistíocht go dtaispeánfaidh siad chuid den fhorm a bhí go soiléir i rith na bliana anuraidh.

Tá Mark McGowan, a bhí in easnamh le cúpla bliain, ar ais ar an phainéal agus an t-ógánach, Ryan McHugh, dearthár le Mark, ag fáil a chéad chuireadh chuig an leibhéal seo. Bhí McHugh, a d'imir faoi ocht déag anuraidh, thar barr le foireann Chill Charthaigh a bhuaigh an Chraobh Contae Mionúir in 2012.

Is dóigh nach bhfuil an t-uafás traenála déanta ag na Conallaigh (chaitheadar tamall thar sáile in Eanáir ar an saoire foirne a bhí tuillte acu ach fós níl aon dabht ach go mbeidh sé deacair iad a bhualadh.

Tá cuid mhaith déanta ag Chill Dara agus iad gnóthach i gCorn Uí Bhroin go dtí an Satharn seo caite. Agus cad é mar bhua a bhí acu i gcoinne Bhaile Átha Cliath in am breise i gcluiche ceannais an Chorn sin.

Bhí Tomás O'Connor ina laoch scórála sa tréimhse breise úd agus é ag cur cúl agus dhá chúilín ar chlár na scór. Tabharfaidh an bua sin anmhisneach dóibh ag dul isteach go dtí cluiche an tSathairn.

Sa cluiche eile, ní dóigh liom go mbeidh mórán idir na foirne. Tá chuid maith traenála déanta ag Corcaigh le cúpla mí anuas ach ní dóigh liom go raibh siad róshásta leis an taispéantas a thugadar i gcoinne Thiobraid Árann le déanaí.

Tá an mí-ádh ar Daniel Goulding arís i mbliana. Chaith sé achar fada gortaithe anuraidh agus anois tá an ghlúin ag cur isteach arís air agus é fógartha nach mbeidh sé le fáil don chéad cúpla cluiche sraithe.

Tá chuid maith cluichí imeartha ag Baile Átha Cliath, agus cé gur chaill siad an Satharn seo caite, níl aon dabht ach gur fhoghlaim an bainisteoir nua, Jim Gavin, chuid mhaith faoina imreoirí.

Ar an Domhnach déanfaidh seaimpíní nua Corn Mhic Craith, Ciarraí, an turas go Maigh Eo. Beidh bainisteoir nua na Ríochta, Eamonn FitzMaurice ag lorg na bpointí ina chéad cluiche sraithe agus is cinnte go mbeidh James Horan ag iarraidh cur leis an dul chun cinn suntasach a rinneadar anuraidh.

Ó thuaidh, rachaidh Tír Eoghan go dtí an Dún san oíche Dé Sathairn agus iad ar ardmhisneach i ndiaidh corn a thabhairt leo an Satharn seo caite.

I roinn a dó, cuirfidh Gaillimh fáilte roimh Dhoire ar Pháirc an Phiarsaigh ar an Domhnach.

Comhghairdeas le Liatroim a thug leo Corn FBD Chonnacht an Domhnach seo caite.

Ag fanacht le chúrsaí peile, d'imigh laoch peile eile ar shlí na fírinne an tseachtain seo caite. Bhí Kevin Heffernan, Baile Átha Cliath, ina imreoir agus ina bhainisteoir den chéad scoth.

Piocadh é ar fhoireann an chéid agus na mílaoise agus bhí sé ina bhainisteoir ar fhoireann na Dubs sna seachtóidí, nuair a bhí na cathanna iontacha úd acu i gcoinne fhoireann shármhaith Ciarraí. Suaimhneas síoraí dó.

Rugbaí

An bhfuil muid ar an bhóthar céanna leis an Bhreatain Bheag?

Gráinne McElwain

TÁ go leor scríofa agus ráite le seachtain faoi imreoir rugbaí Chúige Laighean, Jonathan Sexton. De réir na dtuairiscí, tá an chuma ar an scéal go mbeidh sé ag bogadh go Racing Metro 92 atá lonnaithe i bPáras na Fraince ag deireadh an tséasúir.

Dúirt Philip Browne, Príomhfheidhmeannach an IRFU, "tá an-díomá orainn nach mbeidh Jonathan ag imirt go lánaimseartha in Éirinn an séasúr seo chugainn". Luaigh cóitseálaí Laighean, Joe Schmidt, "tá díomá orm ach bhí an tairiscint anmhaith agus tuigim go raibh sé deacair aige an cinneadh a dhéanamh".

De réir cosúlachta, ní raibh an IRFU ábalta tairiscint chomh flaithiúil le Racing a chur ar an tábla do Sexton, conradh dhá bhliain ar fiú €1.5 milliúin é. Ár ndóigh níl aon ráiteas oifigiúil tagtha ó Racing Metro ná ó ghníomhaire Sexton, Fintan Drury, faoi seo.

An chúis atá leis sin nach bhfuil cead ag Racing tada a rá de réir le Ligue Nationale de Rugbaí sa Fhrainc, faoi imreoirí nua atá ag aistriú chucu go dtí go n-osclófar an margadh ar an 15 Aibreán. Bí cinnte go gcloisfidh muid tuilleadh ag an am sin.

B'fhéidir gurb é an rud is mó faoi seo ná go bhfuil duine de na himreoirí is fearr sa tír ag imeacht, den chéad uair, chuig ceann de na foirne is saibhre sa TOP 14 mar gheall ar chúrsaí airgid.

Tuigeann gach duine go bhfuil an t-airgead le fáil sa Fhrainc go háirithe nuair atá uinéirí chomh saibhir le Jacky Lorenzenti i gceannas. Is féidir le Toulon buiséad de €35 milliúin a chaitheamh an séasúr seo ar imreoirí agus tá €21.74 milliúin ag Racing Metro lena aghaidh.

Ní féidir le clubanna in Éirinn, i Sasana nó sa Bhreatain Bheag dul i gcomórtas leis seo agus is cúis imní é sin, go háirithe nuair atá deireadh ag teacht le conarthaí imreoirí ar nós Rob Kearney agus Cian Healy an séasúr seo agus Seán O'Brien agus Jamie Heaslip in 2014.

De réir cosúlachta, ní raibh an IRFU ábalta tairiscint chomh flaithiúil le Racing a chur ar an tábla do Sexton, conradh dhá bhliain ar fiú €1.5 milliúin é. Ár ndóigh níl aon ráiteas oifigiúil tagtha ó Racing Metro ná ó ghníomhaire Sexton, Fintan Drury, faoi seo.

Tá an Bhreatain Bheag atá tar éis fulaingt go mór mar gheall ar an phota airgid atá sa Fhrainc. Le cúpla bliain anuas, tá Mike Phillips, Huw Bennett, Aled Brew, Gethin Jenkins, James Hook, Luke Chateris, Paul James agus anois Jamie Roberts agus Dan Lydiate imithe chun na Fraince.

Ní amháin go bhfuil a lorg sin le feiceáil ar na réigiúin sa Bhreatain Bheag nach bhfuil ag feidhmiú go maith sa tSraith RaboDirect nó sa Chorn Heineken, ach ar an fhoireann idirnáisiúnta chomh maith. D'éirigh leis an Bhreatain Bheag an Grand Slam a bhuachan anuraidh, ach tá seacht gcluiche idirnáisiúnta as a chéile caillte acu ó shin. Dúirt Príomhfheidhmeannach an WRFU, Roger Lewis, go mbíonn clubanna sa Fhrainc ag faire creiche agus ag tarraingt as imreoirí na Breataine Bige ar nós píosaí feola.

Tá an chontúirt ann go dtarlóidh sé seo in Éirinn anois mar ní bhíonn ag aon imreoir ach seal imeartha agus i ndeireadh na dála tá sé thar a bheith deacair airgead mar seo a dhiúltiú.

Go dtí seo, bhí an IRFU ábalta brath ar dhílseacht na n-imreoirí dá mbaile agus dá tír agus an faoiseamh cánach gur féidir le himreoirí sa tír seo a fháil má chríochnaíonn siad a saol gairmiúil ag imirt anseo.

Deirtear nach raibh an IRFU sásta an conradh céanna atá ag Jamie Heaslip atá in ainm a bheith timpeall €450,000 in aghaidh na bliana a thabhairt do Sexton agus mhothaigh Sexton nach raibh aon rogha eile aige ach imeacht.

Tá sé thar a bheith deacair é a cháineadh agus seans maith go dtiocfaidh sé ar ais níos láidre mar imreoir de bharr a thaithí sa Fhrainc. Ar an drochuair, beidh níos mó cluichí le n-imirt aige sa Fhrainc ná mar a bheadh in Éirinn agus bhí deacrachtaí ag roinnt de na himreoirí ón Bhreatain Bheag am saor a fháil ó na clubanna chun traenáil leis an fhoireann idirnáisiúnta, ach seans maith go mbeadh sé sin mar chuid de na coinníollacha i gconradh Sexton.



Jonathan Sexton, Laighin [PIC : GARY DAY / SPORTSFILE]

Beidh sé ag pósadh i mí Iúil agus is deis iontach dó cultúr eile a bhlaiseadh agus níl ach moladh ag Johnny Wilkinson (Toulon) agus James Hook (Perpignan) as an chinneadh a rinne siad féin faoi.

Tá sé deacair a rá ag an phointe seo an n-osclófar na geataí agus go bhfeicfimid ár n-imreoirí ag fágáil diaidh ar ndiaidh ach tá tús curtha leis an phróiseas. Beidh sé thar a bheith suimiúil a fheiceáil cén tionchar a bheas aige seo ar chonradh Rob Kearney atá i mbun cainte leis an IRFU faoi láthair. Ní bheidh éinne ag iarraidh go mbeidh muid sa riocht céanna leis an Bhreatain Bheag, ach is deacair an euro a dhiúltiú nuair atá an oiread de ann.

Caithfidh Éire an Bhreatain Bheag a Bhualadh

Gráinne McElwain

CUIRFEAR tús le Comórtas na Sé Náisiún RBS an deireadh seachtaine seo le hÉire agus an Bhreatain Bheag ag casadh ar a chéile i Staid na Mílaoise. Seo cluiche ollmhór don dá fhoireann agus ní haon áibhéal é a rá gurb é seo an cluiche is tábhachtaí dóibh agus iad ar thóir na dtrí chraobh (Grand Slam). Anuraidh, chaill Éire an cluiche seo agus bhí deireadh tagtha leis an gcomórtas dóibh.

A mhalairt a bhí i gceist don Bhreatain Bheag. Bhuaigh siad an cluiche 23-21 agus Leigh Halfpenny ag aimsiú cic éirice deireanach sa chluiche, agus níor chaill siad aon chluiche ina dhiaidh sin sa chomórtas, a dtríú Grand Slam taobh istigh d'ocht mbliana.

Simon Zebo, Éire [PIC : STEPHEN MCCARTHY / SPORTSFILE]

Tá sé deacair a chreidbheáil nach bhfuil cluiche ar bith buaite ag an Bhreatain Bheag ó shin agus iad tar éis seacht gcluiche as a chéile a chailliúint faoi stiúir Rob Howley atá tagtha i gcomharbas ar Warren Gartland atá i gceannais ar na Leoin.

Tá scileanna Howley faoi mhionscrúdú mar sin agus tá Declan Kidney ag iarraidh go mbeidh comórtas maith ag na hÉireannaigh agus conradh s'aige ag teacht chun críche sa samhradh.

Gan dabht, níor chuidigh sé leis na hullmhúcháin anseo an méid cainte a déanadh faoi Brian O'Driscoll ag cailleadh a jab mar chaptaen ar fhoireann na hÉireann agus Jamie Heaslip tagtha ina áit, ná na ráflaí ar fad faoi Jonathan Sexton a bheith (nó gan a bheith) ag imeacht go Racing Metro.

Ach de réir na dtuairiscí, bhí seachtain iontach mhaith ag an fhoireann ag traenáil le chéile agus meon dearfach i dTeach Carton.

Níor éirigh le hÉirinn an Bhreatain Bheag a bhualadh ó mhí an Mhárta 2010, ach seo seans iontach dóibh. Tá an Bhreatain Bheag fíorlag sa dara líne agus cúigear de na himreoirí is mó atá acu in easnamh mar gheall ar ghortuithe. Níl Alun-Wyn Jones, Luke Chateris, Bradley Davis, Ian Evans nó Ryan Jones ar fáil agus ní bheidh an Bhreatain Bheag in ann an méid úsáide a bhaint as an chlibirt agus a rinneadh anuraidh.

Ba chóir go bhfeicfimid níos mó ciceála don liathróid fhada, plean chun na hÉireannaigh a chasadh timpeall ag an bhriseadh síos.

Níor éirigh le hAndrew Trimble áit a fháil sa phainéal agus tá rogha fairsing ag Kidney don chliathán le leithéidí Simon Zebo, Craig Gilroy, Luke Fitzgerald, Keith Earls agus Fergus McFadden ar fáil, gan trácht ar Tommy Bowe nach bhfuil ar fáil mar gheall ar ghortú. Am cinniúnach mar sin do fhoireann na hÉireann sula dtugann siad aghaidh ar Shasana i Staid an Aviva.

Seo chugainn an tSraith

Labhair **Cillian Ó Conchúir** le ceathrar bainisteoirí maidir leis an tsraith náisiúnta peile

Laighin: Jim Gavin (Baile Átha Cliath)

TAGANN Gavin isteach mar bhainisteoir nua na Príomhchathrach agus tar éis dóibh teipeadh i gcoinne Mhaigh Eo sa cluiche leathcheannais anuraidh, is mór an dúshlán atá i ndán dó.

"Tá brú ann i gcónaí ar bhainisteoir agus ar imreoirí Bhaile Átha Cliath chun taispeántais a thabhairt. Idirthréimhse í seo dúinn faoi láthair. Níl aon áit deimhnithe. Bhí an-chuid ratha ar an foireann seo le cúpla bliain ach tá sé sin sa stair. Táimid ag tnúth leis an tSraith Allianz, agus leis an gCraobhchomórtas agus tá gach áit ann le líonadh."

Le Alan Brogan gortaithe, beidh an-chuid den ualach ar Bernard Brogan chun an fhoireann a iompar leis na scóir, agus imreoirí nua á dtabhairt isteach ag Gavin.

Le cluiche i gcoinne Chorcaigh i bPáirc an Chrócaigh ag Gavin, ní mór dó tús maith a fháil.

"Tá an taithí céanna acu (Corcaigh) agus atá ag aon imreoir as Baile Átha Cliath atá tar éis imirt i bPáirc an Chrócaigh. Dá bharr, níl aon bhuntáiste i gceist dúinne, ach is deis iontach é d'imreoirí chun dul amach agus tionchar a bheith acu ar an gcluiche agus troid ar son áite a bhéas ann níos déanaí sa séasúr."

"Caithfidh tú féachaint ar na himreoirí atá agat, na láidreachtaí atá acu agus iarracht a dhéanamh na láidreachtaí sin a chur chun cinn. Ag an am céanna caithfidh tú súil a choimeád ar an bhfreasúra agus na láidreachtaí nó na laigí atá acu sin chun úsáid a bhaint astu chun iad a bhualadh."

Ulaidh: James McCartan (An Dún)

TAR éis dóibh cliseadh sa babhta ceathrú ceannais de Chraobh na hÉireann i gcoinne Mhaigh Eo, tá an Dún ar ais chun cúrsaí a chur ina gceart i mbliana, ach dar le James McCartan, ní beag an dúshlán atá i ndán dóibh.

"Seo an Roinn a hAon is deacra ón uair a thosaigh mé ag imirt, siar in 1990. Nílim tar éis a leithéid a fheiceáil ó shin agus ní bheidh aon áit ann chun dul i bhfolach. Ba mhaith leat níos mó ama amach ón bpáirc imeartha toisc go bhfaigheann tú na himreoirí ar ais ach laistigh d'achar gairid tá an tsraith ag tosú agus tá dainséir go mbeadh an iomarca traenála á dhéanamh chun iad a ullmhú."

Deirtear gach aon séasúr go mbeidh an Dún ag snámh in aghaidh eas an dícháilithe agus dar le McCartan níl mórán daoine ag ceapadh go mbeidh difríocht ann i mbliana.

"An phríomhaidhm atá againn ná dícháiliú a sheachaint i Roinn a hAon. Táthar ag súil go mbeimid mar is gnách. Is eachtra bliantúil é sin anois. Tá roinnt imreoirí in easnamh (Danny Hughes, Dan Gordan agus Ambrose Rogers) do thús na sraithe ach níl aon leithscéil ann. Má bhímid i measc na bhfoirne a bheidh chun tosaigh ar deireadh athróidh an aidhm dá réir."

Tá foireann McCartan ag teacht ar aghaidh agus le Paul McComiskey fillte ó bliain thar lear agus imreoirí óga cosúil le Connaire Harrison ag teacht chun cinn, tá cuma mhaith ar an Dún, cé go cuireann na gortuithe as do McCartan.

"Dá mbeadh na himreoirí idirchontae fillte, bheadh deis níos fearr againn."



Éamonn Fitzmaurice (Ciarraí)

CÉ go n-athraíonn rud nó dhó i gCiarraí - séasúr nua, bainisteoir nua, imreoirí nua - ní athraíonn ionchais an lucht tacaíochta riamh. Agus Éamonn Fitzmaurice ag díriú ar a chéad shéasúr sa phost is mó sa Ríocht, tuigeann sé gur gá cur leis an rath atá faighte aige go dtí seo.

"Tá buataisí móra le líonadh," a deir Fitzmaurice faoi áit Jack Ó Conchúir a thógáil.

I gCiarraí, bíonn daoine ag súil lena lán. Beimid féin ag súil lena lán agus, mar a deirim, beimid á tógáil cluiche ar chluiche agus beidh a fhios againn i lár an tsamhradh conas atá rudaí ag dul."

Tá Corn Mhic Craith buaite aige, comórtas inar thriail sé an-chuid imreoirí, ach leis na Crócaigh fós i gCraobh Clubanna na hÉireann, beidh roinnt mhaith imreoirí in easnamh ar ó Fitzmaurice, do leath na sraithe nach mór.

"Tá sé deacair. Is dúshlán é nuair atá imreoirí atá ag teastáil uait ag imeacht.

Sin cuid den scéal agus tugann sé seans do daoine eile. Is dócha go bhfuil sé deacair ar na himreoirí féin mar go bhfuil siad ag féachaint an bhfuil Ciarraí ag dul ar aghaidh agus iad dírithe ar chomórtas difriúil."

Mar sin, tá Fitzmaurice ag tnúth le himreoirí nua a chaitheamh isteach cé go bhfuil seans nach mbeidh siad réidh. Ach sin scéal bainisteora idirchontae.

"Tá sé deacair a rá go fóill (má tá an doimhneacht ann). Táimid ag triail an-chuid leaids nua agus an plean atá againn ná leaids nua a thriail sa tsraith agus ansin má théann rudaí i gceart tá súil againn go mbeidh painéal láidir againn faoin am a dtosaíonn Craobh na Mumhan."

Alan Mulholland (Gaillimh)

IS beag a léirigh Gaillimh tar éis dóibh Ros Camáin a chloí i gCraobh Chonnacht anuraidh. Ach, leis an bpeil fillte, filleann an t-ionchas san iarthar i dtaobh na bpeileadóirí.

Ach d'Alan Mulholland agus an lucht bainistíocht, bhíodar dírithe ar an tSraith ó díbríodh iad ó Chraobh na hÉireann 2012 "Ón nóiméad a chríochnaigh an Craobhchomórtas, tá tú ag breathnú i dtreo na bliana seo chugainn.

Tá d'aigne ag rásaíocht i dtaobh gnéithe ba mhaith leat a chur ina gceart, ach ní fhaigheann tú na himreoirí go dtí deireadh an bhaic thraenála agus tá frustrachas ag baint leis sin. Ach tógann sé suas d'am go léir nuair a cuirtear as Craobh na hÉireann tú."

Tá ábhar dóchais ann do Mulholland go beidh Michael Meehan ar ais, cé go ndeir sé nach bhfuil na gortuithe curtha dó aige go fóill. An chéad aidhm a bhéas ag Mulholland ná a fhoireann a ardú ó Roinn a Dó, ach is mór an dúshlán atá ansin dó.

"Teastaíonn ó gach bainisteoir agus gach foireann dul suas go Roinn a hAon chun imirt i gcoinne na bhfoirne is fhearr. Teastaíonn uait i gcónaí an grád is airde a bhaint amach chun imreoirí a fhorbairt, ach bhí sé mar aidhm ag an Mhí anuraidh. Tar éis cúpla cluiche bhí siad ag dul go maith, ach dícháilíodh iad ar deireadh."

"Braitheann sé ar cé chomh maith is atáimid tar éis dhá cluiche nó trí sa tSraith agus má bhímid thuas gar don bharr. Is beag nár bhaineamar Roinn a hAon amach anuraidh agus bheadh sé iontach é a bhaint amach i mbliana, ach tá géariomaíocht ann."